# Cultúr:
# Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúir 2016-2020

Comhairle Contae Dhún na nGall

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council
















2016: Curtha i dtoll a chéile agus eagraithe ag Terre Duffy Uasal, Bainisteoir Acmhainní Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall

Dearadh agus Leagan Amach: Big Fish Design, Doire

Ní cheadaítear aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, i bhfoirm ar bith, gan cead i scríbhinn ón bhfoilsitheoir.

ISBN 978-0-9556567-8-1





# Clár Ábhar

Réamhfhocal 2

Réamhrá 4

Achoimre Feidhmiúcháin 6

Acrainmneacha 8

Cuid 1: Tuairisc ar Sheirbhísí Cultúir 10

Cuid 2: Athbhreithniú gearr ar an méid a baineadh amach mar thoradh ar Cultural Connections 2009-2015 20

- Músaem Contae Dhún na nGall 21
- An tSeirbhís Leabharlainne 27
- An Oifig Ealaíon 35
- An tSeirbhís Cartlainne 42
- An tIonad Cultúrtha Réigiúnach 49
- Oifig Oidhreachta an Chontae 55
- Oifig Ealaíne Poiblí 62

Cuid 3: Beartas agus Comhthéacs Reachtach 68

Cuid 4: Ráiteas Straitéiseach 79

Cuid 5: Clár Caipitil / Plean Infrastruchtúir 102

Cuid 6: Cás-Staidéir 114

- Músaem Contae Dhún na nGall 116
- An tSeirbhís Leabharlainne 118
- An tSeirbhís Ealaíon 121
- An tSeirbhís Cartlainne 123
- An tIonad Cultúrtha Réigiúnach 125
- Oifig Oidhreachta an Chontae 128
- Oifig Ealaíne Poiblí 131

Aguisíní

1: Féilte agus imeachtaí arna gcur ar fáil/arna dtacú ag Seirbhísí Cultúir 134

2: Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí 136

3: Táscairí na Seirbhíse Leabharlainne 137

4: Mapa d'infrastruchtúr Seirbhísí Cultúir 138

# Réamhfhocal

Is foinse lena mbaineann mórtas ollmhór atá i gcultúr uathúil agus éagsúil Chontae Dhún na nGall. Tá ár gcontae agus an cultúr fite fuaite ina chéile. Is fórsa atá ann a thógann an uile dhuine san áireamh agus atá ag forbairt agus a chuidíonn linn muid féin a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar cé muid féin mar dhaoine atá nua-aimseartha, ach traidisiúnta agus difriúil.

Trínár gcuid ealaíona, leabharlanna, teanga agus oidhreacht, taispeánaimid contae ag a bhfuil glór uathúil Cultúir. Creidimid gur chóir go mbeadh an glór seo le cloisteáil go hard, go soiléir agus go muiníneach ar fud sléibhte agus lochanna Dhún na nGall, ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.

Lenár gcultúr, teanga, na healaíona, leabharlanna agus oidhreacht i gContae Dhún na nGall a chur chun chinn agus gnéithe nua Cultúir agus gnéithe atá ann cheana a spreagadh ionas go mbeidh rath orthu, ní mór dúinn a bheith uaillmhianach agus fís a leagan amach don am atá romhainn.

Leagtar amach i gCultúr: Fís Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall 2016-2020 an fhís seo go soiléir.

Is bliain speisialta atá sa bhliain seo in Éirinn. Is am atá ann le machnamh a dhéanamh ar cad a spreag na daoine siúd a rinne iarracht Éire nua a bhunú 100 bliain ó shin. Táimid in ann féachaint chun cinn arís le muinín nua geilleagrach i dtreo fís chultúir a dhéanann iarracht cur lenár bhforbairt chultúir do na blianta atá amach romhainn.

Faoin mbliain 2020, teastaíonn uainn clú Dhún na nGall mar cheannaire sa chultúr a threisiú trínár dtiomantas an cultúr a fhorbairt. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur ionann infheistíocht sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae atá níos folláine, níos rathúla, agus níos iomláine.

Seamus Neeely An Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall

.............................................................

Terence Sowley Cathaoirleach, Comhairle Contae Dhún na nGall



*Limpets* Limpets leis an Ealaíontóir Grace Weir, Bun Dobhráin
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Faoin mbliain 2020, teastaíonn uainn clú Dhún na nGall mar cheannaire sa chultúr a threisiú trínár dtiomantas an cultúr a fhorbairt. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur ionann infheistíocht a dhéanamh sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae atá níos folláine, níos rathúla, agus níos iomláine.

Seamus Neely

Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall

# Réamhrá

Tarlaíonn imeachtaí suntasacha gach uile deich mbliana, agus níl dabht ar bith ann nach é an cúlú eacnamaíochta is mó a sheasann amach sna deich mbliana seo caite agus an tionchar a bhí ag an gcúlú sin ar phoist ar fud gach leibhéal den tsochaí. Bhí tionchar ag an ngéarchéim eacnamaíochta ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí ar ghnó agus ar institiúidí. Ach mar sin féin, is é nádúr an duine a bheith dóchasach agus is léir go bhfuil cor chun feabhais ann i láthair na huaire. Agus cuirimid ar Straitéis Seirbhísí Cultúir i láthair i gcomhthéacs an dóchais sin.

Tá soláthar Seirbhísí Cultúir mar príomhréimse gníomhaíochta do Chomhairle Chontae Dhún na nGall ó thaobh cur leis an gcaighdeán saoil is fearr is féidir do phobal Dhún na nGall agus an t-eispéireas is fearr is féidir dár gcuairteoirí.

Cuirfidh Rannán na Seirbhísí Cultúir leis an méid atá bainte amach aici ó thaobh soláthar seirbhíse trí fheabhas agus leasú a dhéanamh ar a cuid seirbhísí croíláir mar fhreagra ar fhorbairtí san earnáil, deiseanna nua agus athruithe ar éilimh agus í ag freagairt do na hathruithe seo. Déanfar forbairt ar chláir agus ar sheirbhís nua freisin. Cuirfidh an straitéis seo bunús ar fáil do na pleananna oibre go léir laistigh de Sheirbhísí Cultúir i nDún na nGall.

Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall go rachaidh cur chun cinn a dhéanamh ar agus tacaíocht a thabhairt do na healaíona, don chultúr, don oidhreacht agus don teanga chun leasa dár sochaí, dár ngeilleagar agus dár n-aitheantas náisiúnta, ag baile agus thar lear araon. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall freisin go raibh sé seo ar cheann de na láidreachtaí is seasmhaí a bhí againn agus a bheidh againn i gcónaí. Cabhraíonn ár gcultúr le hómós áite, saoránachta agus mórtas áite níos fearr a chruthú.

Dá bhrí sin, creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gurbh ionann infheistíocht a dhéanamh sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae atá níos folláine, níos rathúla, agus níos iomláine agus sa chomhthéacs seo atá an straitéis seo curtha i dtoll a chéile go machnamhach againn. Déanfaimid ceiliúradh thar an chéad cúig bliana atá amach romhainn ar líon éachtaí agus laethanta breithe, lena n-áirítear an 10ú bliain den Ionad Cultúir Réigiúnach, an 30ú bliain den Mhúsaem Contae agus Seirbhís Ealaíona Dhún na nGall sa bhliain 2017 agus an 20ú bliain de na Seirbhísí Cartlainne sa bhliain 2019.

Tar éis roinnt blianta a bhí thar a bheith deacair sa tír seo, tá cuma na féidearthachta agus an dul chun cinn ar an tír arís agus is sa chomhthéacs seo a chuirimid an léarscáil straitéiseach seo dar teideal Cultúr i láthair. Tá tírdhreach Cultúir leathan a bhfuil forbairt mhaith déanta air i nDún na nGall cheana féin, ach is é cuspóir na straitéise seo gníomhartha a aithint agus a chur i bhfeidhm le forbairt agus láidriú a dhéanamh air seo agus glacfaidh Seirbhísí Cultúir Comhairle Contae Dhún na nGall an phríomhpháirt uirthi féin. Leagan an Straitéis seo amach:

- Cad a dhéanann Seirbhísí Cultúir
- Athbhreithniú ar an méid atá bainte amach againn ón mbliain 2009
- An comhthéacs beartais agus reachtaíochta ina n-oibríonn Seirbhísí Cultúir
- Léarscáil maidir lenár bhfís thar na chéad cúig bliana eile atá amach romhainn.

Is ar bhonn fadtéarmach agus físeach atá formhór na gníomhaíochta a shamhlaítear sa straitéis agus tá sé neadaithe laistigh d'obair mhór ar an talamh atá leanúnach a bhfuil tús curtha léi cheana féin nó a bhfuil seachadadh déanta ag na soláthróirí Cultúir éagsúla uirthi cheana féin, go neamhspleách nó ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall. Tá fís agus gníomh comhordaithe atá ceangailte ríthábhachtach ó thaobh leas a bhaint as cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht ár n-acmhainní Cultúir.

Tugann an straitéis seo mionsonraí maidir leis na gníomhartha a bhfuil Rannán Seirbhísí Cultúir, Comhairle Contae Dhún na nGall le tabhairt fúthu le cothabháil agus feabhas a chur ar a soláthar seirbhíse leanúnach laistigh den chontae agus a comhpháirtíochtaí leanúnach le geallsealbhóirí eile faoi na sé cheannteideal lárnach nó na spriocanna seo a leanas:

1. Rannpháirtíocht Pobail

   Déanann luach bunúsach an chultúir agus an smaoineamh go mbaineann an uile dhuine atá ag maireachtáil agus a thugann cuairt ar Dhún na nGall taitneamh as eispéireas cultúir ardchaighdeáin sa chontae, spreagadh ar Sheirbhísí Cultúir. Teastaíonn uainn cur le feasacht ar an raon seirbhísí agus eispéireas atá ar fáil i leabharlanna poiblí, sna healaíona agus san oidhreacht agus cur le rannpháirtíocht an phobail.

2. Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Uilechuimsitheacht Shóisialta

   Leanfaidh na Seirbhísí Cultúir lena dtiomantas do ghníomhartha agus do thionscadal atá ar ardchaighdeán, atá comhoibríoch agus dírithe ar an bpobal ag a bhfuil athruithe sóisialta i gcroílár na hoibre. Is í an bhunbhrí atá leis seo ná an tiomantas d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus do chleachtas Rannpháirtíocht Shóisialta. Tá an chuid is mó de na himeachtaí agus de na tacaíochtaí le fáil saor in aisce.

3. Ag tabhairt Tacaíochta d'Ealaíontóirí agus d'Eagraíochtaí Ealaíona

   Spreagann agus léiríonn obair ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona rithim an ghnáthshaoil chomh maith le himeachtaí móra an tsaoil phoiblí. Tá an cumhacht chruthaitheach tábhachtach agus saintréitheach seo mar ghné ríthábhachtach dár bhfeasacht agus táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do agus forbairt a dhéanamh ar obair ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona.

4. An Oidhreacht Chultúir a Chaomhnú agus a Chur Chun Cinn

   Oibrímid le hoidhreacht na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú do na glúine atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo mar go dtuigimid má tá an oidhreacht sin imithe, go bhfuil cailliúint i gceist nach féidir a leigheas ná a dheisiú. Leanfaidh na Seirbhísí Cultúir lena dtiomantas do chothabháil a dhéanamh air agus feabhas a chur ar chaighdeán ár n-oidhreacht nádúrtha, tógtha agus Cultúir agus áirítear an Ghaeilge ansin.

5. Ag Cur leis an gCaidreamh le Geallsealbhóirí agus le Comhpháirtithe

   Táimid tiomanta d'fhorbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le seachadadh a dhéanamh ar chomhspriocanna Cultúir agus do dheiseanna nua a lorg ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, trasteorann, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

6. Seirbhísí Cultúir Inbhuanaithe atá ar Ardchaighdeán

Teastaíonn uainn clú Dhún na nGall mar cheannaire sa chultúr a threisiú trínár dtiomantas an contae a fhorbairt. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur ionann infheistíocht sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae atá níos folláine, níos rathúla, agus níos iomláine.

Tá an clár caipitil agus na pleananna infrastruchtúir atá beartaithe leagtha amach i gCuid 5.

Eileen Burgess

Eileen Burgess

Leabharlannaí Contae/Bainisteoir Rannóige Seirbhísí Cultúir

# Achoimre Fheidhmeannach


Is foinse lena mbaineann mórtas ollmhór atá i gcultúr uathúil agus éagsúil Chontae Dhún na nGall. Tá ár gcontae agus an cultúr fite fuaite ina chéile. Is fórsa atá ann a thógann an uile dhuine san áireamh agus atá ag forbairt agus a chuidíonn linn muid féin a léiriú agus ceiliúradh a dhéanamh ar cé muid féin mar dhaoine atá nua-aimseartha, ach traidisiúnta agus difriúil.

Lenár gcultúr, teanga, na healaíona, leabharlanna agus oidhreacht i gContae Dhún na nGall a chur chinn agus a chosaint agus le cineálacha cultúir nua agus cultúir atá ann cheana a spreagadh ionas go mbeidh rath orthu, ní mór dúinn a bheith uaillmhianach agus fís a leagan amach don am atá romhainn.

Tá athrú thar na bearta tagtha ar an rialtas áitiúil in Éirinn le blianta beaga anuas. Tá tiomantas Chomhairle Chontae Dhún na nGall fós seasmhach, áfach, don Chultúr agus d'Fhorbairt Chultúir agus is cor chun feabhas atá tagtha air sin ó thaobh treisiú a dhéanamh ar ár dtiomantas mar atá leagtha amach i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Dhún na nGall 2016-2022 áit a bhfuil luacháil, cothú agus forbairt déanta ar ár gcultúr agus ar ár n-acmhainní cruthaitheach mar cheann de na seacht sprioc thosaíochta.

Faoin mbliain 2020, teastaíonn uainn clú Dhún na nGall mar cheannaire sa chultúr a threisiú trínár dtiomantas an cultúr a fhorbairt. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur ionann infheistíocht sna healaíona, sa chultúr, san oidhreacht agus sa teanga agus tiomantas do chontae atá níos folláine, níos rathúla, agus níos iomláine.

Tá Seirbhísí Cultúir Comhairle Contae Dhún na nGall mar shamhail uathúil seachadta in Éirinn, comhdhéanta de Sheirbhís Leabharlainne, Seirbhís Ealaíon, Ionad Réigiúnach Cultúir,




Cónaitheacht Cheoil Altan
www.donegalpublicart.ie
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Músaem Dhún na nGall, Seirbhís Chartlainne, Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus ról tacaíochta Acmhainní Cultúir comhlántach. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta do luach a chur ar na healaíona agus ar an gcultúr ó thaobh a bheith lárnach don saol sibhialta agus do chontae ina bhfuil ár bpobail ag baint taitneamh as na nithe sin. Chuige sin, tá Rannpháirtíocht Pobail mar an chéad sprioc de chuid na straitéise.

Leanfaidh na Seirbhísí Cultúir lena dtiomantas do ghníomhartha agus do thionscadal atá ar ardchaighdeán, atá comhoibríoch agus dírithe ar an bpobal ag a bhfuil athruithe sóisialta i gcroílár na hoibre. D'fhéadfadh sé go n-áireodh siad sin, ach nach mbeadh siad teoranta d'uilechuimsitheacht, sláinte, meabhairshláinte agus folláine, cruthaitheacht i ndaoine scothaosta agus mar sin de mar sin tá Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Uilechuimsitheacht Shóisialta mar theideal ar an dara sprioc seo.

Spreagann agus léiríonn obair ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona rithim an ghnáthshaoil chomh maith le himeachtaí móra an tsaoil phoiblí. Tá an cumhacht chruthaitheach tábhachtach agus saintréitheach seo mar ghné ríthábhachtach dár bhfeasacht agus táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do agus forbairt a dhéanamh ar obair ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíona trínár dtríú sprioc.

Oibrímid le feasacht, meas agus taitneamhacht a spreagadh in oidhreacht Dhún na nGall. Teastaíonn uainn oidhreacht na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú do na glúine atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo mar go dtuigimid má tá an oidhreacht sin imithe, go bhfuil cailliúint i gceist nach féidir a leigheas ná a dheisiú. Leanfaidh na Seirbhísí Cultúir lena dtiomantas do chothabháil a dhéanamh air agus feabhas a chur ar chaighdeán ár n-oidhreacht nádúrtha, tógtha agus Cultúir agus áirítear an Ghaeilge ansin agus tá gníomhartha sonracha leagtha amach againn sa cheathrú sprioc.

Táimid tiomanta d'fhorbairt a dhéanamh ar chomhpháirtíochtaí le seachadadh a dhéanamh ar chomhspriocanna Cultúir agus do dheiseanna maoinithe nua a lorg ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, trasteorann, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus aithníonn an cúigiú sprioc na bealaí réadúla inar féidir é sin a bhaint amach.

Teastaíonn uainn clú Dhún na nGall mar cheannaire sa chultúr agus i Seirbhísí Cultúir a threisiú ag leibhéal údarás áitiúil trínár dtiomantas an cultúr a fhorbairt agus tá raon cuimsitheach agus uaillmhianach gníomhartha leagtha amach againn a dhéanfaidh iarracht cothabháil a dhéanamh ar sheirbhísí inbhuanaithe ar ardchaighdeán agus tá sé leagtha amach againn sa séú sprioc conas mar a bhainimid amach é sin.

Tá infrastruchtúr Cultúir Comhairle Contae Dhún na nGall leagtha amach i gCuid 5 den straitéis seo, chomh maith le tionscadail chaipitil nua atá nuálach agus spreagúil d'fhorbairt amach anseo. Nuair a thógtar méid líonra pointí seirbhíse na Comhairle san áireamh, a shíneann ar fud an chontae, tá an tábhacht a bhaineann le hathchóiriú agus cothabháil a dhéanamh ar na sócmhainní atá ann cheana féin leagtha amach freisin.

Trínár gcuid ealaíona, leabharlanna, teanga agus oidhreacht, taispeánaimid contae ag a bhfuil glór uathúil Cultúir. Creidimid gur chóir go mbeadh an glór seo le cloisteáil go hard, go soiléir agus go muiníneach agus ar fud sléibhte agus lochanna Dhún na nGall, ar fud na hÉireann agus ar fud an domhain.



Altan Music Residency (www.donegalpublicart.ie) ( Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Acrainmneacha

CDB: Bord Forbartha Contae

ETB: Bord Oideachais agus Oiliúna

GAA: Cumann Lúthchleas Gael

HSCL: Teagmháil Bhaile, Scoile agus Phobail

HSE: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

LEO: Oifig Fiontair Áitiúil

IFI: Foras Scannán na hÉireann

IMMA: Áras Nua-Ealaíne na hÉireann

LYIT: Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

NOAC: An Coimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

NS: Scoil Náisiúnta

OPW: Oifig na nOibreacha Poiblí

PMDS: Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

PSC: Ionad Seirbhísí Poiblí

RCC: Ionad Réigiúnach Cultúir

RDS: Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath

READ LK/ READ DL: READ Leitir Ceanainn / READ Dhún na nGall

RFID: Aitheantas Radaimhinicíochta

SCP: Clár Críochnaithe Scolaíochta

VEC: Coiste Gairmoideachais




Seoladh 21 Bliain den Ealaíon Phoiblí ag RCC 2013 (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Dealbhóireacht leis an Ealaíontóir Fred Conlon (RIP), an Scéim Per Cent for Art, Béal Átha Seanaidh
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Cuid 1: Cur Síos ar Sheirbhísí Cultúir



- Príomh Leabharlann Leitir Ceanainn
- 8 Leabharlann Phobail
- 4 Leabharlann Bhrainse
- 9 Láithreán Taobh Tíre
- Leabharlann Taistil (Arna roinnt le Leabharlanna TÉ)

- Seirbhís Ealaíon an Chontae
- An tIonad Cultúir Réigiúnach
- Oifig Ealaíne Poiblí
- Féile Ealaíon na hAragala
- Amharclann an Ghrianáin

- Seirbhís Músaeim an Chontae
- Seirbhís Cartlainne an Chontae
- Oifig Oidhreachta an Chontae



*Flight of the Earls Sculpture*
Dealbhóireacht leis an Ealaíontóir John Behan, Ráth Maoláin (Grianghraf: Paul Mc Guckian)





# Cur Síos ar Sheirbhísí Cultúir

Soláthraíonn Rannán Seirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall seirbhísí don phobal ar fud trí réimse leathana de Leabharlanna, Ealaíona agus Oidhreacht agus oibríonn laistigh de sheacht roinn speisialaithe de sholáthar seirbhíse

- Leabharlanna Poiblí
- Seirbhís Ealaíon an Chontae
- An tIonad Cultúir Réigiúnach
- Ealaíona Poiblí
- Músaem an Chontae
- Cartlann an Chontae
- Oifig Oidhreachta an Chontae

Oibríonn na Seirbhísí Cultúir go dlúth freisin le Ranna eile i gComhairle Contae Dhún na nGall, lena n-áirítear, Oifig na Gaeilge, an Oifig Scannánaíochta, an Oifig Fiontair Áitiúil, an Oifig Forbartha Táirge Turasóireachta agus Margaíochta agus Tionscadal Diaspóra Dhún na nGall.

D'áirigh an buiséad ar ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall leis sa bhliain 2016, €5,826,464 do Sheirbhísí Cultúir (€4,612,121 caiteachas ioncaim agus €1,214,343 do thacaíocht seirbhíse).

# Leabharlanna

Cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall líonra leabharlanna ar fáil mar spásanna Cultúir chun deiseanna a chruthú agus chun cur le saol an phobail. Cuireann Leabharlanna mórtas, muinín agus aitheantas ar fáil maidir leis an gcultúr áitiúil agus náisiúnta chomh maith leis an eacnamaíoch a spreagadh trí fhoghlaim agus trí chruthaitheacht. Déanann an Chomhairle iarracht, trí leabharlanna nua-aimseartha agus seirbhísí eolais a sholáthar, freastal ar an riachtanas d'oideachas ginearálta, eolas agus caitheamh aimsire, chun tacaíocht a thabhairt do thóraíocht eolais, agus le freastal ar spéis an phobail sa léitheoireacht agus sna healaíona.



Girls from Loreto Convent School, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Libraries are a resource for Information & Learning, Culture & Imagination and people of all ages.

Is foinse Eolais agus Foghlama, don Chultúr agus don tSamhlaíocht agus do Leanaí agus do Dhaoine Óga, atá ann.

Tá líonra leabharlanna bunaithe ag an gComhairle ar fud an chontae, leis an bPríomhleabharlann i lár an aonaigh, agus 8 leabharlann phobail (Bealach Féich, Bun Cranncha, Bun Dobhráin, Carn Domhnach, Gaoth Dobhair, Leifear, Baile na nGallóglach, agus na Rosa; agus 4 Leabharlann Bhrainse (Béal Átha Seanaidh, Baile Dhún na nGall, Bun an Phobail agus Ráth Bhoth) ar fud an chontae. Cuireann pointí for-rochtana pobail Taobh Tíre agus Leabharlann Taistil Trasteorann leis an líonra seo. Tá mionsonraí maidir lenár seirbhísí leabharlainne go léir le fáil ar líne ag www.donegallibrary.ie.

Chomh maith le seirbhísí leabhair ar iasacht a sholáthar, cuirtear raon seirbhísí eile ar fáil freisin tríd an líonra leabharlanna, lena n-áirítear:

- Seirbhísí do Leanaí
- Seirbhísí Idirlín/WIFI
- Seirbhísí eolais agus tagartha
- Seirbhísí tacaíochta litearthachta
- Seirbhísí a chuireann sláinte agus folláine chun cinn
- Seirbhísí leabharlainne ar líne
- Ionad Eolais Europe Direct
- Clár bliantúil d'imeachtaí ar fud an chontae
- Seirbhísí staire áitiúil agus teaghlaigh

# An tSeirbhís Ealaíon

Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon i gcomhpháirtíocht le raon leathan grúpaí ealaíona, leasa oideachais, grúpaí pobail agus líonraí agus le gníomhaireachtaí forbartha le treisiú a dhéanamh ar earnáil ealaíona áitiúil chun cur le agus rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona a shaibhriú. Feidhmíonn an tseirbhís clár oibre agus coimisiúin nua rathúil, a dhíríonn, go príomha, ar chur chun cinn ealaíontóirí gairmiúla atá lonnaithe go háitiúil.

Thionscain Comhairle Contae Dhún na nGall Féile Ealaíon na hAragala sa bhliain 1989 agus tá an fhéile á riaradh go neamhspleách anois ag Cuideachta Bainistíochta Fhéile Ealaíne an Earagail Teo, déantar an fhéile a reáchtáil ar fud Tuaisceart agus Iarthar Dhún na nGall i lár mhí Iúil; is ionann an Fhéile agus ceiliúradh bliantúil príomha ildisciplíneach an Iarthuaiscirt. Is iad Comhairle Contae Dhún na nGall, an Chomhairle Ealaíon, Fáilte Éireann agus Ealaín na Gaeltachta na príomh-mhaoinitheoirí.

Osclaíodh Amharclann an Ghrianáin don phobal i mí Deireadh Fómhair 1999. Tá an tsaoráid faoi úinéireacht agus páirt-mhaoinithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall agus déanann an Letterkenny Theatre Management Co. Ltd an amharclann a bhainistiú thar ceann na Comhairle. Chuir an amharclann imeachtaí ar fáil do lucht féachana de os cionn aon mhilliún duine ar fud Dhún na nGall agus lasmuigh. Bhain na mílte eile taitneamh as léiriúcháin intí na hamharclainne féin a thugann turas ar fud na tíre agus ar Thuaisceart Éireann ar bhonn rialta.



Compántas LUXe Landscape Theatre (Griangraf: Mark Louden)



## An tIonad Cultúir Réigiúnach, Leitir Ceanainn

Tá foirgneamh an Ionaid Cultúir Réigiúnach, a bhain duaiseanna amach agus atá deartha ag MacGabhann Architects, ar cheann de na saoráidí ealaíne is breátha sa tír. Shonraigh athbhreithniú mór san Irish Times "go gcuireann an foirgneamh nua ealaíne i Leitir Ceanainn ar díol suntais é, Dún na nGall i gcomhthéacs idirnáisiúnta seachas a bheith ar an imeall". Is í fís Chomhairle Chontae Dhún na nGall don Ionad Réigiúnach Cultúir (RCC), stiúradh a dhéanamh air agus cúnamh a thabhairt le forbairt chultúir i gContae Dhún na nGall agus lasmuigh de Dhún na nGall agus cúnamh a thabhairt le forbairt níos leithne sa Chontae tríd an gcultúr. Is iad na príomhréimsí cláir, na hamharc-ealaíona, ceol, scannáin, agus na meáin dhigiteacha agus oideachas/ealaín phobail. Tá clár atá thar a bheith lán agus atá ar ardchaighdeán eagraithe ag an Ionad ó osclaíodh é sa bhliain 2007, agus eagraíodh cion suntasach de sin i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí Cultúir, pobail agus reachtúil sa réigiún agus lasmuigh den réigiún. Oibríonn an RCC go dlúth, go háirithe le gnéithe eile de Rannán na Seirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá an clár indéanta mar gheall ar mhaoiniú bliantúil ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, an Chomhairle Ealaíon agus maoiniú tionscadal ó fhoinsí éagsúla.



Light Projection Project leis na hEalaíontóirí Leon Palmer & Anna Heindrich ag RCC (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

## Ealaín Phoiblí

Tosaíonn Oifig Ealaín Phoiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall amach le coimisiúnú a dhéanamh ar Ealaín Phoiblí, ag úsáid na Scéime an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon go príomha agus tugann deis don phobal taithí a fháil ar réimse ollmhór d'ealaín chomhaimseartha ina saol laethúil agus cuireann deis ar fáil don ealaíontóir le hobair a chruthú ar mhaithe le rannpháirtíocht agus freagra an phobail. Mar thoradh ar chlár tógála Comhairle Contae Dhún na nGall le blianta beaga anuas, cuireadh raon suntasach buiséid i láthair faoi Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon. Is clár atá i Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon a fhaigheann maoiniú rialtais trínar féidir leis an Údarás Áitiúil iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise suas go 1% de chostas an infrastruchtúr nó foirgneamh a fhaigheann maoiniú poiblí le coimisiúnú a dhéanamh ar oibreacha sonracha bunaidh, láithreáin agus comhthéacs. Tá an 1% faoi réir ag uasteorainn de €64,000. Tugann Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon tacaíocht do choimisiúnú a dhéanamh ar ealaíontóirí agus ar shaothar ealaín ar fud gach cineál d'ealaín chomhaimseartha. Sa bhliain 2016, beidh Clár Ealaín Phoiblí Comhairle Contae Dhún na nGall chúig bliana agus fiche ar an bhfód. Is ionann www.donegalpublicart.ie agus taifead den scoth de na coimisiúin go léir go dtí seo..

## Músaem Chontae Dhún na nGall

Osclaíodh Músaem Chontae Dhún na nGall don phobal sa bhliain 1987. Tá an Músaem suite sa Bhloc Fáilte a bhí mar chuid de Theach na mBocht Leitir Ceanainn tráth den saol agus a tógadh sa bhliain 1843. Tugadh síneadh leis an fhoirgneamh chun críche sa bhliain 1991. Déanann an Músaem forbairt air agus glacann cúram as bailiúchán cuimsitheach déantáin bhunaidh a bhaineann le stair Chontae Dhún na nGall. Léiríonn an taispeántas atá ar an gcéad urlár gnéithe de scéal Dhún na nGall ón gClochaois go dtí an Fichiú hAois. Eagraítear clár de thaispeántais shealadacha agus imeachtaí gaolmhara gach aon bhliain. Déanann an Músaem


Imeacht na nIarlaí, Dealbhóireacht leis an Ealaíontóir John Behan, Ráth Maoláin (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



cothabháil ar cheardlann agus ar shaoráid stórála, áit a gcaomhnaítear agus a stóráiltear déantáin faoi choinníollacha cuí timpeallachta. Tugann an Músaem faoi shraith de ghníomhaíochtaí for-rochtana freisin i bpobail agus i scoileanna ar fud an chontae agus déanann idirchaidreamh leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le caomhnú a dhéanamh ar ár n-oidhreacht seandálaíochta.

## Cartlann Chontae Dhún na nGall

Déanann an tSeirbhís Chartlainne bainistíocht, caomhnú agus cuireann rochtain ar fáil ar chartlanna chontae na n-údarás áitiúil agus na gcomhlachtaí a bhí ann rompu agus déanann cartlannú freisin ar chartlanna a fuarthas trí cheannach príobháideach nó trí thabhartais a bhaineann le stair, le hoidhreacht agus le cultúr an chontae. Tá an tSeirbhís Chartlainne freagrach freisin as bainistíocht, diúscairt agus/nó cartlannú a dhéanamh ar thaifid an Chomhairle Chontae nach taifid reatha iad. Déanann an tSeirbhís Chartlainne iarracht cóiríocht oiriúnach bhuan a aimsiú do chartlanna na Comhairle nach taifid reatha iad.

Oibríonn an tSeirbhís Chartlainne i gcomhpháirtíocht le go leor grúpaí agus eagraíochta agus trína clár for-rochtana, tá sé mar aidhm aici cartlanna a thabhairt chomh fada leis an bpobal níos leithne. Áirítear ar sheirbhísí: éascú agus cuidiú le lucht taighde, taispeántais de bhailiúcháin, cláir oideachais agus foilseacháin, imeachtaí for-rochtana ar nós cainteanna agus ceardlanna, rannpháirtíocht i bhféilte agus in imeachtaí. Áirítear ar obair tionscadail, táirgeadh doiciméid pacáistí staidéir do scoileanna bunaithe ar théamaí ar leith, lena n-áirítear, pacáistí ar Phlandáil Uladh agus stair Chontae Dhún na nGall i nDeich mBliana na gCuimhneachán 1912 - 1923.

## Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Bunaíodh Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i mí Iúil 2003 i Rannán na Seirbhísí Cultúir tráth ar ceapadh an chéad Oifigeach Oidhreachta riamh do Chontae Dhún na nGall. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta don "oidhreacht a chur i gcroílár an tsaoil phoiblí" i gContae Dhún na nGall mar a mholtar sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta. Is é ról Oifig Oidhreachta Dhún na nGall cur le feasacht ar chultúr agus ar oidhreacht nádúrtha agus tógtha Contae Dhún na nGall; chun comhairle agus eolas a chur ar fáil don phobal agus d'fhoireann Chomhairle Chontae Dhún na nGall maidir le hábhar oidhreachta; sonraí a bhailiú agus taighde a stiúradh ar ghnéithe d'oidhreacht Dhún na nGall; sárchleachtais a chur chun cinn maidir le hábhair oidhreachta agus Plean Oidhreachta Dhún na nGall a chur i bhfeidhm i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus an Chomhairle Oidhreachta. Is ionann post an Oifigigh Oidhreachta agus comhthionscnamh idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus an Chomhairle Oidhreachta faoi Chlár an Oifigigh Oidhreachta.

# Cuid 2: Athbhreithniú gairid ar na buaicphointí ó Cheangail Chultúir



Mapa rolláilte ón 18ú hAois i gcás adhmaid ó bhailiúchán Chartlann an Chontae, an tIonad Cartlainne, Leifear (Grianghraf: Paul Mc Guckian)





# Músaem Chontae Dhún na nGall

Tá an oidhreacht mar chuid ríthábhachtach dár bhféiniúlacht agus dár n-ómós áite. Tá sí mar dhlúthchuid dár saol laethúil agus is ionann í agus acmhainn eisceachtúil a chuireann fostaíocht, caitheamh aimsire, sláinte, foghlaim agus taitneamh ar fáil.

An Plean Straitéiseach Oidhreachta 2012–2016

Déanann Comhairle Contae Dhún na nGall, tríd an tSeirbhís Músaem, caomhnú agus ceiliúradh ar chomhchuimhne an chontae agus a chuid pobal, trí dhéantáin a bhaineann le stair Dhún na nGall a chaomhnú, a chur ar taispeáint agus léirmhíniú a thabhairt ina leith. Tá sé mar aidhm ag an Músaem a bheith ina institiúid atá idirghníomhach, sóisialta agus Cultúir a fhreastalaíonn ar a chuid pobail agus a spreagann an uile dhuine foghlaim agus tuiscint a fháil ar an am a caitheadh trí ábhar an músaem. Oibríonn an Músaem i gcomhar le daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla le feabhas a chur ar rochtain chuig agus i rannpháirtíocht san oidhreacht agus lenár n-oidhreacht chultúir a chur chun cinn agus a chaomhnú.



Biorán Maide le ceann feochadáin ó Ré na Meánaoise, ó bhailiúcháin Mhúsaem Chontae Dhún na nGall

# Taispeántais

Rinne Músaem Chontae Dhún na nGall sraith taispeántais a eagrú idir 2009 agus 2014 a rinne fiosrú ar raon leathan téamaí. D'oibrigh an Músaem le go leor grúpaí, go háitiúil agus go náisiúnta araon le forbairt a dhéanamh ar chlár taispeántais, lena n-áirítear: Féile Ealaíon na hAragala; Músaem Náisiúnta na hÉireann; tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE); an Holocaust Education Trust; Óglaigh na hÉireann; Cumann Bodhar na hÉireann; Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall; Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; an Public Record Office of Northern Ireland; Cumann Músaem na hÉireann agus an Gallery of Photography. Bhí cláir imeachtaí bliantúla ann in éineacht le taispeántais, agus áiríodh, cainteanna, ceardlanna, turais agus gníomhaíochtaí speisialta do leanaí orthu sin.

Áirítear ar bhuaicphointí na dtaispeántas:

### *A World Apart, Teach na nGealt do Dhúiche Dhún na nGall*

Sa bhliain 2011, d'eagraigh an Músaem i gcomhar le Cartlann an Chontae agus an HSE taispeántas uathúil agus iontach, dar teideal A World Apart, Teach na nGealt do Dhúiche Dhún na nGall. D'inis an taispeántas seo scéal Ospidéal Naomh Conaill, Leitir Ceanainn ó 1866 go 1922 agus bhí sé ag tarlú ag an am céanna agus an t-ealaíontóir Little John Nee mar ealaíontóir cónaithe in Amharclann an Ghrianáin agus go háirithe a chuid scríbhneoireachta agus léiriúchán ar The Mental. Áiríodh sa taispeántas macasamhail de chillín, grianghraif, déantáin agus cartlanna ón ospidéal. Thug an Clár Peace III tacaíocht don tionscadal seo agus rinne Comhlacht na gClár Speisialta AE Chomhairle Chontae Dhún na nGall bainistíocht air.

### *How We Remember*

Cruthaíodh an taispeántas *How We Remember* agus an clár oideachas gaolmhar le scéal Óglaigh na hÉireann a fhiosrú, go háirithe, an 28ú Cathlán Coisithe atá lonnaithe i nDún na nGall. Léiríodh seicphointe ar an Teorainn, cartlanna, éide, trealamh airm, íomhánna agus stair béil, chomh maith le *Rockhill Remembered*, clár faisnéise gearr ar champa airm Chnoc na Carraige i Leitir Ceanainn.

Bhí leabhrán oideachais agus turais eagraithe do bhunscoileanna in éineacht leis an taispeántas freisin. Eagraíodh turais speisialta do theaghlaigh ar feadh saoire na Cásca agus le héascú a dhéanamh ar scoileanna ar fud Dhún na nGall cruthaíodh leagan gairid den taispeántas camchuairte.

Reáchtáil an Músaem, i gcomhar le hÓghlaigh na hÉireann, laethanta gairme chomh maith le seisiúin uathúla de *How To* áit ar tugadh cuireadh do dhaoine ón bpobal foghlaim le conas iarann a chur ar threabhsar gan iarann ar bith i gceist agus conas snas a chur ar bhróga ar bhealach an airm!

Thug an Clár Peace III tacaíocht don tionscadal seo agus rinne Comhlacht na gClár Speisialta AE Chomhairle Chontae Dhún na nGall bainistíocht air.

### *Round the House and Mind the Dresser*

Sa bhliain 2011 thionóil an Músaem taispeántas *Round the House and Mind the Dresser*, a bhí ar iasacht ó Mhúsaem an Chabháin. Thug an taispeántas seo deis do chuairteoirí foghlaim faoin stair agus faoin gcultúr a bhaineann le ceol, amhráin agus damhsa traidisiúnta óna 1700aidí go dtí an lá atá inniu ann. D'eagraigh an Músaem sraith imeachtaí do scoileanna agus don phobal i gcoitinne freisin i gcomhar leis an taispeántas. Áiríodh orthu sin: *Come and Learn the Fiddle* le Theresa Kavanagh, sheol Seamus Harkin leabhar athfhoilsithe amhráin agus dánta a scríobh Niall Mac Giolla Bhríde, an *Donegal Fiddle Tradition* le Martin McGinley, *An Introduction to the Flute* agus Tin Whistle le Trudy O' Donnell, caint le John Tunney ar *Paddy Tunney* agus an Irish Music revival of the 1950s and seisiún Comhaltas mar chuid den Oíche Chultúir.

### *The Glass Album*

Eagraíodh taispeántas *The Glass Album* i gcomhar leis an tSeirbhís Chartlainne, Féile Ealaíon na hAragala agus Comhairle Oidhreachta Chathair Dhoire agus an tSeirbhís Músaem. D'inis

an taispeántas an scéal maidir leis an ngrianghrafadóir ó Dhoire, James Glass, a thóg sraith uathúil de ghrianghraif i nDún na nGall i ndeireadh an naoú haois déag. Bhain na grianghraif seo le triail cháiliúil an Athar McFadden sa bhliain 1889 chomh maith le roinnt daoine ón bparóiste tar éis marú an Chigire Ceantair Martin i nGaoth Dobhair. Creidtear gur fhostaigh na cosantóirí James Glass le grianghraif a thógáil i nGaoth Dobhair. Ba í seo an chéad uair ar bhaineadh úsáid as grianghraif mar fhianaise i gcúirt in Éirinn. Ní raibh *The Glass Album*, a bhí mar lárphointe sa taispeántas, le feiceáil riamh roimhe seo i dtaispeántas poiblí.

### Laochra Spóirt Dhún na nGall

Chuir taispeántas Laochra Spóirt Dhún na nGall daoine mór le rá sa spórt ó Dhún na nGall ar stáitse, daoine ar éirigh thar barr leo ag leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta, i réimsí spóirt éagsúla ó Bhuaiteoirí Uile Éireann sa CLG go Seaimpín an Domhain i bhfoirne Tarraingt na Téide. Bhí an taispeántas eagraithe i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall le tacaíocht ón Ulster Sports Museum Association agus an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn. Tá camchuairt tugtha ag an taispeántas ó shin ar ionaid ar fud Dhún na nGall.

### Comóradh Deich mBliana na gCuimhneachán.

Idir na blianta 2009 agus 2014 d'oibrigh an Músaem ar thionscadail éagsúla le grúpaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta le comóradh a dhéanamh ar Dheich mBliana na gCuimhneachán.

### *Taispeántas Chúnant Uladh 1912*

Sa bhliain 2012, d'eagraigh an Músaem taispeántas uathúil le comóradh a dhéanamh ar shíniú Chonradh agus Cúnant Sollúnta Uladh i mí Mheán Fhómhair 1912. D'inis an taispeántas an scéal maidir le Cúnant Uladh le tagairt ar leith do Dhún na nGall. Bhí roinnt de bhileoga sínithe an Chúnaint bunaidh ar taispeáint, a bhí ar iasacht ón Public Record Office of Northern Ireland. Eagraíodh an taispeántas i gcomhar leis an Donegal Ulster Centenaries Committee agus rinne an Reconciliation & Anti-Sectarianism Fund na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála maoiniú air.

### *Hands of History*

Bhí an Músaem rannpháirteacha ar feadh na mblianta 2013 agus 2014 i dtionscadal *Hands of History* a bhí á stiúradh ag Comhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain. Bhí an tionscadal, a sheoladh i mí na Nollag 2012, le seachadadh gníomhaíochta a chuaigh ar aghaidh go dtí mí na Nollag 2014, mar chuid de Phlean Gníomhaíocht Chlár Peace III Dhún na nGall, agus rinne Comhairle Contae Dhún na nGall bainistíocht air thar ceann Comhlacht na gClár Speisialta AE. Rinne tionscadal *Hands of History* seachadadh ar chlár nuálach a d'fhiosraigh conas a dhéanaimid comóradh ar phríomhimeachtaí ár gcuid staire agus áiríodh ann, seimineáir, comhdhálacha, turais staidéir, clár scoile, léiriú drámaí agus tionscadail shonracha ar thug an Músaem, an Chartlann agus na Seirbhísí Leabharlainne fúthu.

D'oibrigh an Músaem le grúpaí agus ar imeachtaí ar fud an Chontae, le linn Céim 1 den tionscadal, le seachadadh a dhéanamh ar shraith taispeántais agus imeachtaí ar théamaí éagsúla.

D'eagraigh an Músaem an taispeántas Remembering World War I: The Donegal Story le linn Céim 11. D'fhiosraigh an Músaem an scéal mar a bhain sé leis an gCéad Chogadh Domhanda, trí thaithí mná agus fir ó Dhún na nGall agus úsáid á bhaint as déantáin, cartlanna agus íomhánna. Rinne an Músaem forbairt ar leabhrán do leanaí freisin, bunaithe ar an taispeántas. Rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála: an Ciste Athmhuintearais, maoiniú ar an leabhrán.

Chruthaigh an Músaem 5 phainéal taispeántais mír aníos dar teideal *Local Heroes*, World War I mar chuid den Tionscadal *Hands of History*. Insíonn na painéil seo scéal cúigear as Dún na nGall a bhí páirteach sa Chogadh, an Saighdiúir Singil, Bernard McGeehan, an tSiúir Catherine Black, an Saighdiúir Singil, Patrick MacGill, an Saighdiúir Singil, James Duffy VC agus an Caiptín Henry Gallagher, DSO.

Thug an dá thaispeántas seo camchuairt ar ionaid ar fud Dhún na nGall, lena n-áirítear na ceantair seo a leanas, Halla Pobail





Lámhdhéantúsáin ar thaispeáint ag Músaem an Chontae (Griangraf Paul McGuckian)



Anagaire; Scoil Samhraidh MacGill, na Gleannta; Fort Dunree, Inis Eoghain; an tSean Bheairic, an Fál Carrach; Óstán Loch Altan, Gort an Choirce; Cathedral Hall, Ráth Bhoth; Amharclann Balor, Bealach Féich; Ionad Seirbhísí Poiblí (PSC) Leitir Ceanainn agus an Omniplex, Bun Dobhráin.

Thug na taispeántais cuairt freisin ar ionad lasmuigh de Dhún na nGall, lena n-áirítear an 48ú cruinniú iomlánach den Tionól Parlaiminteach na Breataine na hÉireann, Baile Átha Cliath; an chomhdháil *The Border Counties and WW* agus seirbhís Carols in the Trenches, Ard-Eaglais Chríost, Baile Átha Cliath.

### *Imeachtaí maidir leis an gComóradh Céad Bliain*

D'eagraigh an Músaem sraith imeachtaí le comóradh a dhéanamh ar an gCéad Chogadh Domhanda i gcomhar le taispeántas *Remembering World War I*. Áiríodh orthu sin, píosa cainte ón gCoirnéal Declan O' Carroll dar teideal *Capt Henry Gallagher DSO - From Finner to Flanders*; imeacht le comóradh a dhéanamh ar an Sos Cogaidh, dar teideal *Remembering World War I - The Donegal Story* agus imeacht lasmuigh i gcomhar leis an Gallery of Photography, a léirigh roinnt grianghraif ón gCéad Chogadh Domhanda a raibh baint acu le Dún na nGall.

### Mála Droma na mBleachtairí Mhúsaem Dhún na nGall

Rinne an Músaem forbairt ar ghníomhaíocht nua uathúil do leanaí mí Deireadh Fómhair 2013. Tá an iliomad gníomhaíochtaí atá oiriúnach ó thaobh aoise le leanaí a spreagadh a bheith rannpháirteach sa Mhúsaem agus ina chuid bailiúcháin i Mála Droma na mBleachtairí Mhúsaem Dhún na nGall. Tá an Mála Droma le fáil ar iasacht saor in aisce nuair atáthar ag tabhairt cuairte ar an Músaem agus tá peann luaidhe, suaitheantas agus cárta poist sa mhála is féidir a choinneáil mar chuimhneachán. Rinne an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú ar an tionscadal faoi Scéim na Músaem Áitiúil agus Réigiúnach.

### Ag Tabhairt Plandáil Uladh chun Cuimhne

Bhí an Músaem rannpháirteach i líon tionscadal idir na blianta 2009 agus 2014 ina raibh Plandáil Uladh mar théama. Bhí sé mar aidhm leis na tionscadail sin go léir cur le feasacht ar an bPlandáil agus an tionchar a bhí aici ar phobail i nDoire agus i nDún na nGall araon.

### *Leabhráin maidir leis an bPlandáil*

Sheol an Músaem trí leabhrán maidir leis an bPlandáil i gcomhar le Comhairle Oidhreachta agus Seirbhís Músaem Chathair Dhoire agus Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, agus Comhairle Contae Dhún na nGall: T*he Plantation in Donegal and Derry, Plantation Architecture and Landscape* agus *The Legacy of the Plantation in Derry and Donegal*. Tá na leabhráin seo ar fáil saor in aisce.

### *An Plandóir agus an Gael: Dearcadh ar an bPlandáil*

Sa bhliain 2010 d'oibrigh an Músaem i gcomhar le Comhairle Oidhreachta agus Seirbhís Músaem Chathair Dhoire agus leis an Nerve Centre i nDoire ar an tionscadal maidir leis an bPlandóir agus leis an nGael. Thug an tionscadal seo grúpaí trasphobail agus trasteorann le chéile chun cur le feasacht agus cur lena gcuid eolas ar an bPlandáil agus an tionchar a bhaineann leis an bPlandáil ó thaobh na staire. Bhain an tionscadal buaicphointe amach le seimineár dar teideal T*he Plantation of Ulster – What does it mean to us now?*

### *Ceardlanna do Mheánscoileanna maidir leis an bPlandáil*

D'oibrigh Músaem Chontae Dhún na nGall i gcomhar le Comhairle Oidhreachta agus Seirbhís Músaem Chathair Dhoire, le sraith ceardlanna ar an bPlandáil a sheachadadh do mheánscoileanna ar an dá thaobh den teorainn. Rinneadh coimisiúnú ar *Heritage Stories*, Port Stíobhaird, chun tabhairt faoi cheardlanna i ndáil le stair bheo a reáchtáladh i 10 scoil agus ghlac os cionn 200 dalta páirt iontu. Bhí na ceardlanna comhdhéanta de léiriúchán dráma idirghníomhach. Rinneadh spreagadh ar na daltaí lena gcuid tuairimí ar an bPlandáil agus an leis an méid a bhí foghlamtha acu a phlé.

### Ó Phlandáil go Críochdheighilt: Tuiscint Chomhpháirteach, Cuimhne & Oidhreacht

D'oibrigh an Músaem, ar feadh na mblianta 2012 agus 2013, le comhpháirtithe i gComhairle Chathrach Dhoire agus i gComhairle Cheantair na hÓmaí agus an tSratha Báin ar thionscadal trasteorann, a bhí mar chuid de *North West Councils' Collaborative/ Cross Border Strand*. Rinne an tionscadal seo iniúchadh ar an tréimhse 400 bliain atá caite inár stair comhroinnte agus an oidhreacht atá fágtha againn agus d'oibrigh an tionscadal le líon grúpaí pobail trasteorann agus trasphobail. D'áirigh clár an tionscadail sraith ceardlanna ar ábhair éagsúla a bhaineann leis an tréimhse ó Phlandáil go Críochdheighilt; tochailt seandálaíochta trasphobail i Dunnalong, Contae Thír Eoghain agus foilseacháin ghaolmhara; History Ireland Hedge School ar théama Cúnant Uladh 1912; taispeántas camchuairte; Leabhrán ar an gCéad Chogadh Domhanda i ngach ceantar Comhairle dar teideal *From Home to Foreign Fields*, agus *Planters, Paupers and Rebels*, rinneadh seachadadh ar chlár imeachtaí Stair Beo do scoileanna i ngach ceantar de chuid na Comhairle,

### Ag Tabhairt Teach na mBocht chun Cuimhne

Sa bhliain 2010, fuair an Músaem maoiniú ón Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt chun sraith imeachtaí stair beo a eagrú. Tá an Músaem lonnaithe i gcuid de Theach na mBocht Leitir Ceanainn a tógadh sna 1940idí agus d'eagraigh an Músaem, le stair an fhoirgnimh a thabhairt chun cuimhne, clár ina raibh imeacht maidir le stair beo san áireamh ann ar théama Theach na mBocht le linn míonna Iúil agus Lúnasa; cláir de cheardlanna saor in aisce a mhair ar feadh coicíse de stair beo sa Mhúsaem do bhunscoileanna agus imeacht speisialta stair beo d'Oíche Chultúir an Mhúsaeim.

Lorg an Músaem maoiniú ó Fáilte Éireann, mar gheall ar an tóir a bhí ar chlár na bliana 2010, do chlár de shiúlóidí stairiúla, a mhair ar feadh 6 seachtaine, mar chuid de Leitir Ceanainn 400. Tugadh cuireadh do chuairteoirí ar an turas siúlóide le níos mó a fhoghlaim faoi stair an bhaile agus d'aithris aisteoirí radhairc ó scéal Leitir Ceanainn. Fuair siad sracfhéachaint feadh an bhealaigh ar Niamh a bhí ag lorg oibre ag an Hiring Fair, chuir an Máistir agus an Mátrún fáilte rompu i dTeach na mBocht (an Músaem anois) agus chas siad le duine de na daoine a bhí ag cur fúthu ann. Cuireadh na turais ar fáil saor in aisce agus d'éirigh thar barr leo. Eagraíodh na turais i gcomhar le Fáilte Éireann, R&M Tours agus Blue Eagle Productions.

# An Leabharlann


## Cuireann leabharlanna poiblí na hÉireann comhtháthú agus folláine an phobail, fás geilleagrach agus féiniúlacht chultúir chun cinn. Cuirfidh siad feabhas ar fhéinfhiúntas agus ar fhéinmhuinín.

Deiseanna don Uile Dhuine: Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017

Tá os cionn 2.4 milliún mír eisithe ag leabharlanna Dhún na nGall idir na blianta 2009 agus 2015, agus thug os cionn 2.3 milliún duine cuairt ar ár líonra leabharlanna.

Úsáideoirí leabharlainne, Príomh Leabharlann, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckain)









### Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair

Tar éis maidhm thuilte i mí an Mheithimh 2008, tráth ar scriosadh formhór trealamh agus an stoc leabhar go hiomlán; rinneadh cinneadh láthair níos sábháilte a aimsiú do sheirbhísí leabharlainne amach anseo. Rinne an Chomhairle cinneadh maidir leis an tábhacht a bhain lena plean forbartha caipitil agus fuair cúnamh deontais ón Roinn do leabharlann nua in Áislann Ghaoth Dobhair. Rinneadh forbairt ar leabharlann nua, 501m2, feadh spás na dánlainne, i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus osclaíodh an leabharlann don phobal i mí Deireadh Fómhair 2011. Tá 22,000 mír sa leabharlann nua le do rogha a phiocadh ó rogha féinseirbhíse, 2 sheomra cruinnithe, ríomhairí poiblí, WIFI, stáisiúin éisteachta agus limistéar tiomanta do dhéagóirí. Tá bogearraí cúntóra léitheoireachta, trealamh inrochtaineachta agus ríomhléitheoir d'úsáid phoiblí sa leabharlann. Déantar óstach ar an Donegal Offshore Islands Film and Radio Digital Archive freisin. Tá an leabharlann mar lárphointe do ghníomhaíochtaí pobail ó osclaíodh í. Is í an Ghaeilge, mar cheann de leabharlanna Gaeltachta Dhún na nGall, an chéad teanga sa leabharlann. Ó shin tá an leabharlann, mar ionad satailíte do Europe Direct, mar sholáthróir seirbhíse do na ceantair Ghaeltachta go léir.

### Féile na Bealtaine

Is féile bhliantúil atá i bhFéile na Bealtaine a dhéanann ceiliúradh agus a chuireann chun cinn cruthaitheacht agus muid ag dul in aois. Reáchtáiltear Féile na Bealtaine ar fud na hÉireann gach aon bhliain le linn mí na Bealtaine, agus tá sí ar cheann de bhuaicphointí féilire na Seirbhísí Cultúir. Oibríonn na Seirbhísí Cultúir, trí Bhealtaine, le raon leathan imeachtaí Cultúir agus ealaíona a thabhairt chomh fada lenár nglúin scothaosta in ionaid ar fud Dhún na nGall. Idir na blianta 2009 agus 2015 réimsigh imeachtaí ó sheisiúin athchuimhne, taispeántais, seanchais, cuarchniotáil, cóiriú bláthanna, garraíodóireacht, ceardaíocht traidisiúnta, scríbhneoireacht chruthaitheach, ranganna ríomhaireachta ó ghlúin go glúin, cainteanna ar stair áitiúil, club scannán, ceol agus amhráin. Áirítear ar thallann áitiúil thar na blianta, Aussie Bryson, Fergus Cleary, Mary McGranaghan, Kate Fitzpatrick, Helen Meehan, Edel MacBride agus go leor eile.

### Dámhlann an Ghleanna

Bhronn an t-údar agus an file, Cathal Ó Searcaigh a chartlann iomlán, lena n-áirítear a lámhscríbhinní bunaidh agus bailiúchán leathan pearsanta leabhar agus saothair amharc-ealaíona, ar mhuintir Dhún na nGall sa bhliain 1999. Tá na leabhair agus na saothair ealaíne i nDámhlann an Ghleanna, le taobh teach Chathail i Mín a'Leagha. Is í Comhairle Contae Dhún na nGall a thóg an tsaoráid i gcomhpháirtíocht le hÚdarás na Gaeltachta agus an Chomhairle Ealaíon. Is féidir le scríbhneoirí, lucht acadúil agus daoine den phobal a bheith rannpháirteach sa léitheoireacht, agus freastal ar imeachtaí ealaíona eile sa Dámhlann. Reáchtáladh an oscailt oifigiúil le linn Féile Ealaíon na hAragala 2010.

### Leabharlanna - seirbhísí ICT

Rinneadh infheistíochtaí suntasacha i saoráidí ICT agus i seirbhísí i leabharlanna Dhún na nGall le blianta beaga anuas. Suiteáladh Córas Bainistíochta Leabharlainne nua sna leabharlanna poiblí go léir le linn na bliana 2009. Gearrann an córas nua, Horizon, anuas go mór ar an am ó cheannaítear mír go mbaineann an mhír sin seilf na leabharlainne amach agus baineann úsáid tíosach as fógraí ríomhphoist agus as fógraí téacs do mhíreanna atá imithe thar téarma agus d'áirithintí. Tugadh WIFI isteach sna leabharlanna poiblí i Leitir Ceanainn, Carn Domhnach, Bealach Féich agus Bun Dobhráin sa bhliain 2010. Suiteáladh OSCAR, aonad ríomhairithe féinfhreastail, i seacht láthair Taobh Tíre le linn na bliana 2011, lena n-áirítear Seirbhísí Óige agus Teaghlaigh, Oileán Árainn Mhór and Cill Chartha. Cuireann na haonaid féineisiúna seo ar chumas chomhaltaí Taobh Tíre a gcuid míreanna a eisiúint agus a thabhairt ar ais ar líne. Suiteáladh aonaid féineisiúna i Leabharlann Bhun Dobhráin agus i Leabharlanna Ghaoth Dobhair freisin le héascú a dhéanamh ar chomhaltaí na leabharlainne ar mian leo a gcuid míreanna féin a eisiúint nó a thabhairt ar ais. Rinneadh athdhearadh ar láithreán gréasáin na leabharlainne, agus seoladh é agus chuaigh sé amach beo le linn na bliana 2012. Tá www.donegallibrary.ie mar thoradh ar chomhoibriú idir an tSeirbhís Leabharlainne agus rannán Córais Eolais Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Rinneadh an láithreán

a dhearadh le bheith nua-aimseartha, éasca le tabhairt cothrom le dáta agus idirghníomhach.

Thug Seirbhís Leabharlainne Chontae Dhún na nGall saoráid isteach le ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair ar líne a fháil ar iasacht dá comhaltaí leabharlainne le linn na bliana 2015. Is féidir le comhaltaí na leabharlainne íoslódáil a dhéanamh agus iasacht a fháil saor in aisce ó rogha de na céadta ríomhleabhair agus ríomh-chlosleabhair trí láithreán gréasáin na leabharlainne. Ar theicneolaíocht eile a tugadh isteach sa tSeirbhís Leabharlainne, bhí an rogha iasacht a fháil ar irisí agus ar nuachtáin dhigiteacha. Le linn na bliana 2015, tugadh dhá bhoth féinseirbhíse Aitheantas Radaimhinicíochta (RFID) isteach sa Lárleabharlann i Leitir Ceanainn, rud a chiallaíonn go bhfuil sé níos simplí agus níos tapa do chomhaltaí na leabharlainne a gcuid míreanna féin laistigh den leabharlann a fháil ar iasacht agus a thabhairt ar ais.

## Leabharlanna – Ag Cur Sláinte agus Folláine chun cinn

### Bibliteiripe

Le linn na bliana 2013, tugadh bibliteiripe isteach sna leabharlanna poiblí mar chuid de Donegal Social Prescribing for Health and Wellbeing, atá faoi stiúir an HSE. Ó shin tá Bibliteiripe ag cur dea-meabhairshláinte agus folláine chun cinn do dhaoine aonair agus do theaghlaigh i nDún na nGall. Ó thaobh an Bibliteiripe molann agus cuireann an tSeirbhís Leabharlainne leabhair féinchabhrach atá ar ardchaighdeán ar fáil le cur ar chumas daoine cabhrú leo féin.

### Read Your Mind

Rinne Leabharlann Chontae Dhún na nGall agus Jigsaw Dhún na nGall, le tacaíocht ón HSE agus an Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc, comhordú ar chatalóg leabhair ar ábhair meabhairshláinte a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine óga idir 12 go 25 bliain d'aois. Áirítear sa bhailiúchán, ábhair ar nós bainistíocht ar strus, imní, dúlagar, uaigneas, neamhord itheacháin agus andúil. Tá daoine óga, tuismitheoirí agus cairde in ann rochtain agus teidil a fháil ar iasacht ón mbailiúchán Read Your Mind trí líonra leabharlanna agus ionaid Taobh Tíre chun tacaíocht a thabhairt do mheabhairshláinte daoine óga. Tá go leor de na teidil le fáil ar líne freisin mar ríomhleabhair trí láithreán gréasáin na leabharlainne www.donegallibrary.ie

### Leabharlanna – Cláir Litearthachta Teaghlaigh

Aithnítear go bhfuil rochtain ar leabhair ar an ngné is tábhachtaí d'fhorbairt léitheoireachta do leanaí. Cuireann an leabharlann tairseach ar fáil do shaibhreas eolais do leanaí, a spreagann samhlaíocht agus cruthaitheacht. Oibríonn Leabharlann Chontae Dhún na nGall le gníomhaireachtaí eile mar chuid de Choiste Oideachais agus Foghlama Leanaí le tionscnaimh a chur i bhfeidhm le rochtain a chur ar fáil do luathléitheoireacht do leanaí agus rannpháirtíocht tuismitheora a spreagadh.

### Léitheoirí ar feadh an tsaoil a chruthú

Is é an cuspóir is tábhachtaí a bhaineann leis an tionscadal le Léitheoirí ar feadh an tSaoil a Chruthú ná tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí le tuiscint a fháil maidir le conas a fhorbraíonn úsáid an fhocail labhartha agus scríofa na leanaí le linn na luath-óige; a bheith ar an eolas maidir leis an ról ríthábhachtach atá ag leabhair agus ag léitheoireacht sa phróiseas seo, agus an t-eolas agus na scileanna a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do lucht oideachais conas léitheoirí ar feadh an tsaoil a dhéanamh do leanaí. D'oibrigh foireann Leabharlann Dhún na nGall le Coiste Cúram Leanaí Dhún na nGall agus le gníomhaireachtaí eile le blianta beaga anuas ar leathadh amach Léitheoirí ar Feadh an tSaoil a Chruthú, le saoráidí réamhscoile agus le leanaí agus lena gcuid tuismitheoir. Is é an smaoineamh atá taobh thiar den tionscadal seo oibriú le saoráidí cúram leanaí agus le grúpaí tuismitheoirí le tuismitheoirí a spreagadh léitheoireacht a dhéanamh lena gcuid leanaí ar bhonn rialta agus seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn. D'oibrigh foireann na leabharlainne leis an gCoiste Cúram Leanaí le seachadadh

a dhéanamh ar an gclár seo do 31 saoráid cúram leanaí agus a bhfoireann le linn na mblianta 2012 agus 2013. Ó sin, rinne leabharlanna Dhún na nGall sainoiriúnú ar a gclár Léitheoirí ar Feadh an tSaoil a Chruthú agus an clár sin a sheachadadh do ghrúpaí tuismitheoirí agus lapadáin Lifestart ar fud Dhún na nGall ón mbliain 2014.

### *Bookworm Babies*

Is ionann *Bookworm Babies* agus tionscnamh idir an tSeirbhís Leabharlainne, Lifestart agus Cur Chun Cinn na Sláinte an HSE leis an tábhacht a ghabhann le tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith i mbun na léitheoireachta lena gcuid leanaí a chur chun cinn. Tháinig na gníomhaireachtaí le chéile mar chuid d'Fhoghrúpa Oideachais agus Foghlama na Leanaí agus Coiste na Seirbhísí do Dhaoine Óga. Tá sé léirithe ag taighde gurbh ionann leabharlanna poiblí agus foinse iontaobhais ó thaobh ábhar léitheoireachta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do theaghlaigh. Is féidir le leabharlanna litearthacht a fheabhsú agus léitheoireacht ar mhaithe le pléisiúr a spreagadh. Is í an aidhm, mar chuid den tionscnamh seo, teaghlaigh a spreagadh le bheith ina gcomhaltaí dá leabharlann áitiúil, le cártaí comhaltais uathoibríoch do leanaí nuabheirthe, le cártaí lá breithe á seoladh ag leanaí atá níos sine le leideanna do thuismitheoirí chun cuidiú leis an ngrá don léitheoireacht a chothú. Oibríonn Lifestart go díreach le teaghlaigh i nDún na nGall, á spreagadh chun clárú leis agus úsáid a bhaint as seirbhísí na leabharlainne. Seoladh an tionscnamh i Leabharlann Bhun Cranncha i mí Deireadh Fómhair 2013.

### Ag Léamh le Chéile

D'oibrigh foireann na leabharlainne leis an HSE ar chlár le seirbhísí léitheoireachta agus leabharlainne a chur chun cinn do thuismitheoirí, daltaí agus do mhúinteoirí trína bunscoileanna. Le linn na bliana 2012, d'eagraigh an HSE go dtabharfadh seanchaí áitiúil, Liz Weir, cuairt ar dhá bhunscoil i nDún na nGall le seanchas a plé leis na tuismitheoirí agus le scéal a insint do na leanaí, agus bhí foireann na Leabharlainne i láthair le seirbhísí leabharlainne a phlé.



Azeez Obabire, an Nigéir, ag an Phríomh Leabharlann, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckain)

### READ LK/ READ DL

Is tionscnamh léitheoireachta atá i Read DL, a spreag tionscadal Leabhar Amháin, Pobal Amháin, ar éirigh thar barr leis ar fud an domhain. D'eascair Read DL a reáchtáladh in 2014 agus 2015, as tionscnamh Read LK (Leitir Ceanainn),a bhí ar siúl in 2012 agus 2013, agus tá scoileanna, coláistí, grúpaí pobail, seirbhísí tacaíochta, eagraíochtaí sláinte agus an tSeirbhís Leabharlainne i gceist leis. Ghlac na ranganna sinsearacha sna bunscoileanna páirt sa tionscadal; agus táthar ag díriú ar dhaltaí na chéad bhliana in iar-bhunscoileanna. Is é cuspóir an tionscadal go mbeadh an oireadh daoine agus is féidir ag léamh leabhar le húdar áirithe ag an am céanna, ag cur, ar an mbealach sin, le braistint phobail agus ag cur na litearthachta chun cinn ag an am céanna. San am a caitheadh rinne na grúpaí agus na scoileanna a bhí rannpháirteach forbairt ar phíosaí dráma, bhí siad rannpháirteach i gclub leabhair, chuir siad léitheoireacht chun cinn, d'eagraigh siad ceardlanna, scríobh siad gearrscéalta, ghlac siad páirt i gcomórtais agus níos tábhachtaí fós chuir siad léitheoireacht chun cinn ina gcuid pobal. Áirítear ar ghníomhaireachtaí a ghlac páirt: Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (ETB), HSE, Parentstop, SCP (Clár Críochnaithe Scolaíochta), HSCL (Teagmháil Bhaile, Scoile agus Phobail), Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (LYIT), agus Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Chontae Dhún na nGall.




Laura Mc Nutt agus a buachaill beag Jonas Pable ag an Phríomh Leabharlann, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

## Féile Ealaíona agus Leabhar Wainfest do leanaí

Cuireann Wainfest, an Fhéile Ealaíona agus Leabhar do leanaí i nDún na nGall an méid is fearr is féidir sa léiriúchán ar fáil do leanaí idir 4-12 bliain d'aois. Tá forbairt tagtha ar an fhéile seo le 19 bliain anuas agus tá sí mar mhórchlár gníomhaíochta anois a bhíonn ar siúl i ngach ceantar ar fud an chontae ar feadh seachtaine le linn mí Deireadh Fómhair. Eagraítear gníomhaíochtaí i ngach leabharlann, in ionaid Taobh Tíre, i Músaem an Chontae agus san Ionad Cultúir Réigiúnach. Tugadh gné nua d'urraíocht agus do chomhoibriú corparáideach isteach sa bhliain 2015. D'éirigh thar barr leis seo agus déanfar tuilleadh forbartha air sna blianta atá romhainn. Eagraíodh 108 imeacht i scoileanna agus 32 imeacht teaghlaigh don bhliain 2015 agus bhí lucht féachana iomlán de 7,392 ann.

# Hands of History – Aon Dún na nGall amháin: startha éagsúla : aon todhchaí amháin

### Síneadh curtha leis an Tionscadal Hands of History

Reáchtáladh an chéad chéim den Tionscadal Hands of History ar feadh na bliana 2013. Chuir an tréimhse sínte sa bhliain 2014 an deis ar fáil le cur leis an obair a bhí curtha i gcrích roimhe seo. Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall an tionscadal seo a stiúradh agus rinne Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain bainistíocht air, faoi choimirce Chomhpháirtíocht Síochána agus Athmhuintearais Bhord Forbartha Contae Dhún na nGall (CDB). Fuair sé tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an Aontais Eorpaigh, trí Chlár Síochána agus Athmhuintearais an AE agus rinne Comhairle Contae Dhún na nGall bainistíocht air do Chomhlacht na gClár Speisialta AE. Rinne sé iniúchadh ar Dhún na nGall ag a bhfuil startha éagsúla agus é mar aidhm leis oibriú i dtreo todhchaí comhroinnte a chruthódh tionchar láidir na síochána agus an athmhuintearais do rannpháirtithe. Rinneadh an tionscadal a dhearadh lena cinntiú nach gciallódh foghlaim eolas a chur i láthair agus sin amháin, ach bheadh sé i gceist leis freisin go mbeadh an rannpháirtí bainteach leis an bpróiseas foghlama, ag neadú agus a éascú mar thoradh air sin na deiseanna leis an fhoghlaim a aistriú. Rinneadh ceardlanna a eagrú i leabharlanna, le seachadadh a dhéanamh ar thosaíochtaí an tionscadail seo, agus rinne Michael Moylan, History Live, seachadadh ar chlár cuimsitheach do na 10 scoil a bhí i gceist. Measadh an sprioc do cheardlanna ag 100 leanbh agus thionóil leabharlanna Dhún na nGall ceardlanna ar a raibh freastal iomlán de 326. Bhí ceardlann do dhaoine fásta i líon leabharlanna a chuir an Dr. John O' Callaghan i láthair, ar ghné eile a bhí eagraithe ag na leabharlanna.

D'éirigh thar barr leis na ceardlanna do leanaí agus do dhaoine fásta agus sháraigh an freastal na spriocanna a bhí leagtha síos.

### Seachtain na Gaeilge – Féile na Gaeilge

Bíonn Seachtain na Gaeilge ar siúl ón 1-17 Márta, ar bhonn bliantúil. Is í féile idirnáisiúnta na Gaeilge í an fhéile seo agús tá sí ar an gceiliúradh is mó i ndáil lenár dteanga dhúchais agus lenár gcultúr. Cuireann an fhéile seo deis ar fáil do chách le bheith rannpháirteach sa Ghaeilge.

Déanann Seirbhís Leabharlainne Comhairle Contae Dhún na nGall agus an tOifigeach Gaeilge seachadadh ar raon gníomhaíochtaí ar fud an chontae gach aon bhliain. Bíonn na gníomhaíochtaí seo ar siúl lasmuigh agus laistigh araon, i leabharlanna, ionad pobail, tithe tábhairne agus i bpictiúrlanna. Tugadh gníomhaíocht trasteorann isteach sa bhliain 2016 mar chuid de chlár cuimhneacháin céad bliain 1916/2016.

Leanann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Dhún na nGall ag obair le seachadadh a dhéanamh ar sheirbhísí nuálacha sa Ghaeilge atá ar ardchaighdeán. Déanann gach leabharlann ar fud an chontae óstach ar thaispeántais de bhailiúchán Gaeilge do leanaí agus do dhaoine fásta ar feadh na féile. Chuir na taispeántais seo eolas agus siamsaíocht araon ar fáil do chuairteoirí chuig ár bhfoirgneamh agus tá siad ar cheann d'iliomad comhpháirteanna na féile.

Tá an Ghaeilge ar theanga labhartha i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair agus i Leabharlann Phobail na Rosann, mar atá leagtha amach i Scéim Údaráis Áitiúil Dhún na nGall faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Tugann Seachtain na Gaeilge, faoi chur le próifíl na Gaeilge, gach aon bhliain, ar fud ár gcuid seirbhísí agus leanann le feabhas a chur air seo mar "go mbraitheann todhchaí na teanga ar dhaoine a dhéanann cinneadh dearfach le glacadh leis na deiseanna a chruthaíonn an Straitéis seo". [1] Bíonn imeachtaí Seachtain na Gaeilge ar siúil ar fud an Chontae.

[1] Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030, Rialtas na hÉireann, Baile Átha Cliath.

## Staidéir Dhún na nGall

Tá freagracht speisialta ar Leabharlann Chontae Dhún na nGall, bailiúchán staidéir Dhún na nGall a bhailiú, cothabháil a dhéanamh air agus é a chur ar fáil chomh hiomlán agus is féidir agus dá bhrí sin tá sé mar lárionad do staidéir áitiúil Dhún na nGall. Tá bailiúchán uathúil curtha le chéile ar stair, stair nádúrtha, seandálaíocht, cultúr agus ar mhuintir Dhún na nGall le deich mbliana agus trí fichid agus mar gheall air sin is ionann bailiúchán Staidéir Dhún na nGall agus comhchuimhne an chontae.

Tá an bailiúchán déanta suas de gach cineál ábhair:

- ábhar a priontáladh agus/nó a foilsíodh i nDún na nGall
- le húdair, léiritheoirí agus ceoltóirí as Dún na nGall
- maidir le Dún na nGall agus/nó maidir le daonra Dhún na nGall

Tá sé comhdhéanta de leabhair agus ábhar closamhairc, nuachtáin, doiciméid, mapaí, grianghraif, paimfléid agus ábhar gearrshaolach chomh maith le bailiúchán mór leabhair uathúil. Áirítear ann freisin doiciméid leath-fhoilsithe agus doiciméid nach bhfuil foilsithe maidir le Dún na nGall agus/nó daonra Dhún na nGall. Tá an bailiúchán ag fás go leanúnach de réir mar a fhoilsítear míreanna nua agus mar gheall ar mhíreanna níos sine atá á gceannach ó dhíoltóirí leabhair ársa.

Tá digitiú déanta ar roinnt den ábhar clóite a bhfuil an-tóir air agus ar ábhar atá as cló, lena n-áirítear nuachtáin, lena n-úsáid sa Lárleabharlann, atá ar an bpríomhstór do Staidéir Dhún na nGall.

Cuireann Leabharlann Chontae Dhún na nGall le líonra acmhainne náisiúnta d'ábhar ó thaobh staidéar a dhéanamh ar stair áitiúil agus ar chultúr ar fud na hÉireann. Freastalaíonn an tSeirbhís don spéis agus don éileamh ar ábhar den uile chineál staidéir áitiúil, mar shampla, trí liostaí bliantúla a chur ar fáil d'fhoilseacháin Staidéir Dhún na nGall a fhoilsítear i mBliainiris Chumann Staire Chontae Dhún na nGall. Is féidir nasc a fháil maidir leis sin ag www.donegallibrary.ie.


Déanann Leabharlann Chontae Dhún na nGall éascú do agus spreagann grúpa staire áitiúil agus déanann óstach ar chlár mór imeachtaí staire áitiúil i leabharlanna ar fud Dhún na nGall. Is acmhainn luachmhar atá i saineolas na foirne i stair áitiúil agus i nginealas agus is féidir fiosruithe a dhéanamh ar an teileafón, trí ríomhphost nó trí bhualadh isteach chun na hoifige. Sa bhliain 2015 dhéileáil an Lárleabharlann, Leitir Ceanainn le 4,300 fiosrúchán maidir le staidéir áitiúil.

Tá idirchaidreamh a dhéanamh le agus freastal ar leasa Diaspóra Dhún na nGall laistigh de théarmaí tagartha Staidéir Dhún na nGall. Leis sin san áireamh, oibríonn foireann na Leabharlainne go dlúth le Tionscadal Diaspóra na Comhairle ó thaobh forbairt a dhéanamh ar bhailiúcháin ábhar agus ó thaobh teagmhálacha a fhorbairt.

Sa bhliain 2013, foilsíodh 'Cé a Shíleann Tú atá Ionat?' Who Do You Think You Are? A Guide to Genealogy Resources. Is foinse luachmhar é an leabhrán seo mar an chéad phointe teagmhála do go leor den Diaspóra a bhfuil fonn orthu stair a dteaghlach a lorg. Is féidir teacht air ag www.donegallibrary.ie chomh maith le fáil a bheith ar chóip chrua sna leabharlanna.

Ceannaíodh 1,500 mír stoic nua do Bhailiúchán Staidéir Dhún na nGall sa bhliain 2015. Le liosta mionsonraithe a fháil de mhíreanna Staidéir Dhún na nGall a ceannaíodh bliain ar bhliain, féach nasc Bibleagrafaíocht Bhliantúil Staidéir Dhún na nGall ag www.donegallibrary.ie.

Eagraíonn foireann na leabharlainne imeachtaí ar bhonn bliantúil do chlár Seachtain na hOidhreachta i mí Lúnasa.




Student Laura Kernan studying at Central Library, Letterkenny (Photo Credit Paul Mc Guckian)

# An tSeirbhís Ealaíon

Tá ag gach uile dhuine an ceart chun páirt a ghlacadh gan chosc i saol Cultúir an phobail, áineas na n-ealaíon a bheith aige agus páirt a bheith aige in ascnamh agus i sochair na heolaíochta.

Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagal 27(1).

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, 1984



Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall



Compántas Amharclainne Bread and Roses ( Griangraf: Rik Walton)



Cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall raon tacaíochtaí ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar na healaíona i gContae Dhún na nGall. D'oibrigh an tSeirbhís Ealaíon go dlúth le raon leathan ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíne, soláthróirí seirbhíse oideachais agus le grúpaí pobail i ngach páirt den Chontae. Ag teacht le spriocanna agus cuspóirí Ceangail Chultúir: Plean Straitéiseach do Rannán na Seirbhísí Cultúir 2009–2014, thug an obair seo tosaíocht d'fheabhsú leanúnach rochtain chuig agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheach i measc muintir an phobail, do chur chun cinn agus d'fhorbairt luach oideachasúil na n-ealaíon agus do thacaíocht a thabhairt d'ardchaighdeán agus do nuálaíocht in earnáil na n-ealaíon.

**Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm**

Thionscain Comhairle Contae Dhún na nGall Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm sa bhliain 2001 chun fócas agus comhthéacs a chur ar fáil do chruthú agus do thaitneamhacht na n-ealaíon agus ar an mbealach a léirítear iad i ndeisceart an Chontae. Bíonn an Fhéile ar siúl i ndeireadh mí Mheán Fhómhair/ tús Mí Deireadh Fómhair agus bhí imeachtaí ar siúl in imeacht na mblianta i mBéal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Bealach Féich, Dún na nGall, Tamhnach an tSalainn, Dún Cionnaola, na Cealla Beaga, Cill Chartha, an Charraig, Gleann Choilm Cille, Ard an Rátha agus na Gleannta. Baineann lucht féachana áitiúil agus cuairteoirí taitneamh as clár féile lena mbíonn, cuairteanna ar amharclanna, ceol agus damhsa traidisiúnta, imeachtaí liteartha, na hamharcealaíona, ealaín sna scoileanna, ceardlanna ealaín charnabhail agus paráid charnabhail san áireamh chomh maith le léiriúcháin ceol clasaiceach agus comhaimseartha.

I measc buaicphointí na Féile le blianta beaga anuas bhí Paráid an Charnabhail i mBéal Átha Seanaidh, compántas amharclannaíochta tírdhreacha LUXe agus an Fidget Feet Aerial Dance in Cirque du Saimer in 2011 agus Dark Daughter Productions, na Donegal Weavers agus Damhsa Gaelach leis an


Compántas Landscape Theatre (Griangraf: Mark Louden)

Dominican School of Irish Dancing in 2015, imeacht le téama W.B. Yeats Rince Rince Linn. Bhí an amharclann mar ghné láidir de chlár na Féile i gcónaí, agus bhí léiriúcháin de chuid an Donegal Drama Circle, Compántas Amharclainne Balor Rep agus an Grianán chun tosaigh. San áireamh i mbuaicphointí le gairid bhí léiriúcháin de chuid an Ghrianáin agus *Aristocrats* (Brian Friel) le hAmharclann an Workhouse, *The Lonesome West* (Martin McDonagh) leis an Donegal Drama Circle agus *The Odd Couple* (Neil Simon) chomh maith leis *The Patsy Cline Story* (Conor Malone) le Compántas Amharclainne Balor Rep agus *The Country Boy* (John Murphy).

Tá an Fhéile, atá comhordaithe ag an tSeirbhís Ealaíona go mór faoi chomaoin ag eagraíochtaí agus ag cuideachtaí ealaíona comhpháirtíochta fadseasmhach, lena n-áirítear an Abbey Arts Centre agus Erne Enterprise Development Company Ltd., i mBéal Átha Seanaidh, Dark Daughter Productions, Bun Dobhráin, compántas amharclannaíochta tírdhreacha LUXe atá lonnaithe in Inis Eoghain, an Balor Arts Centre agus Compántas Amharclannaíochta Balor Rep i mBealach Féich, an Donegal Drama Circle i mBaile Dhún na nGall, Cairdeas na bhFidléirí, Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil ETB Dhún na nGall, Coiste Cultúir Dhún Cheann Fhaola agus grúpa ealaíne Mheitheal Ealaíne, Gleann Cholm Cille.

## Oíche Chultúir

Is tionscnamh náisiúnta de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta í an Oíche Chultúir atá deartha le rochtain ar agus le spéis a spreagadh sna healaíona agus san oidhreacht i measc gach duine sa tsochaí. Sa bhliain 2009 thug an Roinn cuireadh do Leitir Ceanainn a bheith mar fhócas do chlár an Oíche Chultúir i nDún na nGall agus ó shin, tá comhordú déanta ag Comhairle Contae Dhún na nGall, trí Rannán na Seirbhísí Cultúir, agus tá curtha go mór le clár na hOíche Cultúir sa bhaile. Tá an-tóir ag an bpobal ar an imeacht, a bhíonn á reáchtáil ar feadh oíche amháin i mí Mheán Fhómhair, agus a mheallann líon mór grúpaí teaghlaigh, go háirithe chuig saoráidí cultúir atá faoi úinéireacht na Comhairle, ar nós Músaem Chontae Dhún na nGall,



Féile Damhsa Aeir Fidget Feet, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Jym Daly)

an tIonad Cultúir Réigiúnach, Amharclann an Ghrianáin agus an Lárleabharlann.

I measc na ngnéithe den chlár a raibh an-tóir orthu in imeacht na mblianta bhí, *Hands-On Art Room* an Ionaid Réigiúnach Chultúir, cosán dealbh soilsithe Cosán Glas Loinnir, i bPáirc an Bhaile, Leitir Ceanainn, clár taispeántais agus seisiúin Chomhaltas Ceoltóirí Éireann i Músaem Chontae Dhún na nGall, turais siúlóide an bhaile eagraithe ag an Oifig Oidhreachta, imeachtaí Crash Cabaret an Ghrianáin, cainteanna agus léitheoireacht sa Lárleabharlann, ceadail chórúil in Ardeaglais Naomh Eunan agus in Eaglais Pharóiste, Conbháil, ceardlanna agus taispeántais amharcealaíona i Stiúideonna Ealaíona *Create-A-Link Artists* agus clár idirchultúrtha a bhí ar siúl in Ionad Acmhainne Idirchultúrtha Phort na Fáilte ar dtús agus ag Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall, Port House le déanaí.

Sa bhreis air sin, le síneadh chláir an Oíche Chultúir chun na Gaeltachta sa bhliain 2011, rinne an tSeirbhís Leabharlainne óstach ar imeachtaí an Oíche Chultúir, ina cuid saoráidí Gaeltachta, go háirithe i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair.

### Irish Aerial Dance Festival

Is comhpháirtíocht idir Fidget Feet Aerial Dance Company, Amharclanna an Ghrianáin agus Comhairle Contae Dhún na nGall, a thionscain an chéad *Irish Aerial Dance Festival* sa bhliain 2010, a reáchtáladh i Leitir Ceanainn. Ó thús a bhí réasúnta lag, tarraingíonn an fhéile os cionn 120 damhsóir ar bhonn bliantúil anois as Éirinn, an Ríocht Aontaithe, chomh maith le Stáit Aontaithe Mheiriceá, Ceanada, an Astráil, Meiriceá Theas, an tSeapáin agus an India. Cuireann an Fhéile clár cónaitheach ar fáil atá leathanréimseach agus dian de ranganna damhsa comhaimseartha speisialaithe atá á n-éascú ag foireann de 13 cleachtóir agus múinteoir gairmiúil ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta as Éirinn, Albain, Sasana, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Spáinn. Áirítear ar ionaid na Féile, Amharclann an Ghrianáin, an tIonad Cultúir Réigiúnach, Ionad Fóillíochta Aura agus Ionad Pobail Leitir Ceanainn.

D'oscail an *Fidget Feet Aerial Dance Company*, atá á maoiniú agus faoi stiúir an damhsóra agus an cóiréagrafaí as Bealach Féich, Chantal McCormick, an chéad Ionad Damhsa Comhaimseartha in Éirinn i Luimneach in 2015.

### Ionad Comhpháirtíochta Cultúir EDGES

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall rannpháirteach ón mbliain 2007, trína Rannán Seirbhísí Cultúir, le comhpháirtithe in Oirthear na hÍoslainne agus i dTuaisceart na hIorua, i dtionscadal Cultúir, nuálach, trasnáisiúnta an Atlantaigh Thuaidh dar teideal **EDGES**. Tá an tionscadal comhdhéanta d'oidhreacht chultúir agus d'ealaín chomhaimseartha mar bhealach le láidriú a dhéanamh ar aitheantas áitiúil agus ar thaithí comhroinnte chun cur le cleachtas forbartha oideachais agus turasóireacht sna trí réigiún imeallacha seo d'Iarthuaisceart na hEorpa. Is iad comhpháirtithe an tionscadail, Comhairle Réigiúnach Vesterålen (an Iorua), an Comhairle Réigiúnach na hÍoslainne Thoir agus Seirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall.

Thug toscaireacht de 19 ionadaí tofa, comhaltaí na Comhairle Cultúir, ealaíontóirí agus bainisteoirí seirbhísí agus saoráidí Cultúir ó Vesterålen agus ó Oirthear na hÍoslainne faoi thuras staidéir trí lá chuig Dún na nGall agus rinne na Seirbhísí Cultúir óstach ar an gcuairt i mí an Mheithimh 2009. Thug an toscaireacht cuairt air agus chas le bainisteoirí Cultúir áitiúil agus cleachtóirí ealaíne i Músaem Chontae Dhún na nGall, an tIonad Réigiúnach Cultúir agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil ETB Dhún na nGall, Amharclanna an Ghrianáin agus Fidget Feet Aerial Dance Company, Gailearaí na Gléibe, Mín an Lábáin, ealaíontóir an Chosáin Ghlais in Ionad Phobail Machaire Rabhartaigh agus tionscnamh ceoil traidisiúnta, Tionscnamh Lugh in Ionad Cois Locha, Dún Lúiche. Mar thoradh díreach ar an gcuairt seo, tugadh cuireadh, i bhFómhar na bliana 2010, do Fidget Feet Aerial Dance Company, faoi stiúir an cóiréagrafaí Chantal McCormick as Bealach Féich, cuairt a thabhairt ar Oirthear na hÍoslainne, áit ar chuir an chuideachta trí léiriúchán ar stáitse dá dtaispeántas camchuairte, *Madam Silk*, a bhfuil cáil dhomhanda bainte amach aige, chomh maith le hóstach a dhéanamh ar shraith ceardlanna comhaimseartha do ghrúpaí óige áitiúil.



Seamus Neely, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Dhún na nGall ag seoladh 'Ground Zero'. (Grianghraf: Clive Wasson)

Ar an gcomhoibriú ba mhó ar tugadh faoi, áfach, bhí sraith de thrí tréimhse chónaitheach músaem-bhunaithe, faoi na teidil *The Edge of The Pier* (Vesterålen, Fómhar 2010), *The Edge of the Sea* (Dún na nGall, Samhradh 2010) ag díriú ar thuras farraige a thug manaigh na Luathré Chríostaí as Dún na nGall ar an Íoslainn agus *The Edge of the Imagination* (Oirthear na hÍoslainne, Samhradh 2011) ag díriú ar bhéaloideas agus ar chreideamh miotasach. B'iad na healaíontóirí cónaithe i Músaem Dhún na nGall ná Theresa Kavanagh agus Joleen McLaughlin, atá ina gceoltóirí traidisiúnta agus ina gcumadóirí ildánach ceoil. D'oibrigh siad i gcomhar le ceoltóirí as an Iorua agus as an Íoslainn agus mar thoradh ar an obair sin cuireadh ar stáitse den chéad uair an tsraith cheoil, *Imramh Theileann/The Teelin Voyage* ag Féile Ealaíon na hAragala i mí Iúil 2010 agus ag an Melbu Summer Festival i Vesterålen in 2012.

### Amharclann an Ghrianáin

Is saoráid atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Dhún na nGall í Amharclann an Ghrianáin. Osclaíodh an amharclann don phobal i mí Deireadh Fómhair 1999 agus ó shin tá sí tagtha chun cinn mar cheann de na príomhthithe taibhealaíne agus léiriúcháin amharclainne is mó le rá in Iarthuaisceart na hÉireann.

### Brian Friel, Pearsa Dhún na nGall na Bliana

Bhí ceiliúradh ar obair Brian Friel, mar bhuaicphointe chlár amharclainne an Ghrianáin sa bhliain 2011, mar aitheantas ar a ainmniúchán mar Phearsa Dhún na nGall na bliana. Cuireadh an chéad cheann, Rediscovering Friel, i láthair le linn Féile an Earagail agus bhí dhá léamh san áireamh ansin ar oibreacha Friel nach bhfuil mórán aithne orthu, The Gentle Island, a bhí á stiúradh ag David Grant agus Volunteers, a bhí á stiúradh ag Frankie McCafferty. Is compántas gairmiúil d'aisteoirí Dhún na nGall, lena n-áirítear Patrick McBrearty, Charlie Bonner, Frankie McCafferty, Dessie Gallagher agus Gerard McSorley a thug faoin léitheoireacht. I mí Mheán Fhómhair, le cúnamh breise ó Chomhairle Chontae Dhún na nGall, thug an Grianán faoi léiriúchán ar lánscála de *Aristocrats*, a bhí á stiúradh ag Iarla McGowan. Léiríodh an dráma ar cheithre ócáid agus bhí amharclann an Ghrianáin lán go doras ar gach ócáid acu sin agus bhí an scéal amhlaidh i mBéal Átha Seanaidh agus sna Gleannta, agus bhí an léiriú mar chuid d'Fhéile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm. Chuir léiriúchán de dhá dhráma aonghnímh, *Afterplay*, a bhí á stiúradh ag Sean McCormick, le Jean Curran agus Donal Kavanagh, agus Winners, faoi stiúir John McGinley, ina raibh na haisteoirí óga Odhran O'Donnell agus Sarah McGoohan, clabhsúr ar Shéasúr Friel.

### Tréimhse Chónaitheach Little John Nee

ISa bhliain 2010-11 bhí Amharclann an Ghrianáin rannpháirteach i dTréimhse Chónaitheach leis an ealaíontóir Little John Nee, ar éirigh thar barr leis agus a bhí maoinithe ag Peace III. Áiríodh ar obair sa Tréimhse Chónaitheach léiriúchán agus turais le trí dhráma le Little John *The Derry Boat*, *The Mental* agus *Rural Electric*. Ba é buaicphointe a baineadh amach sa tréimhse chónaitheach ná foilsiú *A Donegal Trilogy* i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall, inar áiríodh scripteanna do na trí dhráma chomh maith le hábhar a bhaineann le gairm Little John agus an Tréimhse Chónaitheach sa Ghrianán. I gcomhlánú an tionscadail sa bhliain 2015, chuidigh an tSeirbhís Ealaíon le Little John Nee taifeadadh a dhéanamh ar rogha amhráin óna sheónna amharclainne ó 1999





go 2014, a raibh coimisiúnú déanta nó cuidiú tugtha ag Comhairle Contae Dhún na nGall le go leor acu. Sheol Cathaoirleach Comhairle Contae Dhún na nGall, an Comhairleoir John Campbell, an CD a bhí mar thoradh air sin, *Songs from The Swilly Delta* san Ionad Cultúir Réigiúnach.

### Féile Ealaíon na hAragala

Thionscain Comhairle Contae Dhún na nGall Féile Ealaíon na hAragala sa bhliain 1989. Le fás leanúnach agus forbairt a éascú, ionchorpraíodh an fhéile mar chuideachta teoranta sa bhliain 2004 agus tá sí á bainistiú agus á riaradh anois ag Cuideachta Bainistíochta Féile Ealaíon na hAragala Teoranta thar ceann Comhairle Contae Dhún na nGall. Is ardán suntasach do Dhún na nGall, d'ealaíontóirí Éireannacha agus idirnáisiúnta atá san Fhéile; beidh Amharcealaíona, Amharclann, Ceol agus Amhráin, Damhsa, Seónna, imeachtaí do Leanaí agus imeachtaí an Fhocail Labhartha, i mBéarla agus i nGaeilge araon san áireamh. Bíonn na himeachtaí ar siúl go príomha ar fud Tuaisceart agus Iarthar Dhún na nGall.


### 25 Bliain Slánaithe ag Féile Ealaíne na hAragala

Rinne Féile Ealaíne na hAragala ceiliúradh ar 25 bliain ar an bhfód sa bhliain 2013, bliain an Gathering. Le tacaíocht fhlaithiúil ó Fáilte Éireann, bhí an Fhéile ainmnithe mar imeacht ceannródaíoch. Chuir sé sin ar a cumas an t-imeacht is uaillmhianaí le blianta beaga anuas a chur ar fáil, sé sin ceolchoirm Abhaile/Homecoming in Ollphubal Speisialta na Féile ag Aerfort Idirnáisiúnta Dhún na nGall, sa Charraig Fhinn. Bhí grúpaí mór le rá a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach acu ar stáitse agus san áireamh ansin bhí, Clannad, Altan, The Henry Girls agus Fidil, agus d'fhreastail os cionn 1,500 ar an ócáid.


### Coimisiúin na Féile

Lean Féile Ealaíne na hAragala uirthi ag cur le próifíl Dhún na nGall agus le próifíl ealaíontóirí atá lonnaithe in Éirinn, mar phróiseas leanúnach, trí shraith d'oibreacha coimisiúnaithe agus de chéad léiriúcháin, lena n-áirítear Róise Goan agus Destination Doughnut le Catriona McLaughlin, sraith de sheónna den scoth a bhí pleanáilte ag compántas amharclainne tírdhreacha LUXe, Sparkplug, le Little John Nee, a bhfuil gradam bainte amach aige agus coimisiúin agus comhoibriú idir cheoltóirí ó Dhún na nGall agus thar lear, lena n-áirítear Fidil, Solo Cissokho, The Henry Girls, The Foxhunt, Inishowen Traditional Music Project, Ralf Rolle agus Selan Lerner (Nile Rogers/Chic).

Lean an Fhéile uirthi ag obair le raon comhpháirtithe áitiúil, lena n-áirítear, an tIonad Cultúir Réigiúnach, Seirbhís Ealaíne Pobail agus Ealaín Dhún na nGall, Ionad Ealaíon Balor, An Gailearaí, Artlink i Fort Dunree, Teach agus Gailearaí na Gléibe, Mín an Lábáin, Amharclann an Ghrianáin, Aisteoirí Ghaoth Dobhair, an tSeanbheairic agus Tionscnamh Lugh.



Compántas LUXe
Landscape Theatre
(Griangraf: Mark Louden)



# Seirbhís Chartlainne

## Tá ár gcultúr fós ar an fhoinse is mó atá bainte amach againn chomh maith lena bheith ar an spás is dóchúla atá againn ó thaobh athnuachan agus léirmhínithe

Michael D. Higgins

Imleabhair cheangailte na Comhairle Ceantair Tuaithe ó Bhailiúchán Chartlann an Chontae, arna stóráil san Ionad Cartlainne, Leifear, (Grianghraf: Paul Mc Guckain)

Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís Chartlainne oidhreacht taifeadta agus doiciméadaithe mhuintir Dhún na nGall a chaomhnú agus a dhéanamh inrochtana. Déantar iarracht é sin a dhéanamh trí, fháil, catalógú, caomhnú agus stóráil shlán bailiúcháin chartlainne de bhunús poiblí agus príobháideach a bhaineann le stair agus le cultúr Dhún na nGall, agus trí rochtain a chur ar fáil don phobal chun a cartlann. Oibríonn an tSeirbhís Chartlainne i gcomhpháirtíocht le go leor grúpaí agus eagraíochtaí. Tá sé mar aidhm ag an tSeirbhís trína clár for-rochtana agus oideachais, cartlanna a thabhairt chomh fada leis an bpobal níos leithne.

### Fáil agus Caomhnú

Tá sé ar chuid de théarmaí tagartha Chartlann an Chontae, bailiúcháin cartlanna a bhfuil stair shuntasach i gceist leo agus a bhaineann le Contae Dhún na nGall a lorg go gníomhach. Sna blianta 2011 – 2012 rinne an tSeirbhís catalógú ar bhailiúchán suntasach de chartlanna a bhronn Bord Chumann Lúthchleas Gael (GAA) Chontae Dhún na nGall ar an gCartlann. Foilsíodh leabhrán léirithe gaolmhar, Archives of the Donegal Gaelic Athletic Association County Board. San áireamh sa leabhrán tá liosta de mhíreanna atá sa bhailiúchán agus tugtar stair ghairid maidir leis an CLG in Éirinn agus i gContae Dhún na nGall. Sheol an tUasal P.J. McGowan, Cathaoirleach Bhord CLG an Chontae, an taisce bailiúchán agus an leabhrán i bPáirc MacCumhaill, i mBealach Féich, sna seachtainí tar éis do Dhún na nGall Craobh Sinsearach na hÉireann sa Pheil a sciobadh leo, agus bhí Corn Mhig Uidhir ar taispeáint go buacach le linn na hócáide.

I mí Mheán Fhómhair 2010 fuair an tSeirbhís Chartlainne bronntanas tábhachtach eile, páipéir Joseph Murray ó Dhún Dobhráin. Bhí páirt lárnach ag Murray i gCogadh na Saoire agus sna blianta tosaigh den Chogadh Cathartha i nDeisceart Dhún na nGall. Is é Patrick, mac le Joseph Murray a bhronn na páipéir, lena n-áirítear comhfhreagras, meabhráin, litreacha,




Leabhar miontuairiscí an Bhoird Sláinte, ó Bhailiúchán Chartlann an Chontae, an tIonad Cartlainne, Leifear, (Grianghraf: Paul Mc Guckian)




Leabhar comhfhreagrais Choiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall, ó Bhailiúchán Chartlann an Chontae, an tIonad Cartlainne, Leifear, (Grianghraf: Paul Mc Guckain)

nótaí, grianghraif agus gearrtháin ó nuachtáin ar Chartlann an Chontae. Rinneadh catalógú ar na páipéir an bhliain sin agus seoladh iad i gCampa Fionnabhair. Tá na cartlanna comhdhéanta de dhoiciméid chartlainne bunaidh, lena mbaineann tábhacht náisiúnta a nochtann leibhéal ard gníomhaíochta de chuid an IRA i nDeisceart Dhún na nGall, go háirithe i mBun Dobhráin agus Béal Átha Seanaidh, le linn Chogadh na Saoirse agus suas go dtí an Cogadh Cathartha.

Bhí caomhnú cartlanna agus rochtain chuimsitheach ar bhailiúchán mar ghníomhartha tábhachtach i Straitéis na Seirbhísí Cultúir, Ceangail Chultúir. Rinneadh, mar chuid de sin, micreascannánú agus digitiú ar mhiontuairiscí cruinnithe cartlainne Comhairle Contae Dhún na nGall. Sa bhliain 2013, rinneadh digitiú ar Leabhair na gCuairteoirí ó dhá Óstán i nGaoth Dobhair a théann siar chomh fada le 1842 go 1874, a sholáthraíonn tráchtaireacht uathúil sóisialta, geilleagrach agus polaitiúil maidir leis an naoú haois déag (19ú) in Iarthar Dhún na nGall, do rochtain agus do chaomhnú, mar gheall ar an tábhacht a bhain leo agus mar gheall go bhfuil siad ina ndoiciméid atá thar a bheith leochaileach.

Téann an méid atá fanta de chartlanna Ard-Ghiúiré Chontae Dhún na nGall, an bailiúchán cartlainne is sine i gCartlann an Chontae, siar chomh fada le 1753. Rinneadh caomhnú, athcheangal agus micreascannánú ar bhailiúchán iomlán Ard-Ghiúiré Chontae Dhún na nGall a bhí i riocht leochaileach le cúnamh deontas sa bhliain 2011 ón gComhairle Oidhreachta.

Sa bhliain 2009, comhoibrigh an tSeirbhís Chartlainne le Scoil na Staire agus na Cartlainne, an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar thogra maoinithe maidir le caomhnú chuig an Wellcome Trust. Dheonaigh an Wellcome Trust £12,000 steirling do thionscadal suirbhé ar mhaoiniú. Bhí caomhnú cuimsitheach bunachar sonraí tosaíochta na dtaifead iomlán leighis agus sláinte a bhí is seilbh Seirbhís Chartlainne Chontae Dhún na nGall mar thoradh air sin.

Cuireadh bailiúcháin éagsúla i gCartlann an Chontae, lena n-áirítear leabhair rolla scoileanna náisiúnta, cláir de

thuarascálacha cigire, miontuairiscí de chruinnithe Chumann Talmhaíochta Inis Eoghain, cláir reiligí, taifeadadh de stair bhéil agus grianghraif. Fuarthas míreanna freisin lena mbaineann tábhacht stairiúil aonair, ar nós tuarascáil eochróra Phríosún Leifir 1829 – 1831, an dara Leabhar do Chuairteoirí ó Óstán Ghaoth Dobhair, agus cuntas léirithe de stair agus d'oidhreacht na Rosa, lena n-áirítear grianghraif agus téacs.

Áiríodh ar bhailiúcháin a bhí liostaithe, curtha i mboscaí agus inrochtana do thaighde, go leor leabhair rolla agus cláir scoileanna náisiúnta, taifid a fuarthas ó Fort Dunree, an dara tráinse de thaifid ó Ospidéal Naomh Conaill, bailiúchán Steele Nicholson, bailiúchán de thaifid Scoileanna maoinithe Leifear agus taifid Chomhairlí Ceantair Uirbeacha an chontae, chomh maith le taifid Phleanála, Tithíochta, Uisce agus Timpeallachta na Comhairle Contae a cuireadh ar thaisce sa Chartlann. Sa bhliain 2011 bhronn Teagasc saibhreas cartlainne an chomhlachta a bhí ann roimhe seo, Coiste Talmhaíochta Chontae Dhún na nGall ar Chartlanna an Chontae, lena n-áirítear miontuairiscí cruinnithe agus tuarascálacha. Rinneadh liostú iomlán ar an mbailiúchán seo sa bhliain 2012.

## Oideachas

**Deich mbliana d'athruithe agus pacáistí maidir le Plandáil Uladh**



Cartlann (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

Tar éis chomh maith is a d'éirigh le pacáistí staidéir oideachais do bhunscoileanna agus do scoileanna dara leibhéal ar an ábhar maidir le hImeacht na nIarlaí in 2007 agus 2008, chuir an tSeirbhís Chartlainne pacáiste staidéir ar fáil ar Phlandáil Uladh, a bhí dírithe go príomha ar scoileanna dara leibhéal ach a bhí oiriúnach do mhúinteoirí ag gach leibhéal. Tá stair léirithe sa phacáiste a bhaineann leis an tréimhse, a chlúdaíonn na himeachtaí suas chomh fada leis an bPlandáil agus Éirí Amach 1641 ina dhiaidh sin. Áirítear ann 18 atáirgeadh ar ardchaighdeán de dhoiciméid ón 16ú agus an 17ú haois agus bileoga oibre do dhaltaí. Rinne Ciste Forbraíochta Réigiúnaí an Aontais Eorpaigh páirtmhaoiniú ar an tionscadal trí Chlár Síochána agus Athmhuintearais an AE, faoi bhainistíocht Chomhairle Chontae Dhún na nGall do Chomhlacht na gClár Speisialta AE. Glacadh go fonnmhar leis an bpacáiste agus scaipeadh an clár ar mhúinteoirí, scoileanna agus ar choláistí tríú leibhéil ar fud Chontae Dhún na nGall, ar chontaetha na teorann agus ar fud na tíre; ar ionaid agus ar ghrúpaí Éireannach thar lear freisin. Bhí ceardlanna ar siúl ar fud an chontae sa bhliain 2009 le scoileanna dara leibhéil agus úsáid á bhaint de ghnéithe ón bpacáiste.

Mar chuid de chomóradh na Seirbhíse Cartlainne ar Dheich mBliana na gCuimhneachán (1912 – 1923), cuireadh pacáiste staidéir ar fáil do scoileanna sa bhliain 2013, dar teideal *A Decade of Change: Donegal and Ireland*, 1912 – 1923. Fuarthas tacaíocht leis an bhfoilseachán, ar cuid de thionscadal Lámha na Staire é,




ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa an Aontais Eorpaigh agus fuair an tionscadal maoiniú faoi Peace III. Tá leabhrán léirithe san áireamh sa phacáiste a thugann stair ghairid maidir le hÉirinn agus Dún na nGall ó dheireadh na naoú haoise déag (19ú) go dtí deireadh an Chogaidh Chathartha. Tá 18 atáirgeadh ar ardchaighdeán d'ábhar chartlainne bunaidh sa phacáiste, go leor acu sin ó bhailiúchán Chartlainne an Chontae féin. Tá líon ceisteanna do na daltaí ar a taobh thiar de gach atáirgeadh. Scaipeadh an pacáiste ar scoileanna agus ar choláistí ar fud an chontae agus bhí ceardlanna do dhaltaí na hidirbhliana ar siúl sa bhliain 2014.

## Tionscadail Speisialta

### Cionn Mhálanna

Cuir Cartlann Dhún na nGall leabhrán léirithe ar na gnéithe difriúla staire maidir le Cionn Mhálanna ar fáil sa bhliain 2014. Tá an foilseachán, dar teideal *Malin Head: An Enchanting Place, A Colourful Past*, dírithe orthu siúd ar spéis leo an turasóireacht chultúir agus oidhreacht, tírdhreach, béaloideas, cartlann agus stair Dhún na nGall. Rinneadh 3,000 cóip den leabhrán a phriontáil agus a scaipeadh ar ionaid turasóireachta agus oidhreachta agus ar ghrúpaí staire áitiúil ar fud na tíre é.

### An Stair a bhaineann le Comhairlí Uirbeacha Chontae Dhún na nGall

Chuir an tSeirbhís Chartlainne leabhrán léirithe ar fáil dar teideal *Buncrana Urban District/Town Council: A Short History*, mar chuid de chomóradh céad bliain Chomhairle Baile Bhun Cranncha agus díscaoileadh na Comhairle sin sa bhliain 2014. Tá an bailiúchán is fearr cartlanna d'aon Chomhairle Baile sa tír ag Comhairle Bhaile Bhun Cranncha, a théann siar chomh fada le bunú na Comhairle Ceantair Uirbigh mar a bhí ann sa bhliain 1914. Áirítear sa bhailiúchán, comhfhreagras, leabhair miontuairiscí, doiciméid airgeadais, mapaí, pleananna agus gníomhas dlíthiúil a raibh baint

acu le forbairt Bhun Cranncha os cionn 100 bliain ó shin. Áirítear leis an mbailiúchán leathan, comhaid ar shoilse poiblí, séarachas agus soláthar uisce, bóithre, pleanáil agus infrastruchtúr tithíochta, foireann agus toghcháin na Comhairle agus comhaltas na Comhairle. Tugadh liostú an bhailiúcháin chun críche sa bhliain 2014 agus seoladh an chatalóg priontáilte agus an leabhrán gaolmhar in oifigí Chomhairle Baile Bhun Cranncha i mí Deireadh Fómhair. Scaipeadh an leabhrán agus an chatalóg araon go leathan agus cuireadh ar fáil ar líne iad.

Chuidigh an tSeirbhís Chartlainne leis an Músaem, trí thaighde agus soláthar cartlanna, i gcur ar fáil an taispeántais agus an leabhar ar stair Chomhairle Baile Leitir Ceanainn. Chuidigh an tSeirbhís Chartlainne leis an tSeirbhís Leabharlainne freisin maidir lena taispeántas ar stair Chomhairle Baile Bhun Dobhráin. Rinneadh díscaoileadh ar an dá Chomhairle Baile seo sa bhliain 2014. Tá go leor de na cartlanna óna Comhairlí Uirbeacha go léir aistrithe chuig Cartlann an Chontae agus tá catalógú déanta orthu.

### For-rochtain agus taispeántais

Tá camchuairt tugtha timpeall an chontae, lena n-áirítear, leabharlanna, Ionaid Seirbhíse Poiblí, ionaid oidhreachta agus féile agus imeachtaí tugtha ag taispeántas camchuairte Chartlann an Chontae, *The Past in the Present*. Déanann an taispeántas a thug camchuairt ar Dhoire freisin, ceiliúradh ar 250 de chartlanna agus de stair Chontae Dhún na nGall agus cuireann go leor de bhailiúcháin Cartlanna an Chontae ar taispeáint.

Chuir Grúpa Cartlannaithe an Údaráis Áitiúil taispeántas i láthair: Local Elections, a chuaigh ar taispeáint i mí an Mheithimh 2009 (ag an am céanna a raibh na toghcháin áitiúla ar siúl) in Ionad Seirbhíse Poiblí Leitir Ceanainn chomh maith le taispeántas do chartlanna a bhaineann le toghcháin i nDún na nGall.

Chomhoibrigh Cartlann an Chontae le coimeádaithe músaem ar líon taispeántais, lena n-áirítear *A World Apart: the Donegal District Lunatic Asylum/St Conal's Hospital* i Músaem an Chontae. Áirítear sa taispeántas seo doiciméid ó bhailiúchán cartlanna Ospidéal



Léarscáil Shuirbhéireacht Ordanáis na hÉireann ón 19ú hAois, ó Bhailiúchán Chartlann an Chontae, arna stóráil san Ionad Cartlainne, Leifear, (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

Naomh Conaill; tá an bailiúchán seo curtha isteach i gCartlann an Chontae agus tá catalógú déanta air. Sa bhliain 2013, d'oibrigh an tSeirbhís Chartlainne le Músaem an Chontae agus le Músaem Dhoire agus leis an tSeirbhís Oidhreachta chun taispeántas dar teideal The Glass Album a chur ar fáil ina raibh, i measc míreanna cartlainne eile, bailiúchán páipéir a bhí ag Cartlanna an Chontae maidir le bás an Chigire William Martin agus gabháil an Athar James McFadden agus daoine eile i nGaoth Dobhair sa bhliain1889. Tá an taispeántas seo mar chuid den cheiliúradh ar Chathair Chultúir Dhoire.

Reáchtáladh taispeántais chartlainne freisin sa limistéar taispeántais oifige na Cartlainne i Leifear, lena n-áirítear *Family history Resources and Women in the Archives*. Cuireadh an ceann deireanach sin ar fáil i gcomhthráth le Lá Idirnáisiúnta na mBan. Léirigh sé na bailiúcháin éagsúla atá sa Chartlann a bhaineann le mná agus le cailíní. Reáchtáladh taispeántas sa bhliain 2014 ar ábhar an eisimircigh agus an stocaire ó Chionn Mhálanna, Daniel Doherty, tar éis catalógú iomlán a dhéanamh ar a bhailiúchán uathúil de pháipéir príobháideach. Chuaigh Daniel Doherty ar imirce ó Chionn Mhálanna go Bostún sa chéad deich mbliana den 20ú haois. Throid sé sa Chéad Chogadh Domhanda agus bhí sé mar stocaire a raibh tionchar aige ar chás na nÉireannach níos déanaí ian shaol. Chuir taispeántas i Leifear sa bhliain 2010 ar Social Exclusion and Poverty in 19th Century Donegal ar taispeáint go leor de chartlanna uathúla ó ocht gcinn de thithe na mbocht sa chontae.

Bhí an tSeirbhís Chartlainne rannpháirteach ar feadh go leor blianta i seisiúin athchuimhne in Ionaid Lae agus le grúpaí atá ar scor, ag tabhairt sean ghrianghraif, nuachtáin agus míreanna eile chomh fada leo. Bíonn an tSeirbhís rannpháirteach ar bhonn rialta i bhféilte náisiúnta agus áitiúil, ar nós Seachtain na hOidhreachta, Bealtaine, Wainfest agus sa tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta. Áiríodh ar imeachtaí do Sheachtain na hOidhreachta, taispeántais in ionaid pobail agus i bhfoirgnimh phoiblí, chomh maith le cainteanna agus ceardlanna. Bhí a *Archives in The Attic Day* i Leifear sa bhliain 2013, imeacht bolscaireacht le spreagadh a dhéanamh ar shíntiúis do chartlanna, clúdaithe ag na meáin áitiúla agus náisiúnta.

Tugadh cainteanna, ceardlanna agus léachtaí léirithe ar ábhar oidhreacht chartlainne Chontae Dhún na nGall do go leor grúpa agus eagraíochta staire agus oidhreachta áitiúil. Thug Cumann Staire Chontae Dhún na nGall cuireadh don chartlannaí leis an léacht Emerson a thabhairt mar chuid d'Fhéile Ealaíne Allingham i mBéal Átha Seanaidh i mí na Samhna 2013. Ba é *The History and Archives of 19th Century Ballyshannon* an téama.

Ghlac an tSeirbhís Chartlainne páirt i '*Who Do you Think You Are?*' seisiúin staire teaghlaigh a bhí ar siúl in áiteanna éagsúla sa bhliain 2010 agus bhí an tSeirbhís rannpháirteach sa bhliain ina dhiaidh sin i seó bóthair ginealais i Leitir Ceanainn, Gaoth Dobhair, Leifear, Bhun Cranncha agus Bun Dobhráin le ceiliúradh a dhéanamh ar Thionól na hÉireann, chomh maith le foireann an Músaem agus na Leabharlainne. Tugadh cartlanna a bhain le stair theaghlaigh chuig gach aon imeacht, lena gcur ar taispeáint, lena n-áirítear, cláir toghthóirí, leabhair luachála agus páipéir maidir le heastáit.

## Comhairle agus Tacaíocht: lucht taighde

Tugtar cúnamh, trí litir, ar an teileafón, ar ríomhphost, Facebook agus i seomra taighde na Seirbhíse Chartlainne do lucht taighde gach aon bhliain. Áirítear ar lucht taighde, foireann agus comhaltaí Comhairle Contae Dhún na nGall, staraí teaghlaigh, staraí áitiúil, lucht acadúil, mic léinn staire, an HSE agus eagraíochtaí seirbhíse poiblí eile, ginealaí gairmiúil, lucht taighde neamhspleách, léiritheoirí scannán agus teilifíse, gnóthaí, scríbhneoirí agus iriseoirí.

## Bainistíocht Taifead

Tá bainistíocht taifid neamhreatha údaráis áitiúla Dhún na nGall mar chuid de théarmaí tagartha Chartlainne an Chontae. Fuair an tSeirbhís cartlanna ó sheirbhísí éagsúla údaráis áitiúla go léir Chontae Dhún na nGall, agus rinne an tSeirbhís caomhnú orthu agus liostaigh iad agus chuir ar fáil do lucht taighde iad; fuair an tSeirbhís taifid neamhreatha ó údaráis áitiúla Dhún na nGall, stóráladh iad agus rinneadh inrochtana iad, agus rinneadh moltaí maidir le cur i gcartlann nó diúscairt a dhéanamh taifid neamhchartlainne údaráis áitiúil. Cuireadh oiliúint ar fáil maidir le bainistíocht a dhéanamh ar thaifid neamhreatha. Rinne an tSeirbhís suirbhé ar thaifid neamhreatha a bhí á gcoinneáil sna foirgnimh go léir atá faoi úinéireacht nó ar cíos ag údaráis áitiúil sa chontae, agus cuireadh tuarascálacha bliantúla faoi bhráid gach aon bhliain maidir le stádas taifid neamhreatha.


Léitheoir micreascannáin ag an Ionad Cartlainne, Leifear, Grianghraf: Paul Mc Guckian



# An tIonad Cultúir Réigiúnach



Le Trio Joubran ag an RCC.
Grianghraf: John Soffe


Déanann obair na n-ealaíontóirí léiriú ar an am atá againn faoi láthair agus déanann cothú ar ár dtuiscint maidir leis an am atá caite agus spreagann ár bhfís don todhchaí.

An Comhairle Ealaíon











Is ionad ealaíon saintógtha atá san Ionad Cultúir Réigiúnach arna fhorbairt ag Comhairle Contae Dhún na nGall, a dhíríonn ar na hamharc-ealaíona, ar cheol, scannán agus ar na meáin dhigiteacha agus a osclaíodh sa bhliain 2007. Faigheann an RCC maoiniú dá chlár bliantúil ón gComhairle Ealaíon. An tionchar ba mhó a bhí ar obair an RCC le linn na tréimhse 2009 – 2014, ar aon dul leis an gcuid eile den tír, ná an ghéarchéim i ngeilleagar na hÉireann. D'imigh tosaíocht an Ionaid ó dhíriú go díreach ar fhás go coinneáil ag imeacht le linn na géarchéime. Mar aon leis an gcuid eile den tseirbhís phoiblí, mhothaigh an RCC laghdú suntasach i maoiniú poiblí agus i líon na foirne.


In ainneoin sin, áfach, rinne an tIonad cothabháil ar leibhéal na gclár agus lean le beagnach an líon céanna imeachtaí a chur ar fáil agus a cuireadh ar fáil roimh an gcúlú eacnamaíochta.

Áiríodh ar phríomhthréithe obair an Ionaid le linn na tréimhse seo, leibhéal níos airde comhpháirtíochta, brath níos mó ar mhaoiniú tionscadal, ardú ar líon na n-imeachtaí camchuairte a fuair tacaíocht ón gComhairle Ealaíon agus ag brath níos mó ar oibrithe deonacha. Cé gur shocraigh an RCC beagnach gach imeacht san fhoirgneamh roimhe seo, thosaigh sé le níos mó spáis a chur ar fáil d'imeachtaí Cultúir a bhí eagraithe ag grúpaí reachtúil agus pobail, ar nós an HSE, Ionad Acmhainne Teaghlaigh Cara agus Comhairle Contae Dhún na nGall féin. Ar an gcaoi chéanna, lean an tIonad ag cur lena chaidreamh le agus méadú a chur ar líon na gcomhthionscadal le comhpháirtithe Cultúir áitiúil agus náisiúnta, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall, atá lonnaithe san Ionad, le hAmharclann an Ghrianáin atá sa chomharsanacht, Féile Ealaíon na hAragala, Gailearaí na Gléibe, Mín an Lábáin, an Nerve Centre Derry, an Gailearaí Gaoth Dobhair, an Líonra Ceoil, Foras Ailtireachta na hÉireann, Áras Nua-Ealaíne










Rising from the Ground Picture Story le Declan Doherty, RCC











na hÉireann (IMMA) agus an Chomhairle Ealaíon (Baile Átha Cliath go léir). Bhí líon suntasach de phríomhthionscnaimh furasta mar gheall ar mhaoiniú tionscadal ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear, Céatadán don Ealaín trí Chlár Ealaíne Poiblí Comhairle Contae Dhún na nGall, Cistí ó Chlár AE Peace III agus an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI). Lean an RCC freisin le clárú a dhéanamh ar líon níos airde de thaispeántais camchuairte le linn na tréimhse seo a fuair tacaíocht ón gComhairle Ealaíon.

### Taispeántais Fhéile Ealaíon na hAragala

Tá na spásanna gailearaí ealaíne is fearr sa tír ag an RCC agus lean sé ar aghaidh le mórthaispeántais ealaíne Éireannach agus idirnáisiúnta a chur ar taispeáint idir na blianta 2009 agus 2014. Tá an beartas taispeántais leathan in aon turas mar gurbh í an phríomhaidhm atá leis taithí ealaíne éagsúil a chur ar fáil do mhuintir na háite agus do chuairteoirí a bhféadfadh spéis a bheith acu iontu. Tá an RCC tiomanta freisin do shaincheisteanna a bhaineann le spéis áitiúil agus spéis níos leithne a fhiosrú trí mheán an taispeántais. Mar thoradh air sin, tá éagsúlacht mhór taispeántais ann, lena n-áirítear ealaín chomhaimseartha, ceardaíocht, dearadh, ailtireacht, oideachas, stair shóisialta, míchumas agus sláinte. D'fheidhmigh an tlonad clár leanúnach de thart ar sé thaispeántas sa Phríomhghailearaí ar an gcéad urlár ar feadh na bliana agus líon taispeántais den chineál céanna sa Foyer Gallery ar urlár na talún. Tá clár taispeántas Fhéile Ealaíne na hAragala ó mhí Iúil go mí Mheán Fhómhair, atá á eagrú ag an RCC agus ag Gailearaí na Gléibe i gcomhpháirtíocht le hionaid rannpháirteacha, ar cheann de bhuaicphointí amharc-ealaíona na bliana i gContae Dhún na nGall. San áireamh ann bhí *Hungarian Constructivism*, mórthaispeántas d'obair ealaíne nua-aoisí ón 20ú haois luath ó Ghailearaí Náisiúnta na hUngáire sa bhliain 2009, ID - *Imaging Donegal*, tionscadal ealaín phoiblí le maoiniú poiblí atá comhdhéanta de choimisiúin grianghraif le cúigear ealaíontóir-grianghrafadóir ceannródaíoch ó Dhún na nGall sa bhliain 2010, agus this then, aisbhreathnú ar obair an ealaíontóra ó Dhoire, Locky Morris sa bhliain 2011.

Reáchtáladh *The 5th Birthday Show*, sa bhliain 2013, taispeántas ó ghrúpaí Éireannach agus idirnáisiúnta chun 5 bhliana an ionaid a chomóradh. Bhí sé comhdhéanta de raon leathan oibreacha ealaíne a bhí bainteach le Dún na nGall, oibreacha a rinneadh i nDún na nGall agus bhailiúcháin ealaíne Dhún na nGall. San áireamh ann bí píosaí íocónach ó Dhún na nGall, ar nós West End Village, James Dixon, *Eddie Moore*, Derek Hill agus *Pullin the Devil by the Tail*, Steve McCollum, agus oibreacha ealaíne idirnáisiúnta ar nós *Puppy*, Jeff Koons, ó Bhailiúchán Comhairle Contae Dhún na nGall, agus *Faun*, pláta ceirmeach le Picasso ó Bhailiúchán Derek Hill. Cuireadh an R-M222: Ealaíontóirí Comhaimseartha Diaspóra Dhún na nGall, tionscadal a bhí coimisiúnaithe ag an RCC do Thionól na hÉireann i gcomhpháirtíocht le Clár Ealaíne Poiblí Dhún na nGall ar taispeáint i samhradh na bliana 2013. Thug an taispeántas le chéile líon ealaíontóirí comhaimseartha ceannródaíoch Éireannach agus idirnáisiúnta den chéad, dara, tríú agus ceathrú glúin de Diaspóra Dhún na nGall, bhí an taispeántas faoi choimeád Declan Sheehan. Áiríodh ar an ngrúpa a tugadh le chéile, ag a raibh ardphróifíl, Susan Philipz, buaiteoir Duais Turner, Liam Gillick agus George Shaw a bhfuil ainmniúchán Turner acu, mar aon leis na healaíontóirí den scoth a rugadh go háitiúil, Frances Hegarty, Vivienne Dick agus Pádraig Timoney. *Patrick Scott: Image Space Light*, is mór-aisbhreathnú a bhí anseo ar obair an ealaíontóra Éireannaigh de scoth ón 20ú haois, a raibh forbairt déanta ag an IMMA air agus a bhí faoi choimeád Christina Kennedy, Ceann na mBailiúchán. Rinne an taispeántas ceiliúradh ar nádúr éagsúil na hoibre a bhí déanta ag Scott a chlúdaíonn breis is seachtó bliain. Ó ailtireacht go péintéireacht, taipéis, dearadh troscán agus dearadh grafach, bhí obair Patrick Scott, nach maireann, bunaithe ar shraith prionsabail sainiúla agus bhí sé seo léirithe sa taispeántas fadréimseach. Reáchtáladh an taispeántas san IMMA agus i Visual Carlow an chéad leath de 2014 agus san RCC agus i nGailearaí na Gléibe sa samhradh agus bhí sé seo mar chuid de chlár níos leithne Fhéile Ealaíne an Earagail a bhí faoi stiúir an RCC.

## Taispeántais i gcomhpháirtíocht leis an gClár Ealaíne Poiblí

Eagraíodh líon de thaispeántais tábhachtach a bhí coimisiúnaithe ag an RCC le linn na tréimhse 2009 – 2014 i gcomhpháirtíocht le Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall mar chuid dá Sraith Chónaitheach agus fuair na taispeántais maoiniú faoin gCéatadán do Scéimeanna Ealaíne. Ar cheann de na chéad tionscadail Cónaitheach bhí *The Sweet Stuff*, tionscadal a bhí coimisiúnaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar 80 bliain an Mhonarcha Milseáin Oatfield i Leitir Ceanainn. Áiríodh ar an tionscadal trí chéim seo, taispeántas *Oatfield, a Short but Sweet History* i Músaem Chontae Dhún na nGall agus *The Sweet Fantastic*, tionscadal do bhunscoileanna san RCC. Is iad Redmoon Company, complacht mór le rá idirnáisiúnta ó Chicago agus daltaí ó Scoil Náisiúnta Bhaile Raithin, Leitir Ceanainn, Scoil Náisiúnta 'Ag Foghlaim le Chéile' agus Scoil Náisiúnta Naomh Fiachra a chruthaigh an tionscadal. Chum na leanaí scéalta iontacha maidir le bunadh mistéireach Oatfield Sweets agus bhí rian gníomhaíochta spraoi in éineacht leis an taispeántas. Ar an tríú gné den tionscadal bhí *Temperance* leis an ealaíontóir cónaitheach Abigail O' Brien, a rinne taifeadadh ar fheidhmiú mhonarcha Oatfield thar thréimhse bliana. Cuireadh a cuid grianghraif mórscála mórthaibhseach, ar taispeáint le linn seó ollmhór san RCC in 2009-2010.

Rinneadh coimisiúnú ar dhá mhórthaispeántas eile sa bhliain 2010, Lovely Weather and ID - *Imaging Donegal*, i gcomhpháirtíocht leis an gClár Ealaíne Poiblí agus rinneadh maoiniú orthu faoin Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon. Bhí cúig fhoireann ealaíontóra san áireamh i *Lovely Weather*, an tionscadal cónaitheach d'ealaín idirnáisiúnta agus d'athrú aeráide i gcomhar leis an iris eolaíocht agus ealaíne Leonardo Olats, agus bhí foireann acu sin i ngach aon Cheantar de chúig Thoghcheantar Dhún na nGall. Bhain sé sin buaicphointe amach i dtaispeántas agus i gcomhdháil aon-lae san RCC le linn na Samhna-Nollaig. Ar an taispeántas deiridh le linn na tréimhse seo, a bhí coimisiúnaithe i gcomhpháirtíocht leis an gClár Ealaíne Poiblí, bhí an R-M222: Ealaíontóirí Comhaimseartha ó Diaspóra Dhún na nGall 2013.



Anthony Lyons, Lovely Weather, Sraith Coimisiún Ealaíne agus Athrú Aeráide (Grianghraf: Paul Mc Guckian)




**Taispeántais Chamchuairte**

Rinne an RCC óstach ar líon suntasach de thaispeántais mhóra camchuairte ó 2009 – 2014, agus bhí a bhformhór sin maoinithe faoi scéim chamchuairte na Comhairle Ealaíon. Cuireadh comhthaispeántas National Crafts Competition Winners Exhibition an RDS agus an Student Art Awards Exhibition an RDS ar taispeáint sa bhliain 2009. Cuireadh *Noughties But Nice,* mórthaispeántas camchuairte grúpa a bhí maoinithe ag an gComhairle Ealaíon ó bhailiúchán Ghailearaí Ealaíne Chathair Luimnigh ar taispeáint sa bhliain 2010. Taispeánadh sa bhliain 2011, *Altered Images*, taispeántas nuálach a bhí deartha le rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas leis na hamharc-ealaíona a spreagadh, bhí an taispeántas eagraithe ag Comhairlí Chontae Thiobraid Árann Theas agus Mhaigh Eo agus Áras Nua-Ealaíne na hÉireann. Bhí trí thaispeántas camchuairte ann sa bhliain 2013 a fuair tacaíocht ón gComhairle Ealaíon: *A Space For Learning*, a bhí faoi choimeád Foras Ailtireachta na hÉireann, tionscadal comhoibríoch idir ailtirí agus daltaí scoile maidir le dearadh scoile; taispeántas ar mhórscála a bhí faoi choimeád VISUAL Carlow maidir le hobair Sam Walsh, atá ar dhuine de phéintéirí ceannródaíoch na hÉireann: agus *Fish, Flesh and Fowl*, ais-bhreathnú ar obair an phéintéara as Béal Feirste, Dermot Seymour. Ba é *Motion Capture* ó Ghailearaí Glucksman, Corcaigh, an taispeántas camchuairte ba mhó le linn na bliana 2013 ina raibh ealaíontóirí idirnáisiúnta mór le rá, ar nós Tacita Dean, William Kentridge, Dennis Oppenheim agus Henri Matisse rannpháirteach. Chonacthas sa bhliain 2014: *Expanded Territories*, a rinne ceiliúradh ar thionscail chruthaitheach ó réigiún Liatroma, Fhear Manach agus Thír Eoghain; agus *The Everyday Experience*, seó grúpa, faoi choimeád Fhoras Ailtireachta na hÉireann, d'ailtire, dearthóirí, ealaíontóirí agus lucht déanta scannán idirnáisiúnta.

**Taispeántais i gcomhpháirtíocht le Gailearaí na Gléibe**

Is é Gailearaí na Gléibe, i Mín an Lábáin, atá á fheidhmiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), príomhchomhpháirtí an RCC sna hamharc-ealaíona. Oibríonn an dá ghailearaí i gcomhar le chéile le clár taispeántais Fhéile Ealaíne na hAragala a eagrú gach aon bhliain le chúig bliana déag. Comheagraíonn siad taispeántais ar Bhailiúchán Derek Hill Ghailearaí na Gléibe san RCC freisin. *Art Of Desire* - The Derek Hill Collection, taispeánadh obair a réimsíonn ó ealaíontóirí Éireannacha mór le rá ar nós Camille Souter agus Jack B. Yeats go healaíontóirí mór le rá idirnáisiúnta ar nós Morandi, Kokoshka agus Hokusai sa bhliain 2009. Real to *Abstract: Contemporary Art for Children*, cuireadh taispeántas atá coimisiúnaithe go speisialta agus atá deartha do leanaí bunscoile ar taispeáint sa bhliain 2014. Áiríodh sa taispeántas 60 obair ealaíne Éireannach agus idirnáisiúnta ó Bhailiúchán Ghailearaí na Gléibe agus ó Bhailiúchán Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus ina measc sin bhí oibreacha le Pablo Picasso, Pierre Bonnard, Derek Hill, Jeff Koons, James Dixon, Nora McGuinness agus Victor Pasmore. Rinne an taispeántas iarracht léargas a thabhairt do leanaí conas mar atá forbairt déanta ag an ealaín ó bheith réalaíoch go dtí a bheith teibí agus bhí líon suntasach gníomhaíochtaí ealaíne teagmhálach san áireamh ann. D'fhreastail daichead grúpa scoile ar na ceardlanna thar deich lá agus bhí suas agus anuas le 1,200 leanbh ar an iomlán rannpháirteach ann.

**Taispeántais Ealaíne agus Stair Shóisialta**

Rinne an RCC coimisiúnú ar dhá mhórthaispeántas sa bhliain 2011 a chuir léargas saibhir ar fáil maidir le gnéithe den saol sa cheantar áitiúil. Chiallaigh *Sharing Stories*, an tionscadal scannán pobail trasteorann dhá bhliain i gContae Dhún na nGall agus i gCathair Dhoire, a bhí maoinithe ag an gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn (IFI) agus a bhí eagraithe i gcomhpháirtíocht leis an Nerve Centre Derry, 18 scannán gearr, mórthaispeántas agus comhdháil. Bhí

*Destination Donegal* ar cheann de thrí thaispeántas a bhí maoinithe faoi Peace III agus a bhí coimisiúnaithe ag an RCC agus faoi choimeád Harriet Purkis. Eagraíodh é i gcomhar le tionscadal Aon Dún na nGall amháin agus san áireamh ann bhí scéalta maidir le deichniúr (10) a tháinig go Dún na nGall ó chodanna éagsúla den domhan agus insíodh na scéalta trí ghrianghraif, píosaí cainte, agallaimh físeán agus míreanna pearsanta. Eagraíodh Fiddle Case, taispeántas ilmheáin, ealaíne agus stair shóisialta, a fhiosraíonn traidisiún fidléireacht an Atlantaigh Thuaidh, i gcomhthráth leis an North Atlantic Fiddle Convention i nDoire agus i nDún na nGall sa bhliain 2012. Reáchtáladh sa bhliain 2013, *Local People*, tionscadail maidir le stair shóisialta agus ealaíne Dún na nGall/Doire a léirigh beatha 40 duine áitiúil. Bhí sé comhdhéanta de dhá thaispeántas ar mhórscála san RCC i gcomhthráth le Tionól na hÉireann agus leis an University of Ulster, Doire, ag an am céanna le Cathair Chultúir na Ríochta Dhoire.

## Ealaíontóirí Áitiúil

Cuireann an RCC obair ealaíontóirí atá lonnaithe i nDún na nGall agus obair ealaíne agus deartha le mic léinn araon ar taispeáint sa Phríomhghailearaí agus i nGailearaí an Fhorhalla. Sna *New Works* sa bhliain 2009, le Philip Moss bhí fianaise péinteáilte d'íospartaigh coireanna foréigneacha agus de Dhaoine Fuadaithe. Cuireadh Abandoned Donegal, coimisiún grianghrafadóireacht le Denzil Browne ar taispeáint sa bhliain 2010, a rinne taifeadadh ar mhaoin atá folamh ar fud Dhún na nGall. Taispeánadh *Arc of Fire* sa bhliain 2011, a bhí comhdhéanta de shraith oibreacha físeán agus fótagrafach le Mhairi Sutherland maidir le stair míleata Dhún na nGall. Bhí líon taispeántas ann freisin le North – 55, an grúpa ealaíontóirí atá lonnaithe in Inis Eoghain agus atá pobalghníomhach faoi stiúir an ealaíontóra Marie Barrett. Taispeánadh an *Remnant*, sa bhliain 2009, taispeántas fótagrafach agus ilmheáin a fhiosraíonn saol oibre daoine atá lárnach sa tionscal éadaigh san Iarthuaisceart. Taispeánadh *Borderland and Landmarks*, in 2010 agus 2011 faoi seach, dhá thionscadal fhótagrafach maidir le hábhar na teorann idir Dún na nGall agus Doire. I láthair na huaire tá dhá thaispeántas bhliantúil le mic léinn ar siúl san RCC. Cuireadh tús sa bhliain 2014 leis an *LYIT Graduate Exhibition* le mic léinn ón Roinn Dearaidh agus na Meáin Chruthaitheacha agus reáchtáladh *Súil na nÓg* san RCC, taispeántas d'ealaín an Teastais Shóisearaigh ó Mheánscoileanna ar fud Chontae Dhún na nGall, i gcomhpháirtíocht le Cumann na Múinteoirí Ealaíne Dún na nGall, agus in Ionad Ealaíne Leitir Ceanainn gach aon bhliain le fiche bliain anuas.




21 years of Public Art in Donegal Exhibition2013 at the RCC



# Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall


Tá an oidhreacht mar chuid ríthábhachtach dár bhféiniúlacht agus dár n-ómós áite. Is cuid bhunúsach dár saol laethúil atá ann, agus acmhainn eisceachtúil a chuireann fostaíocht, caitheamh aimsire, sláinte, foghlaim agus taitneamhacht ar fáil.

Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2012 - 2016

Caisleán Ghleann Bheatha (Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)



Áitreabh feirme le díon rópa ceann tuí gar do Mhálainn, Inis Eoghain. Is i nDún na nGall atá ceann den dlús is mó de theachíní traidisiúnta in Éirinn.
(Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta, CCDnG)



Is é ról Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall cur le feasacht ar oidhreacht chultúir, tógtha agus nádúrtha Chontae Dhún na nGall; comhairle agus eolas a sholáthar maidir le hábhar oidhreachta; sonraí a bhailiú agus taighde a stiúradh ar ghnéithe d'oidhreacht Chontae Dhún na nGall; sár-chleachtas a chur chun cinn maidir le hábhair oidhreachta; agus Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Is comhthionscnamh í an Oifig Oidhreachta idir Comhairle Contae Dhún na nGall agus an Chomhairle Oidhreachta.

### An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta

Is é Contae Dhún na nGall an áit le bheith le linn na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta, nuair a bhíonn os cionn 100 imeacht ar siúl i gContae Dhún na nGall gach aon bhliain agus tá a bhformhór saor in aisce. Tá an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta á comhordú ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Oifigigh Oidhreachta na nÚdarás Áitiúil le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ó Fáilte Éireann. Is i gContae Dhún na nGall an contae is mó ina mbíonn imeachtaí ar siúl in aghaidh an duine den daonra. Is iarracht comhoibríoch atá sa tSeachtain Oidhreachta agus eagraíonn Seirbhísí Cultúir os cionn 20 imeacht don tSeachtain Oidhreachta ar bhonn bliantúil. Áirítear ar imeachtaí, lá oscailte do theaghlaigh, siúlóidí treoraithe, tithe oscailte na hoidhreachta tógtha, cuairteanna ar láithreáin oidhreachta, turais allamuigh, taispeántais, cainteanna léirithe, athchruthaithe stairiúla, léiriú ar scileanna traidisiúnta, seanchas, ceol traidisiúnta agus gníomhaíochtaí do leanaí. Cuireann an Oifig Oidhreachta an Treoir maidir le hImeachtaí, Seachtain Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, a bhfuil an-tóir uirthi, le chéile agus foilsíonn í.

### Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall

Bhí sé mar aidhm le Plean Oidhreacht Chontae Dhún na nGall (2007-2013) "eolas a bhailiú, cur le feasacht, meas ar an oidhreacht nádúrtha, tógtha agus Cultúir an chontae agus sárchleachtas a chur chun cinn ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar ár n-oidhreacht ar mhaithe le taitneamhacht na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine amach anseo". Is coiste de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall atá i bhFóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, a bunaíodh le maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Plean Oidhreachta. Tá an Fóram oidhreachta comhdhéanta d'ionadaithe ón rialtas áitiúil, forbairt áitiúil, gníomhaireachtaí stáit, institiúidí oideachais, earnáil na feirmeoireachta, grúpaí pobail/deonach agus an earnáil oidhreachta. Tá infheistíocht de €750,000 ar a laghad déanta ag Comhairle Contae Dhún na nGall, ag an gComhairle Oidhreachta agus ag comhpháirtithe eile an Fhóraim Oidhreachta i gcur i bhfeidhm gníomhartha an Plean Oidhreachta idir 2007 agus 2013. Cuireadh tús le hobair ar ullmhú Plean nua Oidhreachta Chontae Dhún na nGall i bhfómhar na bliana 2013.

### Seimineáir Oidhreachta

Reáchtáil an Ulster Architectural Heritage Society deireadh seachtaine i Scileanna Traidisiúnta Tógála ar Oileán Ghabhla i mí an Mheithimh 2010 i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall agus le Coiste Forbartha Gabhla. Rinne rannpháirtithe athchóiriú ar chuid de Theach Charlie Ned, teachín traidisiúnta ar an oileán, agus ghlac 200 duine páirt i dturas saor in aisce ar ailtireacht dhúchasach an oileáin. Lean Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Dhún na nGall ar aghaidh lena sraith rathúil de sheimineáir ar an oidhreacht dhúchasach a raibh *Hearth & Home* i gcomhar le Cumann Staire Chill Chartha i gCill Charthaigh

(2012) agus *Rural Houses of Donegal* i gCarraig Airt (2014) san áireamh ann. Is iad na haidhmeanna atá leis na seimineáir seo cur le feasacht ar ailtireacht dhúchasach Chontae Dhún na nGall agus an tábhacht chultúir a bhaineann léi; eolas a scaipeadh ar mhodhanna tógála, ábhar agus scileanna traidisiúnta; foinsí eolais maidir le taighde a dhéanamh ar theach traidisiúnta a léiriú; agus an cleachtas is fearr is féidir maidir le caomhnú a chur chun cinn. Bhí an dá sheimineár curtha in áirithe roimh ré agus d'fhreastail idir 130 agus 160 duine ar dá sheimineár.

D'fhreastail os 130 duine ar sheimineár *Care and Conservation of Historic Graveyards* sa Mhachaire i mí Deireadh Fómhair 2011, a bhí eagraithe ag an Oifig Oidhreachta agus ag Stiúrthóireacht Bóithre agus Iompair i gcomhar le Deireadh Seachtaine Peadar O'Donnell agus Grúpa Caomhnaithe Teampall Chróine. Comhairle a chur ar fáil do rannpháirtithe ar chaomhnú na hoidhreachta tógtha, Cultúir agus nádúrtha atá le fáil i reiligí agus sárchleachtas a chur chun cinn ó thaobh bainistíocht agus cúram a dhéanamh de na reiligí seo, na haidhmeanna a bhí leis an seimineár. D'fhreastail thart ar 60 duine a bhí ag déanamh ionadaíochta ar 22 grúpa na mBailte Slachtmhara ar fud Dhún na nGall, ar sheimineár ar Oidhreacht i mBailte Slachtmhara a bhí eagraithe ag an Oifig Oidhreachta agus ag Músaem an Chontae i mí an Mhárta 2012. Chuir an seimineár eolas agus comhairle ar fáil maidir le cúram, caomhnú, cothabháil agus cur chun cinn na hoidhreachta tógtha, Cultúir agus nádúrtha sna Bailte Slachtmhara. D'fhreastail os cionn 90 duine ar sheimineár oidhreachta seandálaíochta *Lost & Found*, a bhí eagraithe ag an Oifig Oidhreachta agus ag Músaem an Chontae i mí an Mheithimh 2014. Cur le feasacht ar oidhreacht seandálaíochta Chontae Dhún na nGall; imlíne a thabhairt ar chosaint reachtúil a thugtar do shéadchomharthaí/ábhar seandálaíochta; comhairle a chur ar fáil d'úinéirí talún agus do phobail le cúram a dhéanamh de agus ár n-oidhreacht seandálaíochta a chaomhnú; agus sárchleachtas a chur chun cinn ó thaobh bainistíocht a dhéanamh ar láithreáin/ábhair oidhreachta seandálaíochta, na haidhmeanna a bhí leis an seimineár. D'eagraigh an Oifig Oidhreachta, i gcomhar leis an Fhóram Oidhreachta, an seimineár *Held in Trust* , i mBéal Átha Seanaidh i mí na Samhna 2014 agus d'fhreastail thar ar 100 duine ar an seimineár. Is iad na haidhmeanna a bhí leis an seimineár, cur le feasacht agus meas ar an oidhreacht thógtha agus sráid-dreacha bhailte stairiúla Dhún na nGall; eolas agus comhairle phraiticiúil a scaipeadh ar bhunú iontaobhais sibhialta; foinsí eolais a fhiosrú ar oidhreacht thógtha ár mbailte agus sráidbhailte; agus sárchleachtas a chur chun cinn ó thaobh caomhnú a dhéanamh ar ár n-oidhreacht thógtha.

### Foilseacháin Oidhreachta

D'fhoilsigh an Oifig Oidhreachta, mar chuid de Shraith Oidhreachta Dhún na nGall, leabhrán saor in aisce, dar teideal *Donegal's Farming Heritage* leis an Dr. Jonathan Bell agus Mervyn Watson i mí na Bealtaine 2011 agus iniúchadh ar ábhair oidhreachta a bhaineann le feirmeoireacht agus iascaireacht i gContae Dhún na nGall. Chuir an Oifig Oidhreachta treoir saor in aisce ar fáil do mhúsaeim agus d'ionaid oidhreachta i gContae Dhún na nGall dar teideal *Heritage in Your Hinterland* i mí Aibreáin 2013. Sheol an Oifig Oidhreachta i gcomhar le Sound Woman Productions turas oidhreachta fuaime saor in aisce is féidir a íoslódáil de Ráth Mealtain a chuir Mary Phelan ar fáil, léiritheoir raidió neamhspleách, i mí Mheán Fhómhair 2013. Seoladh *Plantation Architecture and Landscape in Derry and Donegal*, leabhrán le Duncan McLaren, Dedalus Architecture, i mí Feabhra 2011, mar chuid de shraith leabhair a chuir Músaem an Contae agus Seirbhís Músaeim agus Oidhreachta Chomhairle Chathair Dhoire ar fáil, agus rinneadh páirt-mhaoiniú ar an leabhrán faoi Phlean Oidhreachta an Chontae. Rinne an Oifig Oidhreachta coimisiúnú ar thaighde agus ar fhoilsiú leabhrán ar imirce Cultúir agus cultúr ábhartha pobail Dhún na nGall thar lear sa bhliain 2013. Fuair líon foilseacháin tacaíocht faoin bPlean Oidhreachta, lena n-áirítear, leabhar le Anthony Begley (2009), *Ballyshannon: its history, heritage and folklore*, leabhar ar Lime Works le Patrick McAfee (2009), *Cooley Cross & Historic Graveyard*, bróisiúr le Cooley Cross Heritage Committee (2013) agus *Kenneth King: Life & Work*, leabhar le Marianne O'Kane Boal (2013).

## Ag Bailiú Eolas Oidhreachta

Thionscain an Oifig Oidhreachta, mar chuid de chur i bhfeidhm Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, suirbhéanna/staidéar ar mhuilte agus láithreáin muilte (2010), ar láithreáin oidhreachta geolaíoch i ndeisceart Dhún na nGall (2010) agus i dtuaisceart Dhún na nGall (2014) i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, ar láithreáin buaile (2011) agus toibreacha beannaithe (2012). Rinne an Oifig Oidhreachta i gcomhpháirtíocht le Cartlann an Chontae, coimisiúnú ar iniúchadh ar bhailiúchán fótagrafach stairiúil do Chontae Dhún na nGall sa bhliain 2010. Thionscain an Oifig Oidhreachta an chéad suirbhé riamh ar na cineálacha ballaraigh chloiche singile sa bhliain 2011. Sheol an Oifig Oidhreachta suirbhé ar fhálta sceach freisin i nDún na nGall agus an chéad Liosta Speiceas Bithéagsúlachta do Chontae Dhún na nGall i mí na Bealtaine 2009.

Sheol Mairéad Ní Mhaonaigh ó Altan agus Pearsa Dhún na nGall na Bliana, Bailiúchán Oidhreachta Dhún na nGall, *Life & Lore*. Tá 64 dlúthdhiosca de thaifeadadh béil sa bhailiúchán seo a insíonn páirt de scéal Dhún na nGall trí shaol, agus trí fhocail roinnt dá lucht cónaithe. Rinneadh taifeadadh ar dhaoine a bhí bainteach le tionscail shuntasacha ar nós Magee's of Donegal, Oatfield Sweets, Donegal Carpets agus James McDaid & Sons Ltd., chomh maith le pearsana lárnacha i modh maireachtála traidisiúnta agus oidhreachta an chontae. Tá an bailiúchán le fáil saor in aisce trí Sheirbhís Leabharlainne an Chontae agus trí Chartlann an Chontae. Seoladh taispeántas buan ar oidhreacht mhuirí san Ionad Idirnáisiúnta Déanta Cairpéid agus Iascaireachta na gCealla Beaga i mí an Mheithimh 2012. Rinneadh páirtmhaoiniú ar an taispeántas aoi Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus bhí sé comhdhéanta de 15 painéal léirithe ar théamaí oidhreachta muirí agus de thaispeántas beag camchuairte. Rinne an Oifig Oidhreachta coimisiúnú agus sheol staidéar éiceolaíoch d'Inis Fraoigh agus Inis Meáin i mí Deireadh Fómhair 2010 agus rinne coimisiúnú ar Roinn na Tíreolaíochta – Ollscoil na hÉireann Magh Nuad chun oibriú i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla le léarscáiliú a dhéanamh ar logainmneacha ocht mbaile fearainn sa chontae.



Túr comharthaí ó thús na 19ú hAoise ag Cionn Mhálanna, an pointe is faide ó thuaidh in Éirinn. (Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)



Cathaoir Thraidisiúnta, Ionad Cois Locha, Dún Lúiche. (Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)

## Ag Obair i gComhpháirtíocht

Sa bhliain 2011, rinne Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, i gcomhar le Coiste Forbartha Oidhreachta Cooley Cross, coimisiúnú ar thuarascáil caomhantais ar Skull House (ceann den 5 marbhlann atá fágtha sa tír agus séadchomhartha seandálaíochta atá faoi chosaint ag Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta) i reilig stairiúil Cooley in aice le Bun an Phobail. Rinneadh coimisiúnú ar Thréithriú Tírdhreacha Stairiúil do Chontae Dhún na nGall mar chuid de chur i bhfeidhm an Plean Oidhreachta in 2013-2014. Aithníonn Tréithriú Tírdhreacha Stairiúil agus léiríonn an méid atá á dhéanamh ag an am a caitheadh dár dtírdhreach.

Thug an Oifig Oidhreachta, mar chuid de shiompóisiam *Historic Towns - Walled Towns*, cúnamh don Holywell Trust, Derry City Council, don Chomhairle Oidhreachta agus do Líonra Bhailte Múrtha na hEorpa ó thaobh eagrú agus comhóstach a dhéanamh ar thuras allamuigh/ceardlann thart ar théama na hoidhreachta i mbailte stairiúla, lena n-áirítear cuairteanna ar Ghrianán an Aileach agus Ráth Bhoth. Reáchtáil an Chomhairle Oidhreachta ceann dá cruinnithe boird i nGaoth Dobhair i mí an Mheithimh 2014. Thug comhaltaí an bhoird, le linn a gcuairte, cuairt ar Theach Mhicí Mhic Gabhann i nDoire Chonaire, ar an Sean-Séipéal i nDoire Beag, Teach an Chúipéara in Ailt an Chorráin, Séipéal Theampall Cróine agus an Reilig Stairiúil an Mhachaire, Mainistir na bProinsiasach ón cúigiú haois déag i mBaile na Sagart, Magee's of Donegal agus an Brown Hall in aice le Baile an tSratha. Chuir an Oifig Oidhreachta comhairle ar fáil d'iarratasóirí ar Chlár Deontais bhliantúil na Comhairle Oidhreachta. Idir 2009 agus 2014, chuir an Chomhairle Oidhreachta os cionn €468,000 de mhaoiniú ar fáil do os cionn 70 tionscnaimh oidhreachta pobal-bhunaithe i gContae Dhún na nGall.

## Tionscnaimh maidir le hOideachas Oidhreachta

Rinne an Oifig Oidhreachta i gcomhar le hIonad Oideachais Dhún na nGall agus dhá mheánscoil i mBun Dobhráin agus na Gleannta, coimisiúnú ar thionscnamh scoile *Heritage & Habitat in Your Community* sa bhliain 2013, chun cur le feasacht ar ghnáthóga nádúrtha i bpobail áitiúla agus le spreagadh a dhéanamh ar shuirbhé agus ar thaifeadadh. Cuirfear na nótaí treorach a eascraíonn ón tionscnamh ar fáil trí Ionad Oideachais Dhún na nGall. B'ionann tionscnamh oideachais an Ghleoiseach Sléibhe i mbunscoileanna i gContae Dhún na nGall agus i gContae Mhaigh, agus comhpháirtíocht idir Cairde Éanlaith Éireann agus Aniar Ecology i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Mhaigh Eo, an





Chomhairle Oidhreachta agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Bhí sé mar aidhm leis an tionscnamh seo oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí i gcur i bhfeidhm gníomhartha caomhnaithe don Ghleoiseach Sléibhe, speicis éan atá i mbaol agus cur ar fáil Lámhleabhar Múinteora cuimsitheach céim ar chéim. Rinne an Oifig Oidhreachta maoirseacht freisin ar chur i bhfeidhm oiliúint maidir le feasacht bithéagsúlachta d'fhoireann an údaráis áitiúil i mí an Mhárta 2009.

I gcomhpháirtíocht leis an Donegal Democrat in 2011, rinne an Oifig Oidhreachta coimisiúnú ar cholún míosúil nuachtáin, dar teideal Nature's Calendar le Liz Sheppard. Tugadh aghaidh ar théama séasúrach difriúil gach aon mhí, ó dhearcadh nádúir go dearcadh fiadhúlra. D'ullmhaigh an Oifig Oidhreachta, i gcomhar le Cairde Éanlaith Éireann, painéil léirmhínitheacha a léirigh an traonach agus caomhnú gnathóige an traonaigh ar Thoraigh. Cuidíonn an Oifig Oidhreachta le mic léinn agus leis an fhoireann ó Roinn na Tíreolaíochta, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, ó thaobh socrú agus seachadadh a gclár allamuigh i nDún na nGall gach aon bhliain. Bhain an Chomhairle Oidhreachta an Gradam Náisiúnta amach do Cheannaireacht den Scoth ag searmanas bronnta Industrial Heritage Association of Ireland i mí Feabhra 2013. Thug an Industrial Heritage Association of Ireland, ina aitheasc, aitheantas do cheannaireacht den scoth na Comhairle Oidhreachta agus don líonra Oifigeach Oidhreachta Cathrach agus Contae i gcur chun cinn feasacht agus gníomh dearfach ó thaobh caomhnú a dhéanamh ar oidhreacht thionsclaíoch na hÉireann.

Chuidigh an Oifig Oidhreachta le RTÉ ó thaobh léiriú a dhéanamh ar shlánchoimeád agus caomhnú oidhreacht ailtireachta dá ghnéchlár ar Winning Streak (Nollaig 2012), an suirbhé ar thoibreacha beannaithe a bhí coimisiúnaithe faoi Phlean Oidhreachta Dhún na nGall do *Nationwide* (Márta 2013) agus Bailiúchán Béaloideas na Scoileanna sna 1930aidí i gContae Dhún na nGall do Nationwide (Lúnasa 2013). Tá imeacht don Oíche Chultúir eagraithe ag an Oifig Oidhreachta gach aon bhliain agus bhí an Oifig ag obair le Seirbhísí Cultúir eile ó thaobh eagrú a dhéanamh ar imeachtaí do Bhealtaine, Wainfest agus don Lá Idirnáisiúnta na Bithéagsúlachta agus le grúpaí oidhreachta áitiúil in eagrú a dhéanamh ar laethanta feasachta oidhreachta. Bunaíodh láithreán gréasáin nua d'Oifig Oidhreachta Dhún na nGall (www.donegalcoco.ie/heritage) sa bhliain 2013 agus tá feabhas á chur air sin i gcónaí.



Grianán Ailigh
(Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)

# Ealaín Phoiblí

Ealaín phoiblí bhunaidh ar ardchaighdeán atá uaillmhianach ó thaobh na healaíona di agus a thagann leis na caighdeáin idirnáisiúnta nuálaíochta, íomháineachta agus sármhaitheasa.

www.donegalpublicart.ie



Triskle Heads leis an Ealaíontóir Brendan Mc Gloin
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)

H.E.A.R.T: Bhunaigh Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Ceantair an tSratha Báin, an tionscnamh trasteorann Oidhreacht, Timpeallacht, Ealaín agus Turasóireacht Tuaithe (H.E.A.R.T.), a chuidigh go mór le dhá bhaile agus sráidbhaile dhéag, athnuachan suntasach oidhreachta agus timpeallachta a chur i gcrích ar fud an dá chontae araon. Bhí an ghné a bhain leis an ealaín phoiblí ar cheann de na codanna ba lárnaí den chlár HEART, coimisiúnaíodh conair dhealbhóireachta inar áiríodh dhá dhealbh déag agus a cuireadh ar taispeántas don phobal ar fud an dá chontae, le hocht gcinn de na dealbha ba mhó lonnaithe i mbailte Ard an Rátha, Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Leifear, Bun an Phobail, Ráth Mealtain agus i Ráth Bhoth i gContae Dhún na nGall.

**The Fid:** TBa as oidhreacht mhara Bhun an Phobail a tháinig an inspioráid don ealaíontóir a rinne an dealbh dar theideal *The Fid* a dhearadh. As an fid a tháinig cuid d'inspioráid an ealaíontóra, uirlis a úsáideann iascairí chun a gcuid rópaí a spladhsáil le chéile, tá an dealbh seo, atá os cionn 30 troigh ar airde lonnaithe ar an tseanché. Bhí an obair seo mar chuid de chlár imeachtaí ní ba leithne a rinne comóradh ar oidhreacht eisimirce an réigiúin le *New Brunswick*, Cheanada.

**Cónaitheacht Manus Lunny:** Cuireadh deireadh le tréimhse chónaitheachta Manus Lunny, le dlúthdhiosca nua inar cuimsíodh an chartlann amhrán uathúil ó Rann na Feirste, in Iarthar Dhún na nGall. Bhí formhór mór na n-amhrán cumtha ag scríbhneoirí agus ag filí ó cheantar Rann na Feirste, agus rinne ealaíontóirí áitiúla nó ealaíontóirí a raibh ceangal láidir teaghlaigh acu leis an gceantar, na rianta ar fad atá ar an dlúthdhiosca a sheinm, seachas dhá rian ar leith. Tá Máire Brennan agus Mairéad Ní Mhaoinigh le cloisteáil ar an dlúthdhiosca. Bronnadh cóip den dlúthdhiosca ar gach teaghlach i gceantar Rann na Feirste, saor in aisce agus rinneadh na fáltais ar fad a tháinig ón dlúthdhiosca agus ó na ceolchoirmeacha a raibh baint acu leis an togra, a chur i dtreo Scoil Náisiúnta agus ionad fiontair agus pobail Áislann Rann na Feirste.

**Tinte Ealaíne Spleodracha:** **I**meacht iontach ceoil, piriteicnice agus solais nárbh fhacthas a leithéid cheana, a reáchtáladh mórthimpeall struchtúr suaithinseach ghloine agus alúmanam an Ionaid Chultúir Réigiúnaigh. Léiríodh imeacht drámatúil, piriteicnice a bhí deartha ag an bhfear ceirde Pierre-Alain Hubert, an t-ealaíontóir spéire agus dearthóir imeachtaí dochreidte. Meastar go bhfuil Hubert, ar de bhunadh na Fraince é, ar an ealaíontóir Piriteicnice is cumasaí dá bhfuil againn. Thar thréimhse 35 bliana chuir sé iontas ar lucht féachana ar fud an domhain ón Aithin go dtí an tSiombáib, lena chuid cruthúcháin spleodracha. Déanann sé féin cur síos ar a chuid imeachtaí mar 'cheoldráma solais le tinte ealaíne', cé nach bhfuil sé taobh leis an méid sin.

**Dealbh Rory Gallagher:** Rinneadh an dealbh seo a choimisiúnú mar chomóradh ar chlú domhanda an amhránaí, chun ceiliúradh a dhéanamh ar thiomantas a lucht leanúna idirnáisiúnta anseo in Éirinn agus thar lear agus chun cur le rathúlacht Fhéile Rory Gallagher i mBéal Átha Seanaidh.

**Íomháú Dhún na nGall:** pThug coimisiúin grianghrafadóireachta Dhún na nGall, cuireadh do na cúig ealaíontóir coimisiúnaithe, Simon Burch, Declan Doherty, Paul Rooney agus Richard Wayman, teagmháil agus taighde gníomhach a dhéanamh



ghné agus ar charachtar toghcheantair ar leith, d'fhonn bailiúchán suntasach oibre grianghrafadóireachta a chruthú, inar tugadh léiriú ar íomhánna agus ar imeachtaí áitiúla. Mar chlabhsúr leis an togra, reáchtáil an coimisiún taispeántas ag an Ionad Cultúir Réigiúnach, inar áiríodh bailiúchán teoranta priontaí.

Cónaitheachtaí Ealaíontóirí Dhún na nGall Lovely Weather : Tionscadal eolaíochta agus ealaíne ilghnéitheach, ceannródaíoch agus thar a bheith uaillmhianach, a rinne iniúchadh ar na ceisteanna a bhain le hathrú aeráide i gContae Dhún na nGall, agus ar na bealaí ar leith ina bhféadfadh ealaíontóirí a bheith páirteach sa díospóireacht ar athrú aeráide. Rinne an Clár Ealaíne Poiblí, an tIonad Cultúir Réigiúnach agus Leonardo Olats (eagraíocht neamhbhrabúis a fhreastalaíonn ar ghréasán domhanda scoláirí, ealaíontóirí, taighdeoirí agus smaointeoirí gradamacha, trí chláir a dhíríonn ar obair idirdhisciplíneach, obair chruthaitheach agus ar nuálaíocht), an tionscadal ina iomláine a chur i láthair.


Cónaitheacht Cheoil Altan: Ceardlanna oideachais ceoil leis an ngrúpa Altan, a bhfuil cáil dhomhanda bainte amach acu, do phobail agus do scoileanna in Iarthar Dhún na nGall. Chomh maith leis sin, chum Altan píosa nua ceoil i gcomhar le Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, a bhí mar chuid d'Fhéile Ealaíon na hAragala i mí Iúil 2010.

The Picture Book: Beochan ar scála mór a bhí ar taispeántas ar bhalla aghaidh Ionad Ealaíona *Balor*, i mBealach Féich, inar úsáideadh an teicníc Beochana Soilsithe. Déanann na healaíontóirí scáthchruth puipéad a bheochan ar osteilgeoirí agus déantar na híomhánna a mhéadú ina dhiaidh sin agus a theilgean ar scála mór ar na scáileáin. Bhí an tionscadal ealaíona nuálach seo bunaithe ar théamaí Frances Browne, 'banfhile dall Sraith an Urláir' agus ar a leabhar cáiliúil finscéalta do leanaí *Granny's Wonderful Chair.* Thar thréimhse ceithre seachtainí d'oibrigh ealaíontóirí Redmoon le os cionn nócha dalta ó Scoil Náisiúnta *St Mary's,* Scoil Náisiúnta Robertson agus ó Scoil Náisiúnta Sheiseadh Uí Néill, bhí finscéalta *Frances Browne* mar inspioráid ag na healaíontóirí agus iad ag cruthú beochaintí bunaidh ag úsáid íomhánna scáthchrutha.





The Death of Saimer le Fred Conlon (RIP), Béal Átha Seanaidh (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



**How We Remember:** Clár imeachtaí tionscadail agus ealaíona pobail, ildisciplíneach a bhí thar a bheith uaillmhianach agus a bhí bunaithe ar an bpróiseas agus ar an tionscadal araon. Bhí an togra faoi bhainistiú na hOifige Ealaíne Poiblí i gcomhpháirtíocht leis an 28ú Cathlán Coisithe, Óglaigh na hÉireann, (a bunaíodh mar an Cathlán Teorann i 1973), Músaem Chontae Dhún na nGall, an Oifig Oidhreachta, an tIonad Cultúir Réigiúnach agus an Eagraíocht Pearsanra Iarsheirbhíse Teoranta (ONET). Bhí roinnt gnéithe éagsúla ag baint leis an tionscadal inar áiríodh fuinneog nua ghloine dhaite, shuntasach, chomhaimseartha don Aireagal ag Campa Fhionnúrach, bunáit an 28ú Cathlán Coisithe. Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall, an fhuinneog a bhronnadh ar Óglaigh na hÉireann, i ndeireadh mhí Aibreán, 2011.

**Working for Peanuts & Olympic Whispers:** Dhá thionscadal beochana digití bunaithe ar an gcluiche leanaí '*Chinese Whispers*', a chruthaigh mic léinn ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn i nDún na nGall i gcomhar le mic léinn ón *Expression College for Digital Arts* i San Francisco. Rinne mic léinn na hÉireann an chéad leath den bheochan a chruthú agus rinne foireann Mheiriceá, fráma dheireadh an scannáin a thabhairt chun críche. Rinne na mic léinn ó Expression College a leagan féin a chruthú ina dhiaidh sin. Rinne an Fhéile *Cinemagic*, atá bunaithe i mBéal Feirste, an tionscadal a léiriú, ina gcuimsítear draíocht an scannáin, na teilifíse agus na dteicneolaíochtaí digiteacha chun oideachas, spreagadh agus inspioráid a thabhairt do dhaoine óga trí scannáin a léiriú, ceardlanna tionscail, máistir-ranganna praiticiúla, tionscadail scannánaíochta agus trí ghníomhaíochtaí for-rochtana, le tacaíocht ón Oifig Ealaíne Poiblí agus ó Oifig Scannáin Dhún na nGall. Léiríodh an dá scannán ag Féilte *Cinemagic* éagsúla in Éirinn agus i Meiriceá.

**Dearadh Chnoc na Beairice:** Coimisiún ceannródaíoch leis na hOifigí Ealaíon Poiblí agus iad ag féachaint le sainmhíniú ar na hEalaíona Poiblí in Éirinn a leathnú trí chuireadh a thabhairt do Dhiarmuid Gavin, an ailtire tírdhreacha agus garraíodóir cáiliúil, chun 'coincheap deartha' iontach a chruthú do spás pobail/páirc spraoi i gCarn Domhnach. Coimisiúnaíodh *Carndonagh Heads* chun tús áite a thógáil i ndearadh Pháirc Bhaile Chnoc na Beairice. I gcosúlacht le taoisigh céid na Róimhe, seasann na cúig chloigeann go hard, ag cosaint an bhaile agus na páirce spraoi araon.

Jeffreys House, Coimisiún Ealaíne Poiblí ag Páirc Foraoise na hArdadh, Dún Fionnachaidh, Dún na nGall. Arna seachadadh ag an Ionad Cultúir Réigiúnach i gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

**The Happy Prince:** Píosa álainn ceoil a bhí cumtha agus faoi stiúradh *Vincent Kennedy*, leis na hamhráin, téacs agus reacaireacht le *Little John Nee*. Bunaithe ar an scéal '*The Happy Prince' le Oscar Wilde*, rinneadh iniúchadh sa phíosa ar na seantéamaí - an grá, cairdiúlacht agus an atrua ar bhealach draíochtach, a bhí oiriúnach don stáitse agus a rinne Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall agus Cór Óige Dhún na nGall, a chur i láthair i Leitir Ceanainn agus i mBéal Átha Seanaidh.

**Páirc Spraoi na gCealla Beaga:** IIn 2011, bhí na Cealla Beaga ar cheann de bheagán bailte i nDún na nGall, fós gan páirc spraoi. Tríd an scéim *Per Cent for Art*, d'fhéach an Oifig Ealaíon Poiblí le sainmhíniú ar na hEalaíona Poiblí a leathnú go náisiúnta agus páirc spraoi a chur ar fáil do cheantar na gCealla Beaga ag an am céanna. Tríd an togra a chur i láthair mar thionscadal a bhí tairbhiúil don cheantar agus do na dearthóirí araon, d'éirigh leis an Oifig a chur ina luí ar Fhoras Ailtireachta na hÉireann agus ar Institiúid Ríoga na nAiltirí, dul i mbun comhpháirtíochta agus i mbun gníomhaireachta i leith Tionscadal Pháirc Spraoi na gCealla Beaga, a bhí ar an gcéad pháirc spraoi in Éirinn a bhí deartha ag ailtirí. Fuarthas an suíomh ó Roinn na Mara, agus rinneadh iarratas rathúil ar an tionscadal chuig Cuideachta Forbartha Áitiúil Dhún na nGall. Osclaíodh an pháirc spraoi go hoifigiúil i samhradh na bliana 2014.

**ArtScape Donegal & Jeffrey's House:** Ag cur lena cáil i dtaobh cultúir, tírdhreacha, dealbhóireachta agus na n-ealaíon comhaimseartha, tá Comhairle Contae Dhún na nGall ag déanamh iniúchadh ar mar a d'fhéadfaí Páirc Dealbhóireachta uaillmhianach a bhunú a bheadh uathúil d'Éirinn, dar teideal ArtScape Donegal, i gcomhpháirtíocht le Coillte Teoranta, Bord Foraoiseachta na hÉireann. Áireofar dánlann a bheidh lonnaithe lasmuigh ina léireofar na Dealbha/Idirghníomhaíochtaí Tírdhreacha/ struchtúir Ailtireachta nó tithe crainn a bheidh lonnaithe i dtírdhreach drámatúil Dhún na nGall, agus a dhéanfaidh ceangal bunúsach le hoidhreacht agus le cultúr Dhún na nGall.

Mar réamhrá leis sin, rinne Clár Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhpháirtíocht le Coillte, Foras Ailtireachta na hÉireann agus le Féile Ealaíon na hAragala, *Jeffrey's House* a choimisiúnú. Rinne an t-ailtire *Thomas O'Brien* agus an ealaíontóir *Emily Mannion* an obair a chruthú agus táthar ag súil go mbeidh an togra seo ar an gcéad cheann de go leor coimisiúin ailtireachta do Pháirc Fhoraoise na hArdadh.

**An Ghníomhaireacht Ealaíne Poiblí:** Bhunaigh Oifig Ealaíon Poiblí Chontae Dhún na nGall an *Ghníomhaireacht Ealaíon Poiblí*, a bhí bunaithe ar fhealsúnacht Bhord Forbartha an Chontae, i dtaobh comhordú agus comhtháthú a dhéanamh ar na seirbhísí do na Ranna Rialtais ar fad, agus trí obair na gníomhaireachta sin, tá líon suntasach coimisiún tugtha chun críche go rathúil don VEC (ETB).

Rinne an Oifig Ealaíon Poiblí ceiliúradh ar a 21ú bliain ar an bhfód in 2012, reáchtáladh clár aisbhreathnaitheach ar an gClár Ealaíon Poiblí, agus seoladh suíomh gréasáin na hOifige www.donegalpublicart.ie ina bhfaightear cartlann iontach ar na coimisiúin ar fad go dtí seo.



Moville Benches
(Photo Credit Paul Mc Guckian)






Daisies le Walker&Walker (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian), Coimisiún Oatfield Sweet Factory (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)
Blacksmiths Ball (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian), The Hiring Fair (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Cuid 3:
# An Comhthéacs Beartais agus Reachtaíochta




Tiled Seat le Aileen Barr, Bunscoil Halla an Phoirt (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Ní féidir luach a chur ar ár n-oidhreacht. Ní mór dúinn í a chosaint agus infheistiú a dhéanamh inti ar bhealaí samhlaíocha.

Sheila Pratschke
An Cathaoirleach, An Chomhairle Ealaíon
Conor Newman
An Cathaoirleach, An Chomhairle Oidhreachta
Aibreán 2016



Cé go bhfuil an comhthéacs beartais agus reachtaíochta i dtaca le seirbhísí cultúir a chur ar fáil ag athrú de shíor, tá ár dtiomantas maidir lenár bhfís fós seasmhach.

..faigheann gach uile dhuine inár sochaí inspioráid agus saibhriú ó ghníomhaíochtaí cultúir

Fís Rannán na Seirbhísí Cultúir 2009-2020



The Forge leis an Ealaíontóir Niall Bruton, Leathaigh (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

## Sa chaibidil seo, leagtar síos an tírdhreach agus an creat reatha ina bhfeidhmíonn Rannán na Seirbhísí Cultúir ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta.

Le blianta gairide tháinig athrú nárbh fhacthas riamh cheana ar chúrsaí rialtais áitiúil in Éirinn. Tríd an gclár oibre athbhreithnithe nua a cuireadh i bhfeidhm, rinneadh athrú ar na struchtúir ionadaíocha ag leibhéal áitiúil, láidríodh agus rinneadh athshuí ar ról an rialtais áitiúil i bhforbairt gheilleagrach, shóisialta agus phobail agus rinneadh athrú ar an gcaoi ina ndéantar seirbhísí ar leith a chur ar fáil.

Níor tháinig aon athrú ar thiomantas Chomhairle Contae Dhún na nGall i leith Forbairt Chultúir agus Cultúr, agus thar aon ní eile rinneadh é a neartú, mar atá léirithe i bPlean Áitiúil Pobail agus Geilleagrach Dhún na nGall 2015-2021, ina bhfuil an fhorbairt, *an chothabháil agus an luach a leagtar ar ár gcultúr agus ar ár n-acmhainní cruthaitheacha* ar cheann de na seacht spriocanna tosaíochta.

Chomh maith leis sin, i bPlean Corparáide Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2015-2019, léirítear *Cultúr & Oidhreacht* ar cheann de na cúig théamaí tosaíochta, *ár n-ealaíona, cultúr, timpeallacht, oidhreacht agus teangacha a chaomhnú, a bhainistiú, a chothú agus a chur chun cinn.*

Plean Corparáide Chomhairle Chontae Dhún na nGall 2015-2019

Tá an tSeirbhís Chultúir láidir a chuirtear ar fáil don phobal fós ag croílár na hoibre a nglacann Comhairle Contae Dhún na nGall léi.

Chomh luath le Bealtaine 2016, eisíodh an Clár do Rialtas Comhpháirtíochta, ina luaitear go gcreideann an Rialtas go bhfuil *na healaíona agus an cultúr mar dhlúthchuid do Stát na hÉireann. Creidimid go mbaineann na healaíona le gach uile dhuine agus nach mór dúinn an fháil agus gníomhaíocht sna healaíona a ardú, spreagadh a thabhairt dár dtionscail chruthaitheacha agus ár dteanga a chaomhnú. Tá na sochaithe a dhéanann infheistiú sna healaíona agus san oidhreacht ar na sochaithe is rathúla agus is éadálaí atá ann.* Sa Chlár nua, moltar do na hÚdaráis Áitiúla ról na nOifigeach Oidhreachta agus Ealaíon a láidriú. Luann an Rialtas go dtabharfar spreagadh do na tacaíochtaí a chuirfear ar fáil do na músaeim réigiúnacha chomh maith.

Céard is Cultúr ann? Tá sainmhínithe go leor ar an gceist sin san fhearann poiblí. Maidir leis an úsáid is forleithne, cuimsíonn cultúr gach ní a dhéanaimid mar shochaí agus ar an mbealach ina n-iompraímid muid féin. Rinne an Phlécháipéis Chultúir 2015, áfach, a d'ullmhaigh an Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta i ndeireadh na bliana 2015, cultúr a shainmhíniú i dtrí phríomhréimse - na hEalaíona, Oidhreacht Chultúir agus Tionscail Chruthaitheacha.




'Whose County' ón Tionscadal Ealaíne Poiblí Imaging Donegal. Grianghraf: Declan Doherty



Tá freagracht dhíreach ag Rannán na Seirbhísí Cultúir as an dá réimse, na hEalaíona agus an Oidhreacht Chultúir, ina n-áirítear na hEalaíona (Oifig Ealaíon an Chontae, Ealaín Phoiblí agus an tIonad Cultúir Réigiúnach), an tSeirbhís Leabharlainne, an tSeirbhís Chartlainne, Músaem Chontae Dhún na nGall agus Oifig Oidhreachta an Chontae (Cultúr, Oidhreacht Nádúrtha agus Tógtha Chontae Dhún na nGall).

I nDún na nGall, tá borradh ag teacht faoin dearcadh go n-áirítear na tionscail chruthaitheacha faoi chúram théama an Chultúir. Ní amháin go ndéantar na tionscail chruthaitheacha atá níos traidisiúnta a chosaint agus a fhás leis an gcur chuige sin, amhail an cheardaíocht ach, déantar amhlaidh leis an nglúin nua tionscal cruthaitheach ina n-áirítear scannáin agus teilifís, léiriúchán, beochan, craoladh, cluichí leictreonacha, ailtireacht, dearadh agus faisean, foilseachán, na meáin agus fógraíocht (foinse: Coimisiún an AE, COM (2014) 477).

Faoi 2014, rinneadh Boird Fiontair an Chontae a chónascadh leis na hÚdaráis Áitiúla agus bunaíodh Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall (LEO).  Tá an LEO anois i gceannas agus tá an-dul chun cinn déanta i dtaca leis an bhforbairt ar Thionscail Chruthaitheacha i nDún na nGall, go mór mhór le seoladh an Phlean Gníomhaíochta Straitéisí d'Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall, a fhéachann go bunúsach leis na coinníollacha cearta a chruthú ar mhaithe le fiontraíocht chruthaitheach i nDún na nGall, trí

- Phróifíl agus scileanna gnó na bhfiontraithe cruthaitheacha a ardú;
- Tuairimí cruthaitheacha nua agus scileanna gnó na bhfiontraithe cruthaitheacha a spreagadh;
- Cur le hinbhuanaitheacht oidhreacht chultúir agus le céannacht Dhún na nGall, mar áit chruthaitheach, sheasmhach.

Tá tábhacht bhunúsach leis an tacaíocht a thugtar d'ealaíontóirí agus d'oibrithe cruthaitheacha in aon sochaí ina leagtar luach ar chultúr.  D'ainneoin na tacaíochtaí atá ar fáil, tá fianaise ann ina dtugtar le tuiscint nach bhfuil an soláthar reatha cuí, a cheadaíonn



**Oatfield Sweet Factory, Tionscadal Ealaíne Ildisciplíneach. An tIonad Cultúir Réigiúnach (Grianghraf: Paul Mc Guckian)**



d'ealaíontóirí agus d'oibrithe cruthaitheacha feidhmiú san earnáil chultúir in Éirinn ar bhonn féinchothabhálach. I dtuarascáil a rinne an Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann a choimisiúnú in 2010, tuairiscíodh gur €14,676 sa bhliain an t-ioncam ar an meán a bhí ag ealaíontóirí in Éirinn. Tá deiseanna ann do Chomhairle Contae Dhún na nGall agus don Oifig Fiontair Áitiúil, oibriú lena chéile agus bealaí a aimsiú chun éascú a dhéanamh ar ealaíontóirí agus ar oibrithe cruthaitheacha feidhmiú i mbealach féinchothabhálach.

Tá Comhairle Contae Dhún na nGall, faoi spreagadh ag an luach intreach a leagtar ar chultúr agus ag an tuairim inar féidir leosan a bhfuil cónaí orthu sa chontae agus iadsan a thugann cuairt ar Dhún na nGall, taitneamh a bhaint as taithí chultúir atá ar ardchaighdeán, agus an chúis go bhfuil Rannpháirtíocht Phoiblí ar cheann de na príomhspriocanna.

Tríd an obair a dhéanann ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, tugtar inspioráid agus déantar léiriú ar ghnáthimeachtaí an tsaoil mar aon le himeachtaí móra an tsaoil phoiblí. Is gné riachtanach dár gcomhfhiosacht í an chumhacht thábhachtach, chruthaitheach, shainiúil sin, agus táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt agus d'fhorbairt a dhéanamh ar obair ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon, mar atá luaite sa tríú sprioc dár Straitéis. Léirítear an tiomantas sin chomh maith, i Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025, Making Great Art Work:

*Is mian linn go ndéanfar lárnacht na n-ealaíon i saol mhuintir na hÉireann a láidriú trínár dtiomantas, trínár dtacaíocht d'ealaíontóirí le linn a saol gairmiúil, trí rannpháirtíocht ghníomhaireachtaí go leor i gcúrsaí cultúir, tríd an tionchar a bhíonn ag na healaíona ar an ngeilleagar cruthaitheach agus trí rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona mar ghné luachmhar dár saol.*

Leanfaidh Rannán na Seirbhísí Cultúir lena dtiomantas do ghníomhaíochtaí comhoibríocha ar ardchaighdeán, a bheidh dírithe ar an bpobal agus ina mbeidh athrú sóisialta ag croílár na hoibre. Tá an tiomantas d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus do Chleachtas Rannpháirtíocht Shóisialta mar bhunús leis an dearcadh sin, atá mar phríomhsprioc den straitéis chomh maith.

Trí dheiseanna i dtaobh rannpháirtíocht chultúir níos saibhre agus níos forleithne a chur ar fáil is féidir dul i ngleic le heisiamh sóisialta. I dtuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar an Timpeallacht, Cultúr agus an Ghaeltacht in 2014, *Utilising the Arts to Combat Disadvantage*, moltar gur chóir go ndéanfaí na healaíona a aithint mar bhealach bunúsach chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta, d'fhonn leas agus cuimsiú na ngrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn sna pobail áitiúla. Sa phlean seo, díreofar ar bhealaí inar féidir le Rannán Sheirbhísí Chultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall, leanúint ar aghaidh leis an gcur chuige sin, go neamhspleách agus i gcomhpháirtíocht le hOifig Chuimsithe Shóisialta Chomhairle Chontae Dhún na nGall, agus le gníomhaireachtaí eile i nDún na nGall, a bhfuil clár oibre cuimsithe shóisialta mar chuid dá sainchúram.

Thar thréimhse deich mbliana, suas go dtí 2011, ba ag Éirinn a bhí na rátaí glana imirce ab airde san AE. Tháinig ardú ó 6% i 1991 go os cionn 17% den daonra in 2011, ar líon na ndaoine a rugadh thar lear agus a raibh cónaí orthu in Éirinn. Mar thoradh ar an athrú daonra, tá cultúr nua, saibhir, ilghnéitheach anois i réim in Éirinn. In imeacht na mblianta rinne Rannán na Seirbhísí Cultúir, tionscadail go leor a reáchtáil a rinne ceiliúradh ar Ilghnéitheacht Chultúir. Sa straitéis seo, aithnítear agus glactar le fonn leis an saibhriú sin a d'fhéadfadh a theacht chun cinn, agus leis na dúshláin a d'fhéadfaí a thabhairt don Earnáil Chultúir i nDún na nGall, de shiocair an athraithe sin.

Bliain le háireamh a bhí in 2015, do chúrsaí turasóireacht na hÉireann, agus meastar go dtabharfar 10 milliún cuairt ar Éirinn ó thar lear faoi 2025. In 2013, tháinig 199,000 cuairteoir ó thar lear agus 269,000 cuairteoir ó Éirinn, chomh fada le Dún na nGall. Ba é sin ardú 14.3% agus 9.8% faoi seach ar líon na gcuairteoirí in 2012, agus leantar leis an treocht sin.

Tá Plean Idir-Rannach Gníomhaíochta Turasóireachta 2016-18, forbartha ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ina dtugtar tiomantas do ról na n-údarás áitiúil, ról atá ag forbairt de shíor, agus iad ag tacú le cúrsaí turasóireachta.

Aithnítear cultúr anois mar phríomhghné dár dtionscal turasóireachta. Measann Fáilte Éireann gur réimse fáis réigiúnaigh í an turasóireacht chultúir, inar chaith 3.5 milliún cuairteoir cultúir ó thar lear, ionann is €2.8 billiún in Éirinn in 2011. Chomh maith leis sin, bíonn an claonadh ag cuairteoirí a ghlacann páirt i gcúrsaí cultúir agus oidhreachta na hÉireann, fanacht níos faide sa tír agus níos mó airgead a chaitheamh. Is minic gur dream iad a bhíonn níos flúirsí agus a thaistealaíonn go leor, a bhfuil ardoideachas orthu agus a bhíonn cásmhar faoi chúrsaí sóisialta agus a bhíonn ar thóir thaithí fhíréanta, théamúil. Aithníonn Rannán na Seirbhísí Cultúir, na tairbhí geilleagracha a d'fhéadfadh a bheith ann don tír sa chomhthéacs sin, agus féachfar le hoibriú níos dlúithe leis an earnáil turasóireachta chun an leas is fearr a bhaint as na deiseanna sin.

Tugann ár n-oidhreacht míniú dúinn ar ár n-ómós áite agus cuidíonn sí lenár mothú féinaithne i gContae Dhún na nGall. Ní thugann an tAcht Oidhreachta (1995), míniú ar choincheap na hoidhreachta ach, aithnítear na catagóirí acmhainní oidhreachta a leanas: nithe seandálaíochta, oidhreacht ailtireachta, tírdhreacha, fána, flóra, geolaíocht, gairdíní oidhreachta agus páirceanna, nithe oidhreachta, uiscebhealaí intíre, séadchomharthaí, muirdhreacha, gnáthóga fiadhúlra agus raic. Trínár n-oidhreacht léirítear ár luachanna, dearcadh, creidimh, nósanna, traidisiúin agus mianta. Déanann na mianta sin dár n-oidhreacht mórtas a chothú agus déantar ár gcaighdeán saoil a fheabhsú dá mbarr. Thug an rialtas aitheantas do thábhacht ról na hoidhreachta sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta, inar díríodh ar *ghlacadh lena chinntiú go ndéanfaí ár n-oidhreacht a chosaint agus taitneamhacht na hoidhreachta a chur chun cinn do chách.* Déantar na príomhthéamaí sa Phlean Náisiúnta Oidhreachta, I dtaca leis an oidhreacht a shuí ag croílár an tsaoil phoiblí, an oidhreacht a chosaint, bailiú eolais agus feasacht a chur chun cinn, a léiriú i bPlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall. Sa *Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta* nua (Bealtaine 2016), tugann an rialtas gealltanas i leith Plean Náisiúnta Oidhreachta nua a ullmhú agus a fhoilsiú *ina leagtar síos beartais i leith ár n-oidhreacht nádúrtha agus tógtha a chosaint agus a chur chun cinn agus ina bhfreagraítear do dhúshláin atá san earnáil oidhreachta.* Ina Plean Straitéiseach (2012-2016), leagann an Chomhairle Oidhreachta béim ar ról na hoidhreachta i gcuidiú le céannacht, leas agus sláinte; bainistiú agus caomhnú ar fhorbairt inbhuanaithe agus le taitneamhacht agus tuiscint a éascú. Tá mar aidhm le Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall (2014-2019), feasacht a ardú, tuiscint ar oidhreacht shaibhir agus ilghnéitheach na tíre a chur chun cinn, caomhnú na hoidhreachta a chur chun cinn, taitneamhacht agus feabhas agus tairbhí cultúir, sóisialta agus geilleagracha na hoidhreachta a aimsiú go hinbhuanaithe, don ghlúin reatha agus do na glúine amach anseo.

Ní mór dúinn ár n-oidhreacht a áireamh mar phríomhearnáil a chuireann cúrsaí geilleagracha chun cinn agus ní mór dá bhrí sin, acmhainní cuí a chur ar fáil. Tá an obair chothabhála agus fheabhsúcháin a dhéanfar ar chaighdeán ár n-oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúir, anois ar cheann de na nithe is tábhachtaí a chuireann cúrsaí geilleagracha chun cinn, ina n-áirítear talmhaíocht agus turasóireacht.

Sa cháipéis bheartais Growing Tourism To 2025, a foilsíodh le gairid, luaitear sna chéad ailt:

*Ní mór go mbeadh beartas turasóireachta dírithe ar chion tairbhe onnmhairíochta na turasóireachta, trí shócmhainní luachmhara dár n-oidhreacht chultúir, nádúrtha agus tógtha a chosaint ag an am céanna.*

Chomh maith le hábhar machnaimh I dtaca leis na beartais nua, tugann na beartais náisiúnta agus na straitéisí amhail Cultúr 2015: *Beartas Náisiúnta Cultúir agus Archaeology 2025* (atá á ullmhú faoi láthair), tuairimí dúinn i leith treoracha nach mór a leanúint ar mhaithe leis an oidhreacht a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn, agus i dtaobh athbhreithniú lár téarma na straitéise in 2018.

Bíonn ról ríthábhachtach ag ár leabharlanna poiblí i saol na ndaoine agus á bpobail. Le blianta fada anuas, d'fheidhmigh an leabharlann mar áis chun a theacht ar eolas, tuairimí agus faisnéis agus mar sheirbhís dhaonlathach a bhí oscailte agus ar



fáil do chách.  Is gné iontaofa agus aitheanta den cheantar áitiúil í an leabharlann áitiúil ach, is gréasán agus sócmhainn iontach í chomh maith, le os cionn 330 brainse ar fud an oileáin agus ar fud Dhún na nGall.  Leagadh béim ar an luach atá ar Sheirbhís Leabharlann Phoiblí na hÉireann, sa suirbhé *Ireland's Vital Signs 2013*, inar réimníodh *leabharlann agus léamh* sa chúigiú háit as 119 de na roghanna ba thábhachtaí do shaol an phobail.

Tá an fháil atá ar fhaisnéis riachtanach i sochaí dhomhanda an lae inniu agus tá príomhról ag an leabharlann i ndomhan na faisnéise.  Ní mór d'fhoireann na leabharlainne a bheith ar a gcumas an fhaisnéis cheart nó an fháil ar an acmhainn faisnéise iomchuí a sholáthar dá bpobal úsáideoirí.  Go minic, cloistear an tuairim ón bpobal nach bhfuil formhór mór na ndaoine ar an eolas maidir leis an réimse seirbhísí a chuireann an leabharlann ar fáil agus nach dtuigtear cumas na leabharlainne ina iomláine.

Bhí Leasú Rialtais Áitiúil mar phríomhghné den chlár oibre i gClár an Rialtais, 2011, agus sa phlean gníomhaíochta do rialtas áitiúil éifeachtach Tús Áite do na Daoine 2012.  Chun na críche sin, i ndeireadh na bliana 2012, rinneadh an Chomhairle Leabharlainne a dhíscaoileadh agus aistríodh a feidhmeanna chuig Forbairt na Leabharlann, aonad nua den Ghníomhaireacht Bhainistithe Rialtais Áitiúil (LGMA).  Leis sin, cuirtear deis shuntasach ar fáil d'fheidhmeanna nua agus neartaithe i ról athraitheach an rialtais áitiúil, chun gur féidir an tairbhe is fearr a bhaint as.  Trína láithreacht shibhialta, tá ar chumas na leabharlann ról cinnireachta a ghlacadh i rannpháirtíocht phobail údaráis áitiúil.

Tá na tacaíochtaí a thugtar do Ghnó, Fiontar & Fostaíocht ar cheann de thosaíochtaí náisiúnta na Seirbhíse Leabharlainne, mar a leagtar síos sa cháipéis *Deiseanna do Chách*. Comhoibreoidh Rannán Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall leis an LEO, chun tacaíochtaí a chur ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, gnóthaí agus fiontraíochtaí agus don phobal maidir le tacaíochtaí do chuardaitheoirí poist agus le fáil ar oiliúint/athoiliúint/breisoiliúint.

Tá Litearthacht & Forbairt Léitheoireachta ar an dara tosaíocht náisiúnta do na leabharlanna.  Déanfaidh Rannán Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall, na cláir reatha a fheabhsú, glacfar páirt sna cláir agus sna cláir phíolótacha náisiúnta agus comhordófar an feidhmiú céimneach ar an bhfeachtas *Right to Read.*  Is feachtas é seo a mbeidh na húdaráis áitiúla ar fad páirteach ann agus déanfar é a chur ar fáil I gcomhar le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta.

Díreofar ar an dá réimse tosaíochta seo ar dtús agus déanfar na réimsí eile ar fad a chuimsítear sa chlár *Deiseanna do Chách* a chur ar fáil ar deireadh.

Rinne an Chomhairle Oidhreachta an Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn a fhorbairt I gcomhairle le hearnáil músaem na hÉireann, de réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta is fearr.  Tá mar chuspóir leis an gclár, caighdeáin a ardú thar raon leathan réimsí, aire agus leas na mbailiúchán a chur chun cinn agus an comhoibriú idir músaeim na hÉireann a fheabhsú.  Bhí Músaem Chontae Dhún na nGall páirteach sa Chlár ó cuireadh tús leis an gcéad Staidéar Píolótach i 1999.  Bhain an Músaem Lánchreidiúnú  amach in 2011, agus gradam Cothabhála Creidiúnaithe amach in 2015.  Déanann an creidiúnú a fhaightear faoin gClár seo, caighdeán a chinntiú do chuairteoirí ar an Músaem agus cinntítear go bhfuil an Músaem ag comhlíonadh réimse ardchaighdeán i leith bhainistíocht an Mhúsaem, aire na mbailiúchán agus seirbhísí cuairteora.

Déanann Alt 80 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, an tAcht Rialtais Áitiúil, 1994, a threisiú, ina luaitear gurb í feidhm na n-údarás áitiúil na cartlanna áitiúla a chaomhnú, a chothabháil agus a chur ar fáil don phobal agus a dtaifid áitiúla a bhainistiú.  Tá Seirbhís Chartlann Chontae Dhún na nGall i bhfeidhm ó 1999, agus déantar tréaniarracht forálacha an Achta a chur i bhfeidhm, trí chartlanna agus taifid atá faoina réimse freagrachtaí a bhainistiú, a aimsiú, a chaomhnú agus a chothabháil agus tríd an fháil ar a cuid bailiúchán a fheabhsú agus a leathnú dóibhsean a bhfuil suim acu inár n-oidhreacht chartlainne.



Músaem Chontae Dhún na nGall, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

Tá Gaeltacht Dhún na nGall ar an dara Gaeltacht is mó sa tír, le daonra de 23,783 (Daonáireamh 2011). Tá an Ghaeilge ina gné bhunúsach den chultúr agus d'oidhreacht Chontae Dhún na nGall, agus a cheantar Gaeltachta. Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tá Údarás na Gaeltachta freagrach as an bpróiseas pleanála teanga a chur i ngníomh sa Ghaeltacht. Tugann Acht na Gaeltachta, 2012, éifeacht reachtúil do chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, ina luaitear, *faoin Acht nua, déanfar próiseas pleanála teanga a thionscnamh, ar dá réir a ndéanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta.*

Thar thréimhse na Straitéise seo, féachfaidh Rannán na Seirbhísí Cultúir go gníomhach le deiseanna a aimsiú chun cláir agus tionscadail a fhorbairt le hOifig Forbartha na Gaeilge, Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta agus le hEalaíona na Gaeltachta agus le páirtithe leasmhara eile chun an tairbhe is fearr a bhaint as deiseanna i leith na Gaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn, atá ar an ngné is tábhachtaí de chultúr na Gaeltachta.

Chomh maith leis sin, leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall ar aghaidh le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil I gcomhréir le *Plean Forbartha Gaeilge Chomhairle Chontae Dhún na nGall*, agus le ceanglais reachtúla eile ina n-áirítear *Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, Acht na Gaeltachta, 2012*, agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 an Rialtais.

Tá Éire ar cheann de na náisiúin is cáiliúla ar domhan maidir lena cuid ealaíon agus cultúr. De réir *Heather Humphreys* T.D., tá dlúthbhaint ag cultúr agus ag féiniúlacht lena chéile.

*Is fórsa uilechuimsithe, éabhlóideach é ár gcultúr, a chuidíonn le muid féin a chur in iúl agus le ceiliúradh a dhéanamh orainn féin mar náisiún ilghnéitheach, nua-aoiseach.*

Faoi threoir ár n-institiúidí cultúir náisiúnta agus áitiúla agus ár n-institiúidí cruthaitheacha, bhí an clár imeachtaí ar Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916, thar a bheith saibhir agus inspioráideach. Mar thír áfach, táimid ar íochtar an Tábla Léige Eorpaí i dtaobh céatadán infheistíocht an rialtais san healaíona.



Agus an tuarascáil seo á scríobh, féadfaimid a bheith dóchasach go bhféachfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le gealltanas a thabhairt i leith 0.3% den Olltáirgeacht Intíre a infheistiú thar thréimhse an rialtais reatha seo, leis an ngealltanas sin, bheadh muid leath an bhealaigh i dtreo méid infheistíochta na hEorpa ar an meán a bhaint amach.

Ag deireadh chraoladh RTE, *Centenary*, a fuair ardmholadh ó na léirmheastóirí, thug an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn ómós do lárnacht chultúr na hÉireann, mar inspioráid don Stát nua:

*Ón mbunús sin, ón múscailt chultúir agus liteartha sin, tháinig ealaíontóirí Éireannacha chun cinn a bhain urraim agus cáil amach ar fud an domhain, mar atá amhlaidh fós inniu. Anocht déanaimid ceiliúradh, ní amháin ar ár n-oidhreacht chultúir shaibhir ach, ar léiriú nua-aoiseach dár n-oidhreachta chomh maith, ar ár samhlaíochtaí nua agus ar na bealaí cruthaitheacha iomadúla ina n-insímid ár scéalta. Mar go bhfuil ár scéal fós á chumadh.*

*I mbliana, agus muid ag ceiliúradh ócáid thábhachtach an chéid agus muid ag machnamh ar an méid atá bainte amach againn, táimid tiomanta do leanúint ar aghaidh lenár n-aistear samhlaíochta, tiomanta do chothabháil a dhéanamh ar an obair ealaíonta a chruthóidh an chéad chaibidil eile dár scéal.*

Tá Rannán Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall, spreagtha faoi agus tiomanta do chaibidil nua chultúir a chruthú do Dhún na nGall, a chuirfear ar an eolas tríd an Straitéis sin.

## Ullmhú an Phlean

I dteannta Chomhthéacs an Bheartais atá leagtha síos, rinneadh an straitéis a mhúnlú chomh maith trí chomhairliúchán sonrach le foireann Rannán na Seirbhísí Cultúir.

Chomh maith leis sin, reáchtáladh sraith cruinnithe leis na páirtithe leasmhara inmheánacha a leanas:

- An Rannán Córas Faisnéise.
- An Oifig Chumarsáide.
- An Oifig Fhorbartha Táirge Turasóireachta.
- An tOifigeach Gaeilge.
- An tOifigeach Cuimsithe Shóisialta.
- An tOifigeach Oiliúna.
- An Oifig Fhiontair Áitiúil.
- Oifig Scannáin Dhún na nGall.
- Tionscadal Diaspóra Dhún na nGall.
- Na Córais Faisnéise.

Glacadh le próiseas comhairliúcháin pobail ina bhfuarthas aiseolas luachmhar mar thoradh air. Rinneadh an cháipéis chomhairliúcháin dhátheangach a scaipeadh go forleathan ar na gréasáin foirne, an Gréasán Rannpháirtíochta Poiblí (PNN), na meáin shóisialta agus fhoilsithe, ar an raidió áitiúil agus trí shuirbhé a reáchtáladh ar líne. Áirítear an cháipéis chomhairliúcháin mar Aguisín 2.

In achoimre, chuathas i gcomhairle leis na Pleananna agus leis na hAchtanna Reachtaíochta a leanas agus an Straitéis seo á hullmhú:

Na Príomhbheartais, Pleananna agus Straitéisí

- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001, (ina n-áirítear Alt 80, lena mbaineann Cartlanna agus Taifid Bhainistíochta).
- An tAcht Rialtais Áitiúil (Leasú), 2014.
- An tAcht um Forais Cultúir Náisiúnta,1997.
- Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1997.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.
- Deiseanna do Chách: Straitéis do na Leabharlanna Poiblí 2013-2017.
- An Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta 2011-2020.

- An Feachtas *Right to Read 2014*.
- Na Treoirlínte maidir le Clár Caighdeán Músaem na hÉireann, 2014.
- *Making Great Artwork:* I gCeannas ar Fhorbairt na nEalaíon in Éirinn: Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025.
- Creat le haghaidh Comhoibrithe: Comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon, an Contae agus Cumann Bhainistíocht na Cathrach.
- Cultúr 2015: An Phléchāipéis: An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.
- Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta (2012-2016).
- An Plean Náisiúnta Oidhreachta.
- An Straitéis Náisiúnta Leanaí 2000.
- *Preserving the Past-Shaping the Future:* Straitéis Ghréasán Mhúsaem an Údaráis Áitiúil 2016-2019.
- An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012.
- Tús Áite do na Daoine – Clár Gníomhaíochta do Rialtas Áitiúil Éifeachtach.
- Plean Leasaithe na hEarnála Poiblí 2014-2016.
- Éire Shláintiúil – Creat do Shláinte agus d'Fholláine Fheabhsaithe 2013-2015.
- An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta d'Éirinn 2001-2020.
- An Ráiteas Beartais Pleanála 2015.
- Fás faoi Thurasóireacht go 2025.
- An Plean Náisiúnta Gníomhaíochta do Chuimsiú Sóisialta.
- An Straitéis Náisiúnta maidir le hAosú Dearfach.
- An Plean Náisiúnta Feidhmithe Straitéise Míchumais 2013-2015.
- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe in Éirinn.
- An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.


Na Príomhphleananna agus Straitéisí Áitiúla

- Plean Pobail agus Geilleagrach Dhún na nGall.
- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall.
- Plean Corparáide Chomhairle Chontae Dhún na nGall.
- Plean Forbartha Gaeilge Chomhairle Chontae Dhún na nGall.
- An Plean Gníomhaíochta Straitéiseach d'Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall: An Oifig Fhiontair Áitiúil.
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.
- *Making Shapes 2*: Ealaín Phoiblí i nDún na nGall 2013-2017.

# Cuid 4: Ráiteas Straitéise



Spás Spraoi na gCeall Beag, Coimisiún Ealaíne Poiblí i gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Múnlaíonn cultúr muid agus tugann sé ár ndúshlán, bainimid sult as, tugann sé eolas dúinn i dtaobh cé muid féin agus an treoir ina bhfuilimid ag dul: is gné riachtanach dár gcomhfhiosacht agus dár dteanga í an chumhacht chruthaitheach.  Sa bhaile agus thar lear, tá an cultúr ina shainmharc dúinn mar dhream daoine.

Cultúr 2025



Cónaitheacht Cheoil Altan (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# 1. Rannpháirtíocht Phoiblí

Tá Rannán Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall faoi spreagadh ag luach bunúsach an chultúir agus leis an gcoincheap gur féidir leosan a bhfuil cónaí orthu sa chontae nó atá ar cuairt ar Dhún na nGall, taitneamh a bhaint as taithí chultúir atá ar ardchaighdeán. Leanfaimid le clár uaillmhiananach, uathúil agus forásach a chur ar fáil. Oibreoimid ar bhonn leanúnach chun leibhéal maoinithe a bhaint amach inar féidir le Rannán na Seirbhísí Cultúir a gcuspóirí luaite a chur i gcrích agus réiteach a dhéanamh i leith forbairtí fadbhreathnaitheacha amach anseo.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanfaimid:

1.1 Tacú leis an luach agus le tábhacht an chultúir.

1.2 Gníomhaíochtaí a thionscnamh a fhéachann le lucht féachana nua a fhorbairt agus cur le rannpháirtíocht na ndreamanna atá gníomhach cheana féin.

1.3 Tacú le rannpháirtíocht amaitéarach sna healaíona.

1.4 Paisean a fhorbairt agus tuiscint a chothabháil i leith léitheoireachta agus litearthachta.

1.5 Tacaíocht agus aitheantas a thabhairt d’obair dheonach sa réimse cultúir.

1.6 Leanúint le clár reatha, for-rochtana Rannán na Seirbhísí Cultúir a fheabhsú.

1.7 Athbhreithniú agus forbairt más cuí, ar sheirbhísí leabharlainne, for-rochtana, Taobh Tíre, do phobail tuaithe agus iargúlta.

1.8 Táillí a choinneáil chomh íseal is féidir agus clár imeachtaí saor in aisce a chinntiú.

1.9 Teicneolaíocht dhigiteach a chur chun cinn chun an fháil ar Sheirbhísí Cultúir a fheabhsú sna ceantair is deacra a shroicheadh.

1.10 Oibriú i dtreo Deiseanna do Chách a chur ar fáil, An Straitéis Náisiúnta do Leabharlanna Poiblí 2013-2017.

1.11 Córas náisiúnta bainistíochta leabharlainne nua (LMS) a chur i bhfeidhm, chun an fháil ar bhailiúcháin na leabharlann náisiúnta in Éirinn a sholáthar ina n-iomláine agus chun ballraíocht náisiúnta shingil a cheadú do leabharlanna poiblí.

1.12 An fháil ar fhaisnéis a leathnú ar sheirbhísí na Comhairle tríd an líonra leabharlainne.

1.13 Tacaíocht a chur ar fáil agus feachtais na Comhairle a chur chun cinn trí ghréasáin Rannán na Seirbhísí Cultúir (e.g. an tSeachtain um Shábháilteacht Tine, Sábháilteacht Bhóthair, Seachtain Ghnó Dhún na nGall).

1.14 Clár Féilte Chomhairle Chontae Dhún na nGall a fhorbairt agus a dhaingniú ar bhonn leanúnach, ina n-áirítear Wainfest, Bealtaine, Féile Ealaíon na hAragala, Féile Chuan agus Chruach Ghorm Dhún na nGall, Oíche Chultúir agus an tSeachtain Oidhreachta agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní, freagairt do dheiseanna i leith féilte agus imeachtaí cultúir a fhorbairt.

1.15 Cláir taispeántais ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, ina n-áirítear na cláir a eagraíonn Rannán na Seirbhísí Cultúir agus na cláir sin a aimsítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

1.16 Clár imeachtaí éagsúla, forleathana a chur ar fáil ar bhonn leanúnach chun rannpháirtíocht a spreagadh agus seirbhísí a chur chun cinn.

1.17 Tacú le pobail a n-acmhainní cruthaitheacha agus cultúir a léiriú agus a aithint trí fhéilte agus imeachtaí pobalbhunaithe.

1.18 Bealach a aimsiú ina bhféadfaí féilire singil inchuardaithe d'imeachtaí cultúir a chur ar fáil don phobal.

1.19 Plean do Sheirbhísí Cultúir a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ina n-áirítear Oifigeach Margaíochta a cheapadh.

1.20 Oibriú i dtreo eolais phoiblí ar fad a chur ar fáil I dteanga shoiléir, shimplí.

1.21 Ábhar foilsithe a bhfuil fail níos éasca air a dhearadh agus ábhar a tháirgeadh i bhformáidí eile.

1.22 An leibhéal seirbhísí ar fud na Rannán Seirbhísí Cultúir ar fad a leathnú agus na seirbhísí reatha atá ar líne cheana féin a chur chun cinn a thuilleadh.

1.23 An fháil atá ar ábhar staidéir áitiúil ar líne a leathnú.

1.24 Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a chuirtear ar fáil tríd an teicneolaíocht nua a bhaineann go sonrach leis na meáin shóisialta, e.g. facebook, twitter, snapchat agus instagram.


1.25 Forbairt a dhéanamh ar www.donegallibrary.ie & ar www.donegalcoco.ie/culture ar bhonn leanúnach chun an fháil ar eolas i leith na seirbhísí ar fad atá ar fáil a fheabhsú.

1.26 Réimse leathan ríomhleabhar, closleabhar ar líne, irisí ar líne agus ábhair thagartha ar líne a chur ar fáil agus a chur chun cinn, a bhfuil fáil orthu ar líne trí shuíomh gréasáin na leabharlainne..

1.27 Clár rollach a fhorbairt i leith infheistíochta i seirbhísí poiblí ina n-áirítear nuashonrú a dhéanamh ar ríomhairí agus freagairt d'éilimh dhigiteacha nua (e.g. printéirí gan sreang).

1.28 Seirbhís Wi-Fi saor in aisce a thabhairt isteach sna leabharlanna poiblí agus sna foirgnimh Seirbhísí Poiblí ar fad.





# Ní mór dúinn na healaíona a phlé, ní mar ní ar leithligh dínn féin ach mar chuid bunúsach dár saol

Mary Robinson

Redmoon Theatre Comapny as Chicago ag obair le ar ábhar Spectacle le bunscoileanna áitiúla i mBealach Féich/Srath an Urláir faoi théama an File Dhaill.

## 2. Obair Rannpháirtíochta Sóisialta (Cuimsiú Sóisialta) agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil (Oideachas)

Leanfaidh Rannán na Seirbhísí Cultúir ar aghaidh lena dtiomantas do ghníomhaíochtaí agus do thionscadail chomhoibríocha ar ardchaighdeán, a bheidh dírithe ar an bpobal agus ina mbeidh athrú sóisialta ag croílár na hoibre. Tá an tiomantas d'Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil agus do chleachtas Rannpháirtíochta Sóisialta mar bhunús leis an gcur chuige. D'fhéadfadh go n-áireofaí cé nach mbeadh sé teoranta do chuimsiú sóisialta, sláinte, meabhairshláinte agus folláine, cosc ar féinmharú agus cruthaitheacht i ndaoine scothaosta agus araile.

TChun an méid sin a bhaint amach, déanfaimid:

2.1 Seirbhís Chultúir chomhoibríoch, ar ardchaighdeán atá dírithe ar an bpobal a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, atá tiomanta ina croílár d'fhealsúnacht na forbartha pobail agus an athraithe shóisialta.

2.2 Cláir chultúir ar leith agus gníomhaíochtaí ealaíon a chur ar fáil i gcomhthéacs sláinte, folláine, míchumais, éagsúlacht chultúir, leanaí agus daoine óga.

2.3 Cláir chultúir ar leith a fhorbairt do spriocghrúpaí ina n-áirítear iadsan a d'fhéadfadh a bheith nó a mhothaíonn as áireamh go sóisialta.

2.4 An leas a bhaineann leis an gcultúr do chúrsaí sláinte, folláine agus muintearais a fheabhsú.

2.5 Na gealltanais a tugadh sa Straitéis Aoisbhá a sheachadadh.

2.6 Deiseanna a chur chun cinn chun cultúr saibhir agus éagsúil na bpobal nua a aithint agus a chuimsiú agus tacú le pobail nua a gcultúr a chothabháil agus a chur chun cinn.

2.7 Deiseanna a chur ar fáil d'ealaín rannpháirteach shóisialta a chruthú trí thionscadail chomhoibríocha idir ealaíontóirí, grúpaí ealaíon agus grúpaí pobail.

2.8 Léitheoireacht a chothabháil agus a fhorbairt mar scil saoil.

2.9 Féachaint le tionscnamh Leabharlainne luath-idirghabhála Babies Love Books a fhorbairt.

2.10 Litearthacht, uimhearthacht agus Scileanna ICT a fheabhsú i ndaoine fásta agus i ndaoine óga trí thionscnaimh, gníomhaíochtaí cláraithe agus seirbhísí treorach a reáchtáil ar fud na seirbhíse.

2.11 An feachtas Right to Read a chur i bhfeidhm.

2.12 Leabharlanna a úsáid chun deiseanna d'oideachas agus cláir oiliúna a chur chun cinn, ina n-áirítear foghlaim ar feadh an tsaoil agus foghlaim ar líne.

2.13 Seirbhísí agus acmhainní Rannán na Seirbhísí Cultúir a chur chun cinn I measc soláthraithe oideachais agus oiliúna.

2.14 Ábhair tacaíochta oideachasúla a chur ar fáil ar bhonn leanúnach, ina n-áirítear sraith pacaí oideachasúla, téamúla.





2.15 Clár oiliúna iomchuí a fhorbairt do mhúinteoirí i gcomhar le hIonad Oideachais Dhún na nGall.

2.16 Iniúchadh a dhéanamh i dtaobh cúrsa Idirbhliana iomchuí, Músaem-bhunaithe a fhorbairt i gcomhar le hIonad Oideachais Dhún na nGall.

2.17 Cláir oiliúna agus foghlamtha agus tacaíochtaí do leanaí agus do dhaoine óga a chur ar fáil tríd an gclár meáin dhigitigh do scoileanna a leathnú agus Clár Ealaíon Íomhánna Gluaisteacha a threorú I Meánscoileanna Dhún na nGall.

2.18 Rannpháirtíocht leanúnach sa Chlár Gnóthachtála Sóisearach.

2.19 Seirbhísí Ionaid Faisnéise Europe Direct a chothabháil agus iarratas a dhéanamh i leith an conradh a leathnú thar 2017.

2.20 Saoránacht  ghníomhach an AE a spreagadh i measc daoine fásta, daoine óga agus leanaí trí Ionad Faisnéise Europe Direct.

2.21 Deiseanna oiliúna agus socrúcháin oibre a thairiscint ina ndéantar taithí oibre agus deiseanna fostaíochta a chur ar fáil.

Cloch Gealach leis an Ealaíontóir Brendan Mc Gloin, Leifear, (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Tugann obair na n-ealaíontóirí inspioráid dúinn ina léirítear rithim an ghnáthshaoil chomh maith leis na himeachtaí móra sa saol poiblí. Déanann na healaíona muid a mhúnlú agus ár ndúshlán a thabhairt, bainimid sult astu, tugtar tuiscint dúinn ar cé muid féin: is gné riachtanach a gcumhacht chruthaitheach, shainiúil dár gcomhfhiosacht agus dár dteanga. Sa bhaile agus thar lear is sainmharc iad na healaíona dár gcruthaitheacht mar dhream daoine.

'Making Great Art Work' Straitéis na Comhairle Ealaíon 2016-2025





Sampla iad na leaca slinne móra Roshine ar an scioból seo gar do Dhún Fionnachaidh den slinn as cairéil atá ar fáil agus cuireann cuma dhúchasach ar an fhoirgneamh sa tírdhreach. (Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)



## 3. Ag tacú le healaíontóirí agus le heagraíochtaí ealaíon

Tugann obair na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon inspioráid dúinn, ina léirítear rithim an ghnáthshaoil chomh maith leis na himeachtaí móra sa saol poiblí. Is gné riachtanach dár gcomhfhiosacht í an chumhacht chruthaitheach, shainiúil, thábhachtach seo, agus táimid tiomanta do thacaíocht agus d'fhorbairt a dhéanamh ar obair na n-ealaíontóirí agus na n-eagraíochtaí ealaíon.





Chun an méid sin a bhaint amach, déanfaimid:

3.1 Tacú le healaíontóirí aonair ina gcleachtadh gairme ar bhonn leanúnach.

3.2 Tacú ar bhonn leanúnach le heagraíochtaí ealaíon, eagraíochtaí gairmiúla agus amaitéaracha, ina gcleachtadh.

3.3 Tacaíochtaí acmhainne tógála a chur ar fáil do na heagraíochtaí ealaíon agus cultúir agus do na cleachtóirí, chun cuidiú leo fás agus forbairt.

3.4 An tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon trí fhorbairt a dhéanamh ar Bhunachar Sonraí Stór Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

3.5 Tacaíocht, spreagadh agus éascú a dhéanamh ar theagmhálacha agus ar chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta le healaíontóirí Dhún na nGall, le hoibrithe oidhreachta gairmiúla agus le heagraíochtaí cultúir.

3.6 Tacú le healaíontóirí aonair agus le grúpaí ealaíon agus pobail ar bhonn leanúnach trí Scéim Deontas Ealaíon bhliantúil na Comhairle Contae (An tAcht Ealaíon 2003).

3.7 Clár maoinithe agus ioncam díreach a chur ar fáil ar bhonn leanúnach chun tacú le tionscnaimh agus le hinstitiúidí cultúir faoi úinéireacht agus faoi thionscnamh na Comhairle, ina n-áirítear Amharclann an Ghrianáin, Ionad Ealaíon na Mainistreach, agus Féile Ealaíon na hAragala.

3.8 Tacú le líonra eagraíochtaí ealaíon neamhspleácha sa chontae a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, tríd an gClár Deontais Ioncaim Comhpháirtíochta Straitéiseach.

3.9 Tacú leis an bhforbairt ar na healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha araon ar bhonn leanúnach.

3.10 Tacú ar bhonn leanúnach leis an bhforbairt ar fhoirmeacha ealaíne nua ina n-áirítear na foirmeacha a bhaineann úsáid as teicneolaíocht dhigiteach mar léiriú cruthaitheach.

3.11 Tacaíocht leanúnach d'fhorbairt na n-ealaíon i nGaeilge, Béarla agus i dteangacha phobail nua Dhún na nGall.

3.12 Tacú le soláthar comhtháite na seirbhísí Oideachais Ceoil a chur chun cinn I gContae Dhún na nGall, le Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall go mór mhór.

3.13 Comhpháirtíochtaí náisiúnta, trasteorann agus idirnáisiúnta a leathnú ar bhonn leanúnach.

3.14 Oibriú i gcomhpháirtíocht le hOifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall, ar an bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach d'Fhiontraíocht Chruthaitheach a chur i bhfeidhm i nDún na nGall.

3.15 Comhoibriú leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun iniúchadh a dhéanamh i leith moil chruthaitheacha a bhunú don earnáil chruthaitheach. Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna ar fad atá ann chun spás oibre d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí ealaíon a chur ar fáil, lena gcleachtadh gairmiúil a fhorbairt go leanúnach agus poist fhadtéarmacha, inbhuanaithe a chruthú agus luach a chur ar an earnáil fiontraíochta cruthaithí ina hiomláine.

3.16 Ealaín Phoiblí uaillmhianach a choimisiúnú ina ndéantar an t-ealaíontóir a cheiliúradh mar ghné bhunúsach de shárobair.

3.17 Beartas a fhorbairt do Bhailiúchán Ealaíon Chomhairle Chontae Dhún na nGall, agus ciste a bhunú chun cur leis an mbailiúchán ar bhonn bliantúil.

3.18 Ardán a chur ar fáil do scríbhneoirí agus d'ealaíontóirí áitiúla chun teagmháil le lucht féachana áitiúla, ina n-áirítear an lucht féachana a spreagadh i dtaobh a gcuid cruthaitheachta féin a fhorbairt.

Tiled Seat leis an Ealaíontóir Aileen Barr,
Halla an Phoirt. (www.donegalpublicart.ie)
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Is láithreacht ar leith í ár n-oidhreacht ina léirítear an bunús agus an bhrí dár bhféiniúlacht stairiúil, chnuasaitheach go fisiciúil

An Forógra Oidhreachta, Comhairle Oidhreachta Náisiúnta na hÉireann,

Clár Straitéiseach Infheistíochta do Dhaoine agus Áit

1995 – 2015



Grató na Maighdine Muire ar thaobh an bhóthair, Toraigh (Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)



## 4. An Oidhreacht Chultúir a chaomhnú agus a chur chun cinn

Oibrímid chun feasacht, tuiscint agus taitneamhacht oidhreacht an Chontae a chur chun cinn. Tá uainn go ndéanfar oidhreacht na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú do na glúine reatha agus na glúine a bheidh ann amach anseo, má ligimid ár n-oidhreacht le sruth, ní féidir í a fháil thar n-ais ná í a thabhairt chun bisigh má dhéantar díobháil di. De réir a chéile táthar ag fáil tuisceana ar thairbhe gheilleagrach na hoidhreachta cultúir. Beidh Rannán na Seirbhísí Cultúir tiomanta do chaighdeán ár n-oidhreachta nádúrtha, tógtha agus cultúir a chothabháil agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach, ina n-áirítear an Ghaeilge.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanfaimid:

4.1 Feasacht agus mórtas a mhúscailt in oidhreacht Chontae Dhún na nGall.

4.2 Taighde, taifeadadh, doiciméadú agus iniúchadh a dhéanamh ar chultúr, oidhreacht agus acmhainní cruthaitheacha Chontae Dhún na nGall.

4.3 Taighde ar ghnéithe éagsúla staire agus oidhreachta Chontae Dhún na nGall a éascú.

4.4 Comhairle agus cúnamh a chur ar fáil d'institiúidí músaem, cartlainne, staire áitiúla agus ginealaigh, d'ionaid oidhreachta, grúpaí oidhreachta agus d'eagraíochtaí eile chun tacú leis an gcaomhnú, cothabháil agus cur chun cinn cuí a déanamh ar ár n-oidhreacht agus stair.

4.5 Tacú leis an dea-chleachtas is fearr i leith caomhnú, cothabháil agus cur chun cinn a dhéanamh ar ár stair agus ár n-oidhreacht.

4.6 Oibriú i gcomhpháirtíocht le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall agus leis an gComhairle Oidhreachta agus Plean Oidhreachta Dhún na nGall á chur i bhfeidhm.

4.7 Comhoibriú leis na páirtithe leasmhara cuí chun caomhnú cuí ar oidhreacht seandálaíochta Dhún na nGall a spreagadh.

4.8 Léachtaí, seimineáir, turais go dtí láthair staire agus staidéir cáis ar oidhreacht agus stair Dhún na nGall a chur ar fáil agus a chur chun cinn.

4.9 Cur leis na foilseacháin iomchuí go leanúnach (ina n-áirítear leabhair, nuachtlitreacha agus irisí), raidió, teilifís, léiriúcháin scannáin agus acmhainní ar líne a bhaineann le stair, oidhreacht agus cultúr Dhún na nGall.

4.10 Infheistiú, caomhnú agus forbairt a dhéanamh ar Bhailiúcháin Staidéar Dhún na nGall, agus luach agus uathúlacht an bhailiúcháin a chur chun cinn trí imeachtaí agus taispeántais.

4.11 Fáil ar acmhainní ginealaigh a sholáthar ar bhonn leanúnach trí na Seirbhísí Leabharlainne, Músaeim agus Cartlainne, agus na hacmhainní atá ar fáil a fheabhsú a thuilleadh.

4.12 Seirbhísí Cartlainne, Oidhreachta agus Músaeim a chur ar fáil a dhéanann stair agus oidhreacht Diaspóra Dhún na nGall a chaomhnú agus a chur chun cinn.

4.13 Tacú leis na pobail áitiúla agus le daoine aonair i mbailiú, caomhnú agus scaipeadh béaloidis agus staire áitiúil.

4.14 Caomhnú agus chur chun cinn scileanna agus ceardaíocht traidisiúnta a spreagadh. .

4.15 Tionscadail a fhorbairt a fhreagraíonn do ghné Dhún na nGall i dtaca le Deich mBliana na gCuimhneachán.

4.16 Oibriú I gcomhpháirtíocht le Stiúrthóirí eile Chomhairle Chontae Dhún na nGall, chun na séadchomharthaí seandálaíochta agus na reiligí stairiúla atá faoi choimirce Chomhairle Chontae Dhún na nGall, a chaomhnú, a chosaint agus a chothabháil.

4.17 Iniúchadh a dhéanamh i leith na ndeiseanna atá ann chun cumas ár n-oidhreacht tógtha a chur chun cinn trí athúsáid, caomhnú agus athnuachan a dhéanamh ar na foirgnimh stairiúla le haghaidh gníomhaíochtaí cultúir.

4.18 Úsáid chuí na suíomhanna oidhreachta do chláir fhéilte a spreagadh agus clár píolótach beochana ar thaithí cuairteora ag suíomhanna oidhreachta roghnaithe i gContae Dhún na nGall a chur ar fáil.

4.19 Cothabháil agus iniúchadh a dhéanamh i leith modhanna chun cultúr, oidhreacht, traidisiúin, teanga agus canúint oileáin Dhún na nGall a chosaint.

4.20 Plean Bainistíochta Straitéiseach Músaeim a ullmhú agus Straitéis Aire Bhailiúcháin Músaeim, Beartas Taispeántais, Beartas Bailiúcháin, Beartas Diúscartha, Beartas Oideachais agus Beartas Iasachta a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm.

4.21 Beartais na Cartlainne a nuashonrú agus a chur i bhfeidhm, ina n-áirítear an Beartas Fála, Beartas Bainistíochta Taifead, Beartas Caomhnaithe agus an Beartas Oideachais.





4.22 Féachaint le cartlanna agus le hábhar staidéir áitiúil a chaomhnú trína gcion a dhigitiú.

4.23 Plean tosaíochta caomhnaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm do na bailiúcháin is sobhriste sa Chartlann.

4.24 Beartas séadchomharthaí agus plaiceanna cuimhneacháin a fhorbairt.

4.25 Ár n-acmhainn i dtaobh déantán, cartlann agus oibreacha ealaíne a fháil ar iasacht agus léiriú, a fhorbairt go leanúnach.

4.26 Na bailiúcháin Mhúsaeim agus Chartlainne a chatalógú go leanúnach d'fhonn acmhainn ar líne a chur ar fáil.

4.27 Iniúchadh a dhéanamh i leith sásanna mar fhreagairt ar éileamh an phobail ar líon na dtaispeántas idirghníomhach a ardú.

4.28 Seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil de réir Plean Forbartha Gaeilge na Comhairle, agus ceanglais reachtúla eile ina n-áirítear Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, Acht na Gaeltachta, 2012 agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge an Rialtais.

4.29 Féachaint le deiseanna a aimsiú chun cláir agus tionscadail a fhorbairt le hOifig Forbartha Ghaeilge Chomhairle Chontae Dhún na nGall, agus an tairbhe is fearr a bhaint as deiseanna chun Plean Forbartha Gaeilge an Chontae a chur chun cinn ina iomláinen.

4.30 Féachaint le deiseanna a aimsiú chun cláir agus tionscadail a fhorbairt le páirtithe leasmhara eile, ina n-áirítear Údarás na Gaeltachta agus Ealaín na Gaeltachta, chun an tairbhe is fearr a bhaint as deiseanna a dhéanann an Ghaeilge i nDún na nGall a chosaint agus a chur chun cinn.

4.31 Comhoibriú le ranna eile na Comhairle, Údarás na Gaeltachta, Foras na Gaeilge agus leis an bpobal ar bhonn níos leithne, i leith stádas reachtúil Baile Seirbhíse Gaeltachta a bhaint amach do Leitir Ceanainn.

4.32 Tacú le pobail ainmnithe Gaeltachta i dtaca lena bPleananna Gaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil dá gCeantair Pleanála Teanga faoi seach, mar a leagtar síos sa Straitéis 29 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

4.33 Clár cuimsitheach, bliantúil Seachtain na Gaeilge a chur ar fáil.

4.34 Measúnú a dhéanamh ar staid reatha na n-acmhainní Gaeilge sna leabharlanna agus ar líne, agus caighdeán cuí a leagan síos i gcomhairle leis an Oifig Forbartha Gaeilge.

4.35 Oibriú i gcomhpháirtíocht le hEalaín na Gaeltachta, chun tacú le cleachtadh agus le taitneamhacht na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha trí mheán na Gaeilge, sna ceantair Ghaeltachta.

Tugann an fothrach seo de theach traidisiúnta ar Ghabhla agus an scioból atá leis (cró thíos agus lochta féir thuas) léiriú ar an bhuncharraig d'eibhear bándearg agus ar shaoirseacht chloiche iontach na gceardaithe áitiúla. (Grianghraf: Joseph Gallagher, Oifigeach Oidhreachta CCDnG)





# ‘Tá ar chumas comhpháirtíochtaí tuairimí iontacha a spreagadh – tá luach saothair shuntasaigh mar thoradh ar obair chomhpháirtíochta ina ndéantar torthaí forleathana, gan aon tsúil a sheachadadh – is buaine an t-iomlán na líon iomlán a gcomhpháirtithe!’

Ionad Náisiúnta Comhordaithe do Rannpháirtíocht Phoiblí na Ríochta Aontaithe

The Workers leis an Ealaíontóir Maurice Harron, Dry Arch, Leitir Ceanainn (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# 5. Caidrimh le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe a chothú

## Táimid tiomanta do chomhpháirtíochtaí a fhorbairt i leith spriocanna cultúir roinnte agus deiseanna nua maoinithe a chur ar fail ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, trasteorann, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanfaimid:

5.1 Comhoibriú ar bhonn trasteorann, náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn aithint agus ceiliúradh a dhéanamh ar naisc chultúir agus chun naisc nua a chruthú agus a chothabháil.

5.2 Iniúchadh a dhéanamh i leith plean cultúir straitéiseach a fhorbairt don chontae.

5.3 Cur leis na beartais, straitéisí agus leis na pleananna iomchuí eile de réir mar a bhaineann siad le cultúr.

5.4 Cur leis na forbairtí cultúir náisiúnta trí líonraí agus trí chumainn ghairmiúla.

5.5 Rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iomchuí a chur ar fáil i straitéisí eile (e.g. Connecting Donegal, an Straitéis Aoisbhá).

5.6 An clár deontas a sholáthraíonn na comhlachtaí stáit ar fad a chur chun cinn, ina n-áirítear an Chomhairle Ealaíon, an Chomhairle Oidhreachta agus Roinn Forbartha Réigiúnaí, Gnóthaí Tuaithe, Ealaíon agus na Gaeltachta.



How We Remember Tionscadal Ildisciplíneach arna maoiniú ag PEACE III



5.7 Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna a eascraíonn as an gClár Peace IV.

5.8 Comhoibriú a chur chun cinn agus obair thionscadail roinnte a fhorbairt idir Rannán na Seirbhísí Cultúir agus Seirbhísí Comhairle eile.

5.9 Comhoibriú idir Rannán na Seirbhísí Cultúir agus na húdaráis áitiúla máguaird agus soláthraithe seirbhísí eile a chur chun cinn, ina n-áirítear Leabharlanna Thuaisceart Éireann, Comhairle Cathrach Dhoire agus Sraith an Urláir agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí.

5.10 Comhoibriú le Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall, le Líonra Oidhreachta Dhún na nGall, agus leis an earnáil oidhreachta chun stair agus oidhreacht Chontae Dhún na nGall a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn.

5.11 Comhoibriú le comhpháirtithe chun forbairt litearthachta i leanaí, i ndaoine óga agus i ndaoine fásta a neartú.

5.12 Comhoibriú le comhpháirtithe chun eolas a chur ar fáil I dtaobh an phobail, óige, fiontair, na timpeallachta, sláinte agus folláine trí sheirbhís na leabharlainne.

5.13 Comhpháirtíochtaí áitiúla, reatha a neartú agus comhpháirtíochtaí nua a thionscnamh d'fhonn an tairbhe is fearr a bhaint as deiseanna a eascraíonn as toradh na struchtúr PPN agus LCDC.

5.14 Forbairt leanúnach ar an nGréasán Ceoil Tíre Eorpach a bunaíodh le gairid.

5.15 Tionscadail dea-chleachtais a chur chun cinn go leanúnach do ghradaim áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

5.16 Iniúchadh a dhéanamh ar chumas líonra eagraíochtaí gairmiúla ealaíona a bhunú agus a chothabháil sa chontae.

5.17 Caidrimh urraíochta nua a fhorbairt atá bunaithe ar fhealsúnacht na Freagrachta Sóisialta Corparáide.

5.18 Oibriú go neamhspleách leis an Oifig Fiontair Áitiúil, chun an acmhainn líonra leabharlainne reatha a ardú chun seirbhísí a fheabhsú dóibhsean atá ag lorg oibre agus dóibhsean atá ag bunú agus ag leathnú a ngnóthaí.

5.19 Tacú le hobair Oifig Scannáin Dhún na nGall ar bhonn leanúnach, chun tacú le tionscal scannáin gníomhach a chur chun cinn i nDún na nGall.

5.20 Comhpháirtíocht a bhunú le Gaillimh 2020/údaráis áitiúla na Gaillimhe ina dtairiscint ar Phríomhchathair Chultúr na hEorpa 2020, comhoibriú leo agus má bhíonn gá leis, gnéithe den chlár a fhorbairt agus chur ar fáil i nDún na nGall, in 2020.

5.21 Oibriú i leith *Creat do Chomhoibriú: Comhaontú idir an Chomhairle Ealaíon agus Cumann Bainistíochta an Chontae agus na Cathrach, 2016-2025*, ina n-áirítear:

5.22 Clár forbartha ealaíon na n-údarás áitiúil *Invitation to Collaborate*

5.23 Comhaontú foirmiúil idir an Chomhairle Ealaíon agus Comhairle Contae Dhún na nGall, maidir le hinfheistíocht sna healaíona thar thréimhse TBC.

5.24 Comhoibriú le hOifig Diaspóra Dhún na nGall

- 5.24.1 Chun an cumas i leith comhpháirtíochtaí nó comhoibrithe cruthaitheacha nó cultúir a aithint.
- 5.24.2 Stair agus oidhreacht an diaspóra a chur chun cinn ar www.donegaldiaspora.ie..
- 5.24.3 Spreagadh a thabhairt do thionscnaimh chultúir áitiúla agus teagmháil á déanamh le teaghlach domhanda Dhún na nGall.

5.25 Ionad Diaspóra Dhún na nGall den scoth a fhorbairt (féach an tAlt Forbartha Caipitil).

5.25.1 Féachaint le bealaí éifeachtacha agus éifeachtúla a aimsiú chun oibriú níos dlúithe le Foireann Forbartha Tháirge Turasóireachta na Comhairle.

5.25.2 Comhoibriú leis an Roinn IS, chun stór eolais oscailte agus grianghraif ar ardchaighdeán a fhorbairt chun an contae a chur chun cinn.

5.25.3 Ginealas agus oidhreacht a chur chun cinn mar tháirge turasóireachta.

5.25.4 Comhoibriú leis an Roinn IS, chun an tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil i dTairseach Dhún na nGall.

5.25.5 Tacú leis an suíomh gréasáin 'Go Visit Donegal' de réir mar a bhaineann le cultúr.

5.25.6 Sás a fhorbairt ar fud an chontae chun faisnéis a roinnt ar 'what's – on' le béim ar leith ar fhéilire forleathan Fhéilte Cultúir Dhún na nGall. (féach na hAguisíní).

5.25.7 Cuidiú le Féilte Trádála Turasóireachta Bhéal Feirste agus Bhaile Átha Cliath agus leis an Milwaukee Show Case 2017.

5.25.8 An tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna do Mhúsaem Chontae Dhún na nGall, agus don Ionad Cultúir Réigiúnach, a bheith páirteach i 'gCeantar Cultúir' do Leitir Ceanainn.

5.25.9 Tionscadal turasóireachta cultúir bliantúil a fhorbairt tríd an tIonad Cultúir Réigiúnach, ina ndírítear ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin

5.25.10 Sainchomharthaí, pearsana stairiúla agus cultúir a aithint agus a chur chun cinn ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

5.25.11 Taithí Shlí an Atlantaigh Fhiáin a shaibhriú trí thacú le léiriú cultúir na bpobal óstaigh a chur chun cinn sna healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha, i mBéarla agus i nGaeilge araon.



Manus Lunny, ealaíontóir cónaithe
(www.donegalpublicart.ie)
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)





Bíonn sármhaitheas mar thoradh ar níos mó cúram ná mar a cheaptar a bheith críonna, dul san amhantar gan chinnteacht, níos mó brionglóidíocht ná mar a cheaptar a bheith praiticiúil agus ag súil le níos mó ná mar a cheaptar a bheith indéanta.

Ronnie Oldham

# 6. Seirbhís Chultúir Inbhuanaithe ar Ardchaighdeán

Tá uainn cáil Dhún na nGall mar cheannaire i leith seirbhísí chultúir agus chultúir ag leibhéal údaráis áitiúil a neartú trínár dtiomantas dá forbairt. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall, gur tiomantas do chontae níos rathúla, níos sláintiúla agus níos tairbhiúla, infheistiú a dhéanamh sna healaíona, cultúr, oidhreacht agus an teanga.

Chun an méid sin a bhaint amach, déanfaimid:

6.1 Tacú le seirbhísí cultúir comhtháite a fheabhsú ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus rialtais, chun cur le hacmhainn na seirbhísí cultúir sin i leith caidreamh a chothú agus seirbhísí a chur ar fáil don phobal áitiúil.

6.2 Infheistíocht per capita Chomhairle Chontae Dhún na nGall i Seirbhísí cultúir a ardú.

6.3 Cúram custaiméara ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus aiseolas custaiméara a spreagadh.

6.4 Córais a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh agus freagairt do riachtanais agus éilimh athraitheacha an phobail.



Cónaitheacht Cheoil Altan (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



6.5 Athbhreithniú lár téarma a dhéanamh ar Chultúr in Earrach na bliana 2018, ina n-áirítear athbhreithniú ar na haighneachtaí poiblí a rinneadh ar an bplean.

6.6 Socrú a dhéanamh i leith oiliúna in ilchultúrthacht, feasacht aoise, míchumas agus réimsí bainteacha.

6.7 Plean lucht saothair a bheidh ábhartha do Sheirbhísí Cultúir a fhorbairt.

6.8 Iniúchadh a dhéanamh ar cheapadh foireann speisialta oidhreachta agus cultúir chun díriú ar riachtanais chultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

6.9 Sláinte, sábháilteacht agus folláine na foirne a chinntiú.

6.10 Pleananna forbartha foirne a ullmhú go leanúnach trí PMDS, chun an tairbhe is fearr a bhaint as foghlaim agus forbairt leanúnach.

6.11 Oiliúint ar na teicneolaíochtaí nua agus na meáin shóisialta a chur ar fáil d'fhoireann Rannán na Seirbhísí Cultúir.

6.12 I gcomhar leis an Roinn Oiliúna agus le heagraíochtaí speisialta, déanfar ceardlanna, seimineáir agus cúrsaí oiliúna a eagrú chun go mbeimid ina gceannródaithe nuálaíochta agus dea-chleachtas a chur chun cinn.

6.13 Eolas agus comhairle a chur ar fáil go leanúnach d'fhoireann agus do chomhaltaí tofa Chomhairle Contae Dhún na nGall, maidir le cultúr agus forbairt chultúir.

6.14 Staid Dhún na nGall a fheabhsú i dtáscairí feidhmíochta NOAC.

6.15 Plean a leagan síos i leith Caighdeáin agus Slat Tomhais na Leabharlainne Poiblí náisiúnta a bhaint amach taobh istigh de thréimhse thrí bliana, ina n-áirítear an sprioc náisiúnta €3.77 per capita infheistíochta i stoc na leabharlainne a bhaint amach.

6.16 Nuashonrú a dhéanamh Bheartas Forbartha Bailiúcháin na Leabharlainne.

6.17 Creidiúnú i Scéim Caighdeán Músaem na Comhairle Oidhreachta a choinneáil.

6.18 Comhoibriú le forais sheachtracha chun caighdeáin cartlainne reatha a nuashonrú agus caighdeáin nua i gcomhréir leis an dea-chleachtas reatha a fhorbairt..

6.19 Comhoibriú le Seirbhísí na Comhairle, chun taifid agus comhaid, beartais bainistíochta agus cláir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm do thaifid reatha Chomhairle Contae Dhún na nGall, agus do na taifid a bheidh ann amach anseo, ina n-áirítear taifid leictreonacha.

6.20 Acmhainní airgeadais a bhainistiú go héifeachtach chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.

6.21 Tacú le Plean Gníomhaíochta Digiteach Chontae Dhún na nGall a chur i bhfeidhm.

6.22 Plean Digitiú Rannán na Seirbhísí Cultúir a chur i dtoll a chéile.

6.23 An tairbhe is fearr a bhaint na deiseanna a thagann chun cinn do Rannán na Seirbhísí Cultúir, tríd an bhforbairt ar theicneolaíocht dhigiteach.

6.24 An tairbhe is fearr a bhaint as na deiseanna a thagann chun cinn do Rannán na Seirbhísí Cultúir agus don phobal trí fhorbairt a dhéanamh ar Mhoil Dhigiteacha atá lonnaithe go straitéiseach.

6.25 An fháil ar nascacht leathanbhanda a fheabhsú go leanúnach, trí fháil agus fhorbairt a dhéanamh ar sheirbhísí meáin dhigitigh sa líonra leabharlainne reatha agus cur le gníomhaíocht phobail agus gheilleagrach.

6.26 Oibriú i dtreo leabharlann dhigiteach agus oidhreacht chultúir a leathnú, bailiúcháin dhigiteacha áitiúla a fhorbairt agus an tairbhe is fearr a bhaint as.

# Cuid 5: Plean Infrastruchtúir/ Clár Caipitil

**An Clár Caipitil Leabharlainne Poiblí**

Tá clár uaillmhianach leabharlainne poiblí ag Contae Dhún na nGall, inar forbraíodh seirbhísí ardchaighdeáin in go leor d'ionaid daonra an chontae. Mar chontae mór áfach, le daonra scaipthe, tá réimsí móra den chontae atá fós gan seirbhísí cuí. Déantar na Leabharlanna Poiblí a mhaoiniú faoin gClár Infheistíochta Caipitil Leabharlainne 2016-2021, agus tríd an Straitéis do Leabharlanna Poiblí. Tá coinníoll maoinithe ag gabháil leis na Leabharlanna Oscailte (inar féidir leis na baill an leabharlann a úsáid le linn tréimhsí leathnaithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre na leabharlainne) agus déanfaidh Baile Dhún na nGall, an córas nua seo a chur i bhfeidhm i gContae Dhún na nGall. Tá daonra 3,000 duine ar a laghad ina choinníoll faoin gclár náisiúnta.

Déanann líonra na bpointí rochtana comhpháirtíochta pobail Taobh Tíre, an líonra leabharlainne i nDún na nGall a fhorlíonadh.

Leis an liosta tosaíochta don chontae, mar a ghlac Cultural Connections leis, áirítear leabharlanna i mBaile Dhún na nGall, Ceanncheathrú Rannán na Seirbhísí Cultúir agus Leabharlann Shraith an Urláir/Bhealach Féich, i measc leabharlann eile.

Tá sé beartaithe go ndéanfar an clár forbartha leabharlainne bua a chur in ord tosaíochta mar a leanas:



Amy agus Aine Britton ag léamh le chéile sa Phríomh Leabharlann, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

Leabharlann Bhaile Dhún na nGall (rinneadh dearbhú ina leith chuig an Roinn i mí an Mheithimh, 2015, mar phríomhthosaíocht).

Oifigí Rannán na Seirbhísí Cultúir.

Leabharlann Phobail Shraith an Urláir/Bhealach Féich.

Leabharlann Phobail na gCealla Beaga

Leabharlann Phobail na nGleanntach.

Leabharlann Phobail Ráth Bhoth.

* Beidh gá le veain seachadta nua chomh maith.

## 1. Leabharlann Phoiblí Dhún na nGall

Tá an tionscadal seo ag barr liosta tosaíochta na leabharlainne, mar a ainmníodh i bplean straitéiseach Chomhairle Chontae Dhún na nGall do Rannán na Seirbhísí *Cultúir Cultural Connections 2009-2014*. Dearbhaíodh don Roinn i mí an Mheithimh, 2015, go bhfuil tús áite ag Baile Dhún na nGall ar an gClár Tógála Caipitil Leabharlainne.

Déanfaidh Baile Dhún na nGall leabharlann shofheicthe a chruthú don phobal, ina ndéanfar taithí an chustaiméara agus an fháil a bheidh ar an leabharlann a fheabhsú. Spás tábhachtach, sibhialta a bheidh ann, a chuirfidh go mór le creatlach chultúir an bhaile agus a phurláin. Beidh ar chumas daoine cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus iad i mbun siopadóireachta nó le linn am scoile nó oibre. Féadfaidh an pobal taitneamh a bhaint as leabharlann phlean oscailte, ina mbeidh fáil ar réimse ginealais/staire áitiúil tiomanta, spás oiliúna/ICT ilchuspóireach, spásanna cruinnithe pobail, spásanna foghlamtha/staidéir agus spásanna do leanaí agus do dhéagóirí. Beidh spás páirceála poiblí ar fáil cóngarach don leabharlann.






Mic léinn ó Scoil Loreto, Leitir Ceanainn
sa Phríomh Leabharlann, Leitir Ceanainn
(Grianghraf: Paul Mc Guckian)

Bainfidh Leabharlann Dhún na nGall an tairbhe is fearr a bhaint as na teicneolaíochtaí nua agus déanfar seirbhísí cliste a bhreithniú go dearfach, ina n-áirítear féinriar, roghnú agus aischuir tapa, ICT soghluaiste agus inghluaiste, WiFi, féinseiceáil isteach agus amach agus RFID (aitheantas minicíochta raidió). Déanfar foghlaim ríomhaireachta a chur chun cinn agus beidh fáil ar sheirbhís idirlín ar fud an fhoirgnimh.

Déanfaidh Leabharlann Bhaile Dhún na nGall, mórtas, muinín agus aitheantas i leith na staire áitiúil, cultúir agus oidhreachta a chur chun cinn. Bainfear úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha nua ar mhaithe le fáil an phobail ar sheirbhísí. Cinnteoidh an Leabharlann fáil éasca ar eolas údarásach, iontaofa i leith Cultúr agus Oidhreacht Dhún na nGall. Is daoine áitiúla ó Bhaile Dhún na nGall agus ó na ceantair máguaird, chomh maith le diaspóra Dhún na nGall, ar cuairt/athfhilleadh, is mó a bhainfidh úsáid as an leabharlann. Is 'Baile Stairiúil' é Baile Dhún na nGall, atá ainmnithe do chosaint seandálaíochta ghinearálta faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004), agus d'fhéadfaí úsáideoirí Leabharlainne a áireamh leis an líon mór cuairteoirí ar an gCaisleán, ar an Mainistir agus ar shuíomhanna stairiúla agus oidhreachta eile, chomh maith leis an gcóiríocht ar ardchaighdeán atá ar fáil ar mhórscála do chuairteoirí ar feadh na bliana.

Tá daonra 2,607 ag Baile Dhún na nGall, (daonáireamh 2011). Áirítear le limistéar na leabharlainne, an chúlchríoch atá go díreach mórthimpeall an bhaile agus ó dúnadh an leabharlann sna Cealla Beaga, airítear ceantar Iardheisceart Dhún na nGall, thar na Cealla Beaga go Gleann Cholm Cille. 18,290 is ea daonra an cheantair sin ina iomláine. Tá Baile Dhún na nGall ar an mbaile is gaire a bhfuil seirbhís leabharlainne le fáil ann don dream sin.

Tá sé 53km ó Ghleann Cholm Cille go Baile Dhún na nGall, gan aon leabharlann phoiblí lonnaithe sa limistéar sin eatarthu. Ag dul sa treo eile, tá sé 79km ó Ghleann Cholm Cille go dtí an Clochán Liath, san áit ina bhfuil an chéad leabharlann ó thuaidh lonnaithe. Bainfidh líon mór leanaí scoile úsáid as an leabharlann, le 3 bhunscoil lonnaithe sa bhaile féin agus 11 bhunscoil lonnaithe sna ceantair máguaird. Tá Gairmscoil na Mainistreach lonnaithe sa bhaile freisin.



Grainne Haines ag roghnú leabhair sa Phríomh Leabharlann, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Paul Mc Guckian)






Tá brainse páirtaimseartha ag freastal ar Bhaile Dhún na nGall faoi láthair, atá oscailte 11uair sa tseachtain. Tá an leabharlann reatha 84m2.

**Gníomh:** Suíomh oiriúnach, réidh a ainmniú, a bheidh cóngarach do lár Bhaile Dhún na nGall.

**Gníomh:** Pleananna agus iarratas a ullmhú chun mbeifear faoi réir le tosú sula mbeidh maoiniú ar fáil fiú.

**Gníomh:** Suíomh a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a ainmniú agus pleananna do Leabharlann Phobail Shraith an Urláir/ Bhealach Féich a fhorbairt.

**Gníomh:** Suíomh agus pleananna a fhorbairt d'Oifigí Rannán na Seirbhísí Cultúir.

**Gníomh:** Suíomh a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a ainmniú agus pleananna do Leabharlann Phobail na gCealla Beaga a fhorbairt.

**Gníomh:** Suíomh a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a ainmniú agus pleananna do Leabharlann Phobail na nGleanntach a fhorbairt.

**Gníomh:** Suíomh a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach a ainmniú agus pleananna do Leabharlann Phobail Ráth Bhoth a fhorbairt.

**Gníomh:** Fáil ar fheithiclí Rannán na Seirbhísí Cultúir i dtéarmaí coinníll, athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid agus ar an ngá atá leis na feithiclí, togra a ullmhú i dtaobh freastal a dhéanamh ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo.

**Gníomh:** Athchóiriú a dhéanamh ar bhunurlár na Leabharlainne Lárnaí, chun freastal do RFID agus an fháil agus an leagan amach a fheabhsú.

**Gníomh:** Leabharlann Shraith an Urláir/Bhealach Féich a aistriú go láthair nua i gcomhréir le forálacha na Leabharlainne agus le seirbhísí eile na Comhairle sa cheantar áitiúil.

**Gníomh:** Breithniú i dtaobh na roghanna atá ann chun síneadh a chur le Leabharlann Bhun Dobhráin.

## 2. Ionad Diaspóra Dhún na nGall

Tá mar fhís againn Ionad Diaspóra Dhún na nGall den scoth a chruthú, ina ndéanfar cumasc idir caitheamh aimsire, teicneolaíocht agus cultúr le ceiliúradh agus comóradh ar thaithí agus ar an méid atá bainte amach ag Diaspóra Dhún na nGall.

Tá scaipeadh mhuintir na hÉireann ar fud an domhain agus a gcion tairbhe i leith gheilleagar agus chultúr na gcríoch inar chuir siad fúthu ann, ar cheann de ghnéithe sainiúla dár náisiún, faoi láthair agus go stairiúil. Meastar go bhfuil diaspóra na hÉireann, os cionn 70 milliún duine láidir agus ar an diaspóra is mó ar domhan. Tá uainn aitheantas a thabhairt agus ceiliúradh a dhéanamh orthusan as Dún na nGall, tuata agus misinéir araon, a raibh tionchar mhór acu ar chúrsaí spóirt, gnó, leighis, altranais, tógála, aireagán agus forbairt phobail ar fud an domhain.

Nuair a thagann cuairteoirí chuig Dhún na nGall, nó nuair a fhéachann Diaspóra Dhún na nGall lena stair a nochtadh, níl aon áit fhisiciúil ann faoi láthair inar féidir leo ceangal a dhéanamh le Dún na nGall na staire, an lae inniu agus amach anseo. Tá Rannán Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall ag féachaint le pointe fócais a chruthú inar féidir linn tairbhí na hacmhainne úire sin a aimsiú.

I gcomhthéacs Ionad Diaspóra Dhún na nGall a fhorbairt, déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall, iniúchadh i leith na roghanna agus sineirgí ar fad ina n-áireofar Músaem Chontae Dhún na nGall, Ionad Rannán Sheirbhísí Cultúir Chomhairle Chontae Dhún na nGall, an tSeirbhís Chartlainne, an tSeirbhís Ealaíon, Oifig Oidhreachta an Chontae agus Oifigeach Forbartha na Gaeilge.

Beidh Ionad Diaspóra Dhún na nGall ina chur chuige nua i dtaca le Dún na nGall a chur i láthair do chuairteoirí agus do dhaoine áitiúla araon. Déanfar mórtas, muinín agus aitheantas i gcúrsaí staire áitiúil, cultúir agus oidhreachta a chur chun cinn. Bainfear úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha nua agus as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn chun an tairbhe is fearr a bhaint as an

bhfáil a bheidh ar sheirbhísí, ina ndéanfar acmhainní a chaomhnú do na glúine amach anseo. Cuirfidh an tIonad faisnéis údarásach, iontaofa ar fáil i dtaobh gnéithe uile chultúr agus oidhreacht Dhún na nGall. Is tionscadal suaitheanta turasóireachta, faoi úinéireacht aon teaghlaigh amháin a bheidh anseo.

Déanfaidh an tIonad taithí úsáideora idirghníomhach, feabhsaithe a chur ar fáil i spás cultúir ar ardchaighdeán, ina mbeidh fáil ag an bpobal ar líon acmhainní a bheidh lonnaithe in aon ionad amháin, seachas i roinnt láithreacha ar leith mar atá amhlaidh faoi láthair. Is saoráid taighde agus chuairteora den scoth a bheidh anseo, a bheidh uathúil ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus a bheidh mar chion tairbhe suntasach do chúrsaí turasóireachta ar feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Is pointe fócais a bheidh in Ionad Dhún na nGall do thurasóirí agus do chuairteoirí, do thaighdeoirí agus don phobal áitiúil. Is comhartha suaitheanta a bheidh ann do Dhiaspóra Dhún na nGall ar fud an domhain.

## Spásanna

*Dánlann Taispeántais Shealadach:*

Déanfar an tseirbhís seo a chur ar fáil trí spás taispeántais sealadach a chruthú a bheidh an-solúbtha agus inrochtana.

*Dánlann Taispeántais Fhadtéarmach:*

Tá sé beartaithe spás taispeántais fadtéarmach a chur ar fáil agus téamaí a chur i láthair ar bhealach faisnéiseach, fuinniúil. Déanfar taispeántais a bheidh deartha go speisialta a chur i láthair do chuairteoirí óga, chomh maith le taispeántais ilchéadfacha, chun an fháil ar na taispeántais do dhaoine atá faoi mhíchumas a ardú. Beidh an taispeántas mealltach don phobal áitiúil agus do chuairteoirí araon, ina ndéanfar tuiscint ar oidhreacht agus cultúr an Chontae a éascú. Déanfaidh an taispeántas béim a leagan ar Dhiaspóra Dhún na nGall, a bhfuil cáil dhomhanda bainte amach aige.





Patrick Scott ag an RCC 2014

*Spásanna Ilfheidhmeacha*

Dhéanfadh spásanna dá shórt imeachtaí agus léirithe poiblí a chumasú, dhéanfaí spás taighde do mhic léinn, spásanna cruinnithe, spás gníomhaíochta do dhigitiú nó do thionscadail phobail comhpháirtíochta agus spás comhairliúcháin chun cúrsaí staire teaghlaigh agus taighde etc. a chur ar fáil.

*Bainistíocht, Riarachán agus Caomhnú*

Tá raon mór ag an bhforbairt seo chun bainistíocht Rannán na Seirbhísí Cultúir a thabhairt le chéile, ina ndéanfaí tiomantas na Comhairle do chultúr a léiriú mar phríomhshócmhainn don chontae agus don réigiún, taobh istigh de thionscadal caipitil le próifíl an-ard. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an fhoireann bhainistíochta do Rannán na Seirbhísí Cultúir a lonnú laistigh den bhforbairt sin. Tá saoráidí nach bhfuil chomh mór sin i mbéal an phobail, ríthábhachtach do chaighdeán ard a sholáthar. D'fhéadfaí na réimsí coimeádaíochta, riaracháin agus caomhnaithe a lonnú sa bhfoirgneamh ar bhealach réasúnach, comhordaithe chun spásanna stórála daingean atá rialaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur ar fáil, chomh maith le saoráidí caomhnaithe do bhailiúcháin, ardaitheoir hiodrálach, spás riaracháin agus saoráidí poiblí agus foirne.

Bailiúchán uathúil d'acmhainní poiblí

Dhéanfaí na hacmhainní a leanas a thabhairt le chéile den chéad uair riamh: Bailiúchán Músaeim d'os cionn 8,000 déantán; Suirbhé Seandálaíochta ar Chontae Dhún na nGall; Cartlann Scannáin agus Oileáin an Iarthuaiscirt; taifid staire béil; Bailiúchán Staidéar Dhún na nGall d'os cionn 7000 leabhar, iris, agus ábhar eile ar stair, tíreolaíocht, seaniarsmaí, seandálaíocht, béaloideas, oidhreacht agus cultúr Chontae Dhún na nGall; na Cartlanna is mó a úsáideann an pobal, ina n-áirítear acadóirí, staraithe áitiúla agus teaghlaigh, ina n-áirítear bailiúcháin dhigitithe agus micreascannáin. D'fhéadfaí ábhar cartlainne bunaidh a chur ar fáil ar iarratas.

**Gníomh:** Cáipéis físe a fhorbairt don togra.

**Gníomh:** Iniúchadh a dhéanamh i leith suíomhanna oiriúnacha ina n-áirítear comhlonnú leis an Ionad Cartlainne beartaithe i Leifear nó leis an Músaem Contae i Leitir Ceanainn.

**Gníomh:** Pleananna iomlána a fhorbairt agus maoiniú a aimsiú.

## 3. Athfhorbairt ar Mhúsaem an Chontae

Rinneadh Músaem an Chontae a fhorbairt os cionn 20 bliain ó shin agus d'fhonn stair Dhún na nGall a léiriú go héifeachtach, ba chóir go ndéanfaí an foirgneamh a athchóiriú agus a nuashonrú. Tá gá leis na spásanna taispeántais agus poiblí a dhéanamh níos taitneamhaí agus níos idirghníomhaí, ina n-áirítear spásanna oideachais.

Tá na spásanna caomhnaithe agus na déantáin á stóráil ag suíomh eile faoi láthair agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige sin, i dtéarmaí éifeachtúlachtaí agus bainistíocht éifeachtach na Seirbhíse Músaeim.

Tá an suíomh ar an mBóthar Ard, an-oiriúnach agus acmhainneach go leor chun síneadh suntasach a chur ar chúl fhoirgneamh an Mhúsaeim.

Tá spás páirceála ann do charranna agus do bhusanna chomh maith agus spás seachadta, is srian mór é an leagan amach faoi láthair, ina ndéantar teorannú ar an scóip do chuairteanna scoile agus do chuairteanna eile ar mhórscála, chomh maith le clárú.

Cóngarach don Mhúsaem, cuid de Theach na mBocht Leitir Ceanainn, tá gairdín gorta lonnaithe, a d'fhéadfaí a chorprú go stuama ina ionad singil agus acmhainn phoiblí. D'fhéadfadh an fhorbairt bheartaithe an príomhbhealach isteach chuig an teach stairiúil a úsáid mar an príomhbhealach isteach do chuairteoirí.

**Gníomh:** Breithniú i leith stair Dhún na nGall a chur i láthair ar bhealach nua-aoiseach, taitneamhach agus idirghníomhach ag Músaem an Chontae.

**Gníomh:** Breithniú i leith méid iomlán an tsuímh atá ar fáil agus pleananna a fhorbairt dá réir, go mór mhór i dtaobh páirceála, stóráil déantán agus saoráidí caomhnaithe.

## 4. An tIonad Cartlainne

Faoi Alt 80 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá feidhm ag gach údarás áitiúil 'socruithe i leith bainistiú cuí, cumhdach, cúram agus caomhnú a dhéanamh ar thaifid agus ar chartlanna áitiúla'. Is é beartas Chomhairle Chontae Dhún na nGall, aimsiú. caomhnú agus fáil ar ábhair chartlainne agus taighde agus suim in oidhreacht chartlainne/taifeadta/scríofa an chontae a spreagadh.

Is amhábhar na staire iad na cartlanna. Tá an t-ádh ar Dhún na nGall go bhfuil ceann de na bailiúcháin chartlainne áitiúla is saibhre sa tír faoina cúram. Rinneadh Seirbhís Chartlainne Chomhairle Chontae Dhún na nGall, a fhorbairt go mór ó bunaíodh í i 1999. Tá 1,2000 méadar líneach d'ábhar cartlainne i dtaisce sna Cartlanna agus ar fáil mar ábhar taighde, a tógadh as foinsí príobháideacha agus poiblí (15,000 bailiúchán agus nithe catalógaithe). Tá go leor bailiúcháin eile nach bhfuil liostaithe, i dtaisce in ionaid stórála éagsúla nach bhfuil oiriúnach agus atá lonnaithe ar fud na tíre, tá na céadta méadar líneacha de bhailiúcháin fós le haimsiú, le liostú, le caomhnú agus le cur ar fáil don phobal. Chun an méid sin a chur i gcrích, agus chun an dualgas reachtúil a leagtar ar údaráis áitiúla a chomhlíonadh i dtaobh socrú a dhéanamh i leith seirbhís chartlainne. Tá sé beartaithe le blianta fada, na cartlanna ar fad a thabhairt le chéile faoi dhlínse na Comhairle, in aon ionad amháin. Go dtí seo áfach, níor tharla sé sin (2016).

Ní mór Ionad Cartlann Chontae Dhún na nGall a dhearadh mar shaoráid oiriúnach le spás sínidh ag gabháil leis. Feidhmeoidh an tIonad mar stór chomh maith le saoráid don phobal. Beidh gá le spás stórála don ábhar atá sa chartlann faoi láthair chomh maith le cartlanna Dhún na nGall a stóráil amach anseo, ina n-áirítear ábhar ó fhoinsí príobháideacha agus poiblí. Maidir le stór cartlainne buan le bailiúchán uathúil ábhar, ní mór nithe amhail teocht, bogthaise choibhneasta, slándáil agus cosaint i gcoinne tine, tuile agus gadaíocht a thógáil san áireamh agus an foirgneamh á dhearadh. As measc na spásanna a bhfuil gá leo, áirítear: ionad fáiltithe cáipéise agus seomra stórála do cháipéisí éilithe; seomra próiseála agus caomhnaithe d'ábhar cartlainne; oifig an chartlannaí; oifig le plean oscailte ina mbeidh teacht ar sheomra taighde/leabharlann tagartha cartlainne; seomra cruinnithe/spás ceardlainne; seomra fáiltithe agus taispeántais; saoráidí foirne; saoráid stórála do chartlanna leictreonacha agus ionad nó ionaid stórála, an spás is tábhachtaí i bhfoirgneamh cartlainne. (Féach PD 5454:2012 Treoir maidir le hábhair chartlainne a stóráil agus a chur ar taispeántas; Caighdeáin do Sheirbhísí Cartlainne a Fhorbairt in Éirinn, Cumann na gCartlannaithe).

**Gníomh:** Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe reatha i dtéarmaí caighdeáin stórála agus VFM.

**Gníomh:** Pleananna d'Ionad Cartlainne buan a fhorbairt i Leifear.

## 5. Páirc Dealbhóireachta ArtScape Donegal

Tá tionchar mór ag Éirinn agus ag a cultúr ar chultúir eile ar fud an domhain, i réimse na n-ealaíon go mór mhór. Tá cáil ar Éirinn chomh maith as a tírdhreach, a hiargúltacht, a muirdhreach agus a soilsiú. Tá traidisiún fada ag Éirinn i dtaobh nádúr sna healaíona, chomh fada a bhaineann le dealbhóireacht agus réiteach go mór mhór, a théann siar go dtí na cromleaca luatha agus na liagchiorcail réamhstairiúla. Tá cáil ar Éirinn as a rathúlacht agus a láidreacht i réimse na n-ealaíon comhaimseartha.





Ag cur lenár gcáil i leith cultúir, tírdhreacha, dealbhóireachta agus ealaíon comhaimseartha, tá Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Chontae Dhún na nGall, anois ag féachaint le Páirc Dealbhóireachta Shuaitheanta a bhunú, a bheidh uathúil d'Éirinn, ina n-úsáidfear an teideal ArtScape Donegal. Dánlann a bheidh lonnaithe taobh amuigh, ina léireofar an dealbhóireacht nua-aoiseach agus chomhaimseartha is fearr atá le fáil in Éirinn, lonnaithe i dtírdhreach drámatúil Dhún na nGall. Is áit uathúil, neamhghnách a bheidh anseo ina dtabharfar dúshlán, inspioráid, eolas agus solamar don chuairteoir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus a chuirfidh go mór leis an méid atá le tairiscint ag Dún na nGall don Turasóir Cultúir cheana féin.

Tá sé beartaithe 30 dealbh ar mhórscála, leis na healaíontóirí is fearr in Éirinn a lonnú i dtírdhreach Pháirc Foraoise na hArdadh, mar nithe is díol spéise do thurasóirí.

Chomh maith le bheith ar cheann de na páirceanna is áille in Éirinn, is cinnte go bhfuil Páirc Foraoise na hArdadh ar cheann de pháirceanna foraoise is éagsúla de chuid na hÉireann. Tá cuanta, aibhneacha, tránna, muirbhigh, gleannta, láithreacha amhairc, imfháluithe fia agus séadchomharthaí stairiúla atá fite fuaite le chéile le sraith slite fiadhúlra iontacha. Le brat calma crann duillsilteach agus buaircíneach ar an eastát 481ha, a bhí úinéireacht theaghlach na Stíobhard tráth. Tá ar chumas na páirce, laethanta seachas uaireanta caithimh aimsire agus taitneamhacht a sholáthar. Faoi láthair, baineann éaneolaithe, geolaithe, luibheolaithe, staraithe, leanaí agus iadsan ar mór leo an áilleacht, sult as an bpáirc. Tá láthair mhór páirceála, leithris, siopa caife séasúrach, páirc spraoi agus réimse iontach agus cuimsitheach slite siúil mapáilte lonnaithe sa Pháirc Foraoise, atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú Choillte.

Táimid tiomanta do chur leis an acmhainn atá cheana agus Ionad Cultúir Turasóireachta suaitheanta eile a chur ar fáil i nDún na nGall. Tá uainn an cuairteoir áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagadh chun lá le cois a chaitheamh i nDún na nGall. Beidh an táirge sin uathúil d'Éirinn. Mar dhánlann a bheidh lonnaithe taobh amuigh, tá sé beartaithe an príomhthaispeántas a athrú gach

Jeffreys House ag Páirc Foraoise na hArdadh (Grianghraf: Paul Mc Guckian)



Imleabhair cheangailte ó Bhailiúchán Chartlann an Chontae arna stóráil ar ghnáthsheilfre cruach cartlannaíochta, An tIonad Cartlainne, Leifear



uile 3-5 bliana. Ag tús gach sraith taispeántais nua, beartaítear chomh maith Siompóisiam Dealbhóireachta Poiblí a reáchtáil chun dealbha agus obair ealaíne talún a chruthú a bheidh sainiúil don suíomh agus ina ndéanfar amhábhair agus ábhair nádúrtha a fhaightear sa Pháirc a úsáid. Chomh maith leis sin, tá Comhairle Contae Dhún na nGall, tiomanta do Chlár Oideachais/Acmhainne uaillmhianach a reáchtáil ar líne mar chuid de ArtScape Donegal, ina gcuideofar le hobair ealaíne a eadránú, idir shean agus óg araon.

**Gníomh:** An togra reatha a fhorbairt le heagraíochtaí comhpháirtíochta chun ullmhacht agus dul chun cinn a chinntiú.

## 6. An tIonad Taifead

Faoi Alt 80 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá feidhm ag gach údarás áitiúil 'socruithe i leith bainistiú cuí, cumhdach, cúram agus caomhnú a dhéanamh ar thaifid agus ar chartlanna áitiúla'. Tá dlíthe agus rialacháin go leor eile ann ina ndéantar an cleachtadh i leith taifid phoiblí a rialú, ina n-áirítear Saoráil Faisnéise, Cosaint Sonraí, an tAcht Pleanála, 2000, dlíthe i leith soláthar a rialú agus reachtaíocht an AE ar thionscadail atá maoinithe ag an AE.

Tá mar bheartas ag Comhairle Contae Dhún na nGall, na taifid neamhreatha a chruthaíonn an Chomhairle féin a bhainistiú, a stóráil in ionaid oiriúnacha, a chur ar fáil nuair is gá agus iad a dhiúscairt go sábháilte nó iad a chartlannú.

Tá gá le hionad oiriúnach, sábháilte a bheidh deartha agus faoi throscáin do thaifid neamhreatha Chomhairle Chontae Dhún na nGall, agus a bheidh bunaithe ar an dea-chleachtas cartlainne is fearr. Beidh seirbhís bhainistíochta taifead lánaimseartha i bhfeidhm, faoi bhainistíocht foirne a bheidh sannta chuig an ionad. Déanfaidh an t-ionad catalógú rialta agus rialaithe a chinntiú agus taifid neamhreatha a stóráil. Áireofar aistrithe rialta, aisghabhálacha agus tuairisceáin taifead, chomh maith le taifid a dhiúscairt nó a aistriú chuig na Cartlanna, agus a bheidh ullmhaithe agus pleanáilte go hiomlán. Áireofar san ionad taifead, stór/stórtha, oifigí, ceathrúna foirne, agus spás do taifid a dhiúscairt nó a shealbhú, agus seomra do thaifid leictreonacha.

**Gníomh:** Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe reatha i dtéarmaí caighdeáin stórála agus VFM.

**Gníomh:** Pleananna a fhorbairt i leith Ionad Taifead buan i Leifear.

# An Phunann Seirbhísí cultúir

An Leabharlann Lárnach, Leitir Ceanainn.

Leabharlann Phobail Bhun Cranncha.

Leabharlann Phobail Charn Domhnach.

Leabharlann Bhun an Phobail (ar léas).

Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair, ina n-áirítear spás do na hamharc-ealaíona.

Leabharlann Phobail Na Rosann (ar léas).

Leabharlann Bhaile Dhún na nGall (ar léas).

Leabharlann Bhéal Átha Seanaidh (ar léas).

Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin.

Leabharlann Shraith an Urláir/Bhealach Féich (ar léas).

Leabharlann Ráth Bhoth (ar léas).

Leabharlann Leifir (ar léas).

Leabharlann Bhaile na nGallóglach

Ionad Riaracháin Rannán na Seirbhísí Cultúir (ar léas).

Stór agus Stóráil Leabharlainne (ar léas).

An tIonad Cultúir Réigiúnach.

Dánlann an Ghleanna.

Músaem Chontae Dhún na nGall.

Ceardlann agus Stóráil Músaeim (ar léas).

An tIonad Cartlainne (ar léas).

Stóráil Chartlainne (ar léas).

An Scéim ealaíne poiblí Percent for Art.

**Gníomh:** Caighdeán ard a choinneáil go seasta i leith na bhfoirgneamh ar fad. Chun na críche sin, féachaint le cur chuige corparáide a chur i bhfeidhm chun caighdeán, comhsheasmhacht agus Luach ar Airgead a chinntiú.

**Gníomh:** Clár rollach uasghrádaithe/athchóirithe a fhorbairt d'fhonn spásanna oibre agus spásanna poiblí, sábháilte, taitneamhacha a chinntiú.

**Gníomh:** Plean a ullmhú chun a chinntiú go gcomhlíonann na foirgnimh phoiblí ar fad leis na caighdeáin éilithe i dtaobh fála.

**Gníomh:** Pleananna Sábháilteachta agus Sláinte d'fhoirgnimh Rannán na Seirbhísí Cultúir a chomhlánú a agus a chur i bhfeidhm.

**Gníomh:** Féachaint le páirceáil chuí a chur ar fáil ag Músaem an Chontae.

**Gníomh:** Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóiríocht ar cíos ar fad i dtéarmaí Luach ar Airgead.

**Gníomh:** Feidhm a thabhairt do comhaontuithe léis fadtéarmacha de réir mar a éilítear.

**Gníomh:** Comhoibriú le Foireann Fuinnimh an DCC, chun laghdú 5% a bhaint amach i gcúrsaí fuinnimh agus teasa faoin Tionscnamh Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001.

**Gníomh:** Iniúchadh a dhéanamh ar roghanna i leith soilsiú oíche do phríomhfhoirgnimh Rannán na Seirbhísí Cultúir.

**Gníomh:** Imeachtaí suntasacha a mharcáil le linn tréimhse saoil foirgnimh Rannán na Seirbhísí Cultúir, amhail comóradh 10 mbliana an RCC agus comóradh 30 bliain Mhúsaem an Chontae.

**Gníomh:** Rannpháirteach i dtionscnamh Greening of Donegal, ar bhonn céimithe, ag tosú i Márta 2017.

**Gníomh:** Cur le hIniúchadh Náisiúnta Ionaid (na hEalaíona) a chruthú agus a chothabháil agus comhoibriú leis an LGMA i leith iniúchtaí a dhéanamh ar leabharlanna.

**Gníomh:** Plean i leith Ealaíon Poiblí Dhún na nGall a fhorbairt agus a chothabháil.



Aillte Shliabh Liag Cliffs, Dún na nGall



Foirgnimh lárnach atá faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Dhún na nGall agus faoi bhainistiú ag cuideachtaí neamhspleácha:

- Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn.
- Ionad Ealaíon na Mainistreach, Béal átha Seanaidh.
- An Dánlann Ealaíne i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair.

**Gníomh:** Tacú go leanúnach le gach saoráid chun cuidiú leo a gcumas a fhorbairt agus feidhmiú go héifeachtach.

Nithe Eile

Músaem Míleata Ráth an Dúin Riabhaigh – Tá Comhaontú Feighlí idir an tAire Airgeadais agus Comhairle Contae Dhún na nGall, i leith píosa talún agus maoine, agus tá píosa breise talún faoi úinéireacht na Comhairle ag Ráth an Dúin Riabhaigh. Tá an suíomh faoi bhainistiú agus fheidhmiú Chuideachta Mhúsaem Míleata Ráth an Dúin Riabhaigh Teo.

Ionad Oidhreachta Imeacht na nIarlaí - Tá an foirgneamh ina bhfuil Ionad Cuairteora Imeacht na nIarlaí bunaithe, faoi úinéireacht na Comhairle.

Seanteach Cúirte agus Ionad Cuairteora Leifir - Tá an foirgneamh ina bhfuil an t-ionad cuairteora bunaithe, faoi úinéireacht na Comhairle.

Teach na mBocht ag Dún Fionnachaidh – Tá na foirgnimh ina bhfuil an t-ionad cuairteora bunaithe faoi úinéireacht Chomhairle Contae Dún na nGall, agus tugtha ar léas d'Ionad Oidhreachta Gorta Dhún na nGall, (Dún Fionnachaidh) Teoranta.

**Gníomh:** An seasamh dleathach i ngach cás a dhearbhú chun ról na Comhairle a bhunú.

Tionscadail chultúir eile de chuid Dhún na nGall atá ag teacht chun cinn:

- Teach na mBocht Bhéal Átha Seanaidh.
- Amharclann Ghaoth Dobhair
- The Laurels, Na Gleannta (baile dúchais máthartha Brian Friel).

**Gníomh:** Tacú leis an bpríomhghníomhaireacht nó tionscnóir i ngach cás de réir mar a fhorbraítear.

# Cuid 6: Cás-staidéir




Íomhá ó Mhapa ó thús na 19ú hAoise d' Ard-Ghiúiré Chontae Dhún na nGall, ó bhailiúchán Chartlann an Chontae, an tIonad Cartlainne, Leifear, Grianghraf: Paul Mc Guckian



Léiríonn na Cás-Staidéir seo raon ár dtionscadal agus tugann blaiseadh ar ár gcur chuige nuálaíoch.

**Músaem Chontae Dhún na nGall:** For-rochtain do Phobail

**Leabharlann Dhún na nGall:** Ionad Eolais don Eoraip go Díreach (EDIC) Dhún na nGall & na Gaeltachta

**Seirbhís Ealaíon:** Infheistíocht i gCruthú Obair Nua Ealaíne i nDún na nGall

**Seirbhís Chartlainne:** Across the Atlantic: Emigrating from Moville and Derry

**Ionad Réigiúnach Cultúir:** Lived Lost Lives

**Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall:** Oidhreacht Ár nAiltireacht Dhúchasach

**Oifig na hEalaíne Poiblí:** The Happy Prince



Little John Nee agus Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall sa The Happy Prince (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Músaem Chontae Dhún na nGall – For-rochtain do Phobail

Idir 2009 agus 2014 d'fhorbair an Músaem dhá thionscadal for-rochtana uathúla agus nuálaíocha. Rinne na tionscadail seo iarracht aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le srianta airgeadais agus geografaíochta a bhí roimh pobail ar fud Dhún na nGall i rith na mblianta seo.

Is contae mór é Dún na nGall, agus roinnt ranna a cruthaíodh go nádúrtha ann a roinneann an contae go geografach idir iarthar, tuaisceart agus deisceart. Tá an Músaem bunaithe i Leitir Ceanainn, cuid mhór ar shiúl go geografach ó chodanna áirithe den chontae agus is féidir breathnú air mar sin mar áit atá rófhada ar shiúl le cuairteanna rialta a thabhairt air. Tá sé seo fíor, go háirithe do scoileanna a bhfuil breis agus 200 acu ann ar fud an chontae. Leis na srianta méadaitheacha airgeadais atá curtha ar scoileanna, breithníodh ar bhus a thógáil ar cíos le daltaí a thabhairt chuig an Músaem i Leitir Ceanainn mar eispéireas uair sa bhliain a eagraíodh i rith séasúr na dturas scoile.

B'éigean don Mhúsaem freisin gníomhú in aghaidh na tuisceana gur Músaem 'Leitir Ceanainn' a bhí sa Mhúsaem, agus ní Músaem Chontae Dhún na nGall de bharr é a bheith lonnaithe sa mbaile is mó sa Chontae. Ba rud annamh é do chuid mhór pobal taistil go Leitir Ceanainn agus ba rí-annamh ag daoine cuairt ar an Músaem a chur san áireamh ina gcúrsa taistil.

Le aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo d'fhorbair an Músaem dhá thionscadal fhor-rochtana a bhí ceaptha seirbhísí an Mhúsaeim a sheachadadh lasmuigh de bhallaí an Mhúsaeim i Leitir Ceanainn agus amach chuig pobail Dhún na nGall. Is iad an Bosca Seandálaíochta ar Iasacht agus Taispeántais Taistil an Mhúsaeim na tionscadail seo.




Tionscadal Ildisciplíneach Oatfield Sweet Factory, Músaem Chontae Dhún na nGall, Leitir Ceanainn (Grianghraf: Caroline Carr)




**Bosca Seandálaíochta ar Iasacht do Scoileanna**

TSeoladh an Bosca Seandálaíochta ar Iasacht in 2012 agus tá sé ar cheann de ghnéithe lárnacha i gclár oideachais an Mhúsaeim. Forbraíodh an tionscadal seo mar gheall ar nádúr geografach Dhún na nGall lena dhaonra forleathan agus na srianta airgeadais ar scoileanna a raibh tionchar acu ar a gcumas cuairt a thabhairt ar an Músaem. Cheap an Músaem, i gcomhairle le hIonad Oideachais Dhún na nGall agus le múinteoirí, an bosca Seandálaíochta ar iasacht a ghlacann cur chuige úrnua maidir le caidreamh le scoileanna. Tá déantáin sa bhosca ar iasacht, idir mhacasamhla agus réadacha, dár dháta ón gClochaois go dtí tréimhse na Lochlannach. Tá páistí ábalta na déantáin seo a láimhseáil agus foghlaim faoi sheandálaíocht Chontae Dhún na nGall. Déanann foireann ón Músaem an bosca ar iasacht a éascú trí spreagadh a thabhairt do na páistí idirghníomhú le hoidhreacht Dhún na nGall. Bíonn an deis ag na páistí an stair agus seandálaíocht a fhiosrú trí thaithí teagmhálach le déantáin bhunaidh. Tá na boscaí deartha go sonrach le nascadh leis an gcuraclam. Is comhcheangal d'anailís ar an gcuraclam bunscoile agus infhaighteacht nithe ábhartha laistigh de bhailiúcháin an Mhúsaeim a shocraigh ábhair na mboscaí. Thug leitheadúlacht churaclam na bunscoile, lena bhéim ar fhoghlaim traschuraclaim agus ildisciplíne, deis don Mhúsaem na boscaí a fhorbairt ar bhealach a thrasnaíonn roinnt mhaith ábhair scoile, ní stair amháin.

Forbraíodh an tionscadal thar roinnt blianta agus tá measúnú ar siúl go leanúnach leis na scoileanna agus trí Ionad Oideachais Dhún na nGall. I rith na céime comhairliúcháin agus taighde tosaigh chuaigh an Músaem i gcomhairle le múinteoirí bunscoile áitiúla agus le hIonad Oideachais Dhún na nGall. Pléadh an clár le músaeim eile, rinneadh fiosrú faoi dhea-chleachtas idirnáisiúnta, agus bailíodh tuairimí faoi chuir chuige agus faoi ábhair acmhainní oideachais ó raon leathan foinsí éagsúla.

Tá an tionscadal á éascú ag Ionad Oideachais Dhún na nGall a shocraíonn na cuairteanna scoile i gcomhar leis an Músaem. Sna cásanna sin ina mbíonn scoileanna níos lú i gceist is féidir roinnt scoileanna a thabhairt le chéile in aon ionad amháin. Ó 2012 thug foireann an Mhúsaeim cuairt ar bhreis agus 3,500 dalta i scoileanna ar fud an chontae ó Ard an Rátha go Fánaid, Inis Eoghain go Bun Dobhráin, na Gleannta go Leitir Ceanainn.

Rinne an Chomhairle Oidhreachta maoiniú i bpáirt ar an mBosca Seandálaíochta ar Iasacht.

## Taispeántais Taistil

Ó 2009 d'fhorbair Músaem Chontae Dhún na nGall sraith de thaispeántais taistil atá ar fáil ar iasacht d'eagraíochtaí agus d'ionaid ar fud Dhún na nGall agus go náisiúnta.

Ní minic do roinnt mhaith pobal i nDún na nGall taisteal go Leitir Ceanainn agus is annamh go mbeadh cuairt ar an Músaem san áireamh ann. Tá roinnt músaem áitiúla agus ionaid eile ar fud an chontae a fheidhmíonn mar acmhainní dá bpobail. Thuig an Músaem go bhféadfadh na hionaid seo feidhmiú mar ionaid fhor-rochtana do thaispeántais de chuid an Mhúsaeim. Bíonn roinnt féilte agus imeachtaí eile bliantúla á n-eagrú ag pobail ar fud an chontae. Feidhmíonn taispeántais taistil an Mhúsaeim mar acmhainn do na cláir seo freisin. Agus taispeántais á n-eagrú laistigh den Mhúsaem, rinne an fhoireann acmhainn taistil taispeántais a mheas agus chinntigh gur dearadh taispeántais ar théamaí a mbeadh tarraingt leathan acu le go bhfeadfaidís taisteal go héasca chuig ionaid oiriúnacha. Tá na taispeántais comhdhéanta de phreabsheastáin taispeántais, cláir shaorsheasaimh nó chrochta ar théamaí éagsúla lena n-áirítear Imeacht na nIarlaí; Plandáil Uladh; an Éigeandáil/an Dara Cogadh Domhanda i nDún na nGall; an Chéad Chogadh Domhanda; Cúnant Uladh 1912; Nasc agus Deighilt 1910-1931 agus Laochra Spóirt Dhún na nGall.

Ó 2010 thaistil taispeántais an Mhúsaeim go hionaid agus go himeachtaí ar fud Dhún na nGall lena n-áirítear Árainn Mhór, Páirc Oakfield, Ráth Bhotha, Scoil Shamhraidh McGill,

na Gleannta, Leabharlann Bhun Dobhráin, Tionól Scoileanna Drimarone, Dámhachtain Diaspóra Tip O'Neill, Bun Cranncha, an Chomhdháil East Meets West, Bealach Féich, an Chomhdháil ar an Diaspóra sa LYIT, Leitir Ceanainn, An tSean-Bheairic, An Fál Carrach, Ionad Shliabh Sneachta, Bun Cranncha, Músaem Míleata an Dúin Riabhaigh, Inis Eoghain, Óstán na Cúirte, Gaoth Dobhair, Muileann Corgreggan, Dún Fionnachaidh, Comhdháil ar an Éigeandáil in Éirinn, NUI Gaillimh; Halla Pobail Anagaire, Amharclann Balor, Bealach Féich agus Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn.

## Seirbhís Leabharlainne - Ionad Eolais don Eoraip go Díreach (EDIC) Dhún na nGall & na Gaeltachta

Tá EDIC Dhún na nGall & na Gaeltachta lonnaithe i bPríomhLeabharlann Leitir Ceanainn le bonn satailíte le haghaidh seirbhíse trí Ghaeilge á cur ar fáil ag Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair do gach ceantar Gaeltachta sa tír.

Is iad cuspóirí EDIC rochtain a chur ar fáil ar eolas faoin AE agus plé, díospóireacht agus aiseolas á gcothú. Is pointe for-rochtana sinn do gach institiúid de chuid an AE agus tacaíocht á thabhairt againn don obair atá ar siúl ag Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn.

Mar aon le soláthar eolais déanaimid óstáil ar chlár imeachtaí. Tá na himeachtaí seo dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus ar lucht éisteachta ar leith (e.g. na meáin, polaiteoirí áitiúla, gnólachtaí, grúpaí pobail, mic léinn agus páistí).

Tá an téama Saoránacht Ghníomhach ina chuid lárnach de phlean oibre reatha EDIC mar go gcuireann sé taca faoi gach téama agus tosaíocht eile. Tá sé d'aidhm againn go háirithe obair a dhéanamh ar spreagadh Saoránachta Gníomhaí dár vótóirí óga



Siúlóidí stairiúla de chuid Músaem an Chontae le linn Ceiliúradh 400 Leitir Ceanainn

amach anseo, agus gníomhaíochtaí Chomhairle Óige Dhún na nGall mar shampla acu.

Tairgimid Spás Poiblí Eorpach sa Phríomleabharlann agus i Leabharlann Ghaoth Dobhair. Cuimsíonn sé seo foilseacháin, ríomhaire, rochtain ar phrintéir & scannóir agus líne dhíreach saor in aisce chuig Deasc Chabhrach Europe Direct sa Bhruiséil.

Cuirimid seomra cruinnithe ar fáil freisin a úsáidtear chun críocha an ionaid de réir mar is gá, e.g. áirítear san úsáid reatha in EDIC Leitir Ceanainn seisiúin mhíosúla CAVA (Comhairle Dheonach Cuntasóirí Cairte) do ghnólachtaí beaga agus ar mheánmhéid.

In 2015 tháinig EDIC chun bheith ina Athsheachadadh EURODESK ag obair le comhghleacaithe ag Eurodesk chun eolas a tabhairt do dhaoine óga i nDún na nGall agus sna ceantair Ghaeltachta go náisiúnta. Mar eagraíocht thacaíochta don chlár Erasmus+ (2014-2020), is foinse cuimsitheach agus inrochtana é Eurodesk d'eolas óige saor in aisce faoi fhoghlaim idirnáisiúnta agus deiseanna soghluaiseachta.

Dhírigh imeachtaí EDIC ar Bhliain an AE um Fhorbairt, ar Shaoránacht Ghníomhach, ar chur chun feidhme leasú ar an CAP & CFP, ar théarnamh eacnamaíochta agus gnó agus ar an daonra agus na meáin áitiúla a chur ar an eolas faoi chearta saoránaigh an AE.

Tá imeachtaí dírithe freisin ar thacaíocht agus ar aghaidh a thabhairt ar aidhmeanna agus ar chuspóirí Eoraip 2020 i réimsí na fostaíochta, oideachais, athrú aeráide, taighde & forbairt agus cuimsiú sóisialta, beartas agus straitéis á gcur roimh an pobal go díreach ar bhealaí praiticiúla agus inrochtana a bhfuil brí agus feidhmiú díreach acu dóibh.

Leagaimid aird freisin ar an gcoincheap a bheith aontaithe san éagsúlacht agus i gcaidreamh a spreagadh chun feasacht ar na buntáistí a bhaineann le bheith id Eorpach a mhéadú. Éascaímid beartas AE chun rochtain ar eolas a chur ar fáil go réidh do shaoránaigh AE agus fóram a thabhairt dóibh lena dtuairimí a chur in iúl.

Thug 9000 cuairt ar an ionad i 2015. D'fhreagraíomar 1300 ceist agus tionóladh 139 imeacht ar fud an chontae ar fhreastail breis agus 5,000 orthu.

Scríobhann bainisteoir an EDIC ailt EU News go míosúil don Donegal News, ag tarraingt aird ar fhorbairtí reatha AE.

Clúdaíonn ceisteanna ábhair éagsúla AE mar dhul ar scor, soghluaiseacht, cearta, maoiniú agus oiliúint. Bíonn caidreamh againn lenár gcomhghleacaithe i seirbhísí éagsúla AE mar: EURES (Poist), EURODESK (Óige), ERASMUS (Oideachas), Ionad Tomhaltóra AE, Do Sheirbhís Chomhairle Dhleathach Eorpach, SOLVIT etc.

Léiríonn ár gclár imeachtaí bliantúil tosaíochtaí reatha an AE.

In 2015, agus súil againn leis an gcomhdháil ar aeráid i bPáras i mí na Nollag, reáchtáileamar ceardlann ar Athrú Aeráide.

Mar aitheantas ar an Lá um Chearta an Duine ar 10 Nollaig leag ceardlann ar Chearta an Duine béim ar ghéarchéim reatha na n-imirceach ar fud na hEorpa.

Bhíomar inár n-óstach ar cheardlann thar a bheith rathúil ar an gComhpháirtíocht Thrádála agus Infheistíochta Trasatlantaí (TTIP) atá á plé faoi láthair idir an AE agus SAM. Thug sé seo deis do chainteoirí in aghaidh agus ar shon an TTIP a dtuairimí a chur in iúl agus freagairt d'imní an phobail. Áiríodh ar na cainteoirí aire rialtais, 2 MEP agus oifigeach de chuid IMPACT.

Déanaimid roinnt mhaith imeachtaí a reáchtáil do pháistí freisin agus in 2015 bhí cur chun cinn ábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht & Matamaitic) ina thosaíocht. Léiríonn taighde AE fianaise ar easnaimh scileanna i réimsí STEM agus ar easpa céimithe baineann. Chun aghaidh a thabhairt ar an tosaíocht seo reáchtáileamar ceardlanna i leabharlanna mar aon le Cláir Léitheoireachta Samhraidh ar théama eolaíochta.

Tá EDIC freisin tar éis léiriú a eagrú do mhic léinn shinsearacha ón Ollamh Fiona Doohan ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath a bhfuil a cuid taighde faoin gclár Fís 2000 de chuid an AE ceaptha srian ar ghalair barr a fheabhsú.



Gunnán ar thaispeáint ag Músaem an Chontae (Griangraf Paul McGuckian)

Inár gcáil mar Athsheachadadh EURODESK, chuireamar sraith thráth na gceist agus cainteanna ar bun do dhaltaí sinsearacha, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí ar fud Dhún na nGall. Chuir an tsraith imeachtaí seo eolas luachmhar ar fáil do mhic léinn ó 18-30 ar dheiseanna maoinithe AE agus reáchtáil EVS, a éascaíonn obair a dhéanamh i dtíortha Eorpacha eile agus níos faide ar shiúl.

Ba é Charity Begins at Home an t-ábhar a bhí ag ár ndíospóireacht bhliantúil Soapbox i Meán Fómhair. Gach bliain díríonn an díospóireacht seo aird ar théama nó ar thosaíocht AE agus tharraing an rún seo aird ar ghéarchéim reatha na n-imirceach sa Mheánmhuir. Spreagann na díospóireachtaí seo saoránacht ghníomhach agus tugann ardán do dhaoine idir óg agus aosta. Faigheann an bheirt bhuaiteoirí IPAD an duine agus téann ar aghaidh go dtí an chraobh náisiúnta i mBaile Átha Cliath áit a mbíonn siad san iomaíocht do €1000 agus turas chun na Bruiséile do bheirt.

Níl anseo ach samplaí de chlár imeachtaí fadréimseach an EDIC.

Tá ár gclár oibre do 2016 bunaithe ar Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais agus a phlean 10 bpointe lena n-áirítear Caidreamh agus Rannpháirtíocht Saoránach, Imircigh, Poist, Fás & Fostaíocht, Taighde & Forbairt, Athrú Aeráide/Fuinneamh, agus an Bhochtaineacht/Cuimsiú Sóisialta.

Déanfar na hábhair seo a iniúchadh in imeachtaí EDIC 2016 atá le teacht. Le tuilleadh eolais a fháil féach www.europedirect.ie.





Fort of the Fair leis an Ealaíontóir Niall Bruton (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Seirbhís Ealaíon - Infheistíocht in Obair Nua Ealaíne a Chruthú i nDún na nGall

Ar cheann de na rólanna is tábhachtaí atá ag an tSeirbhís Ealaíon tá cruthú agus cur i lathair obair ealaíne nua a spreagadh sa chontae. Idir 2009 agus 2015, bhí na hoibreacha seo a leanas ina measc siúd a fuair tacaíocht ón tSeirbhís -

*Awakening The Horsemen* ag Grianán Ailigh.

I 2013, tugadh an tionscadal Awakening The Horsemen ag Grianán Ailigh – faoi stiúir na Cuideachta Amharclainne Landscape LUXe lonnaithe i mBun na hAbhann – chun críche le taibhiú iontach bunúsach ar Oíche Fhéile Eoin, amharclannaíocht, damhsa, ceol, ealaíona traidisiúnta, dealbhóireacht, an focal labhartha (i sé theanga) agus innealtóireacht mheicniúil á meascadh, agus toradh iontach go deo air. Béaloideas áitiúil a deir go raibh buíon laochra Ceilteach miotasach, ar mharcaigh iad, ina gcodladh faoi dhún cloiche íocónach Ghrianán Ailigh ag an Bheart a spreag an tionscadal. Dar le finscéal amháin gur iarsma arm Ridirí na Craoibhe Rua de chuid Chonchubhair Mhic Neasa na marcaigh a bhí faoi cheilt tar éis bás a n-ortha, Cú Chulainn. I scéal eile is iad laochra bána draíochta Mhannanán Mhic Lir, Rí na Farraige, iad agus i gceann eile fós is iad gaiscigh Uí Néill iad, ríthe ársa Thír Chonaill. I ngach leagan den scéal féadtar na laochra atá ina gcodladh a dhúiseacht in am an ghátair d'Éirinn.

Bhí beagnach 50 taibheoir, lucht déanta agus criú i gceist sa tionscadal agus cuireadh an léiriú i láthair lán an tí de lucht féachana 250 duine. Agus é á chur i láthair i gcomhthéacs clár Culture Connect de chuid na Comhairle Ealaíne agus Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an AE, bhí sé cuí go gcuirfeadh an tionscadal ardán ar fáil do chomhar ealaíne fíor-idirnáisiúnta idir ealaíontóirí ó Iarthuaisceart na hÉireann, an Íoslainn, an Iorua, Corn na Breataine, Albain agus Málta. Áiríodh ar chomhpháirtithe an tionscadail Féile Ghrianán Ailigh, Cuideachta Amharclainne Landscape LUXe, Amharclann Wild Works, Féile Ealaíon na hAragala agus Doire/Londonderry, Cathair Chultúir na Ríochta Aontaithe 2013.

*Fíodóirí Dhún na nGall* agus *Turas*

Ba dhá shaothar damhsa nua iad *Fíodóirí Dhún na nGall* agus Turas a fuair cúnamh ón tSeirbhís Ealaíne in 2014. Ba damhsa figiúir Gaelach é *Fíodóirí Dhún na nGall* a raibh tóir ag an bpobal Éireannach i nGlaschú air sna 1960aidí. Ba í an múinteoir damhsa ó Ghort a' Choirce, Nora Kavanagh, a thug an damhsa ar ais go háirithe le haghaidh Fleadh Cheoil Dhún na nGall. Nuair a rinneadh é ag siopa monarchan Bréidín agus Earraí Cniotáilte John Molloy in Ard Rátha mar chuid d'Fhéile na Cruacha Gorma agus Bá Dhún na nGall, bhí léiriú d'fhíodóireacht seoil láimhe ón máistirfhíodóir áitiúil, Col Sweeney, ag dul leis. An bhliain ina dhiaidh tugadh cuireadh do Nora Kavanagh agus dá damhsóirí *Fíodóirí Dhún na nGall* a chur i láthair i Malaga mar chuid de cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig na cathrach.

Ba shaothar damhsa comhaimseartha é *Turas* a chruthaigh an damhsóir agus cóireagrafaí ó Leitir Ceanainn, Aoife Toner, mar fhreagra ar na gluaiseachtaí deasghnácha a d'achtaigh oilithrigh a raibh an Turas feadh Cosáin Oilithrigh Naomh Colmcille á dhéanamh acu ag Gleann Cholm Cille. Cuireadh léiriú den *Turas* ar siúl do lucht féachana de dhaoine áitiúla ag Oideas Gael, Gleann Cholm Cille mar chuid d'Fhéile na Cruacha Gorma agus Bá Dhún na nGall, agus bhí glacadh an-dearfach leis. Ag éirí as rathúlacht Turas, tugadh cuireadh d'Aoife saothar damhsa eile a cheapadh, á spreagadh ag saoráid deartha, fíodóireacht láimhe agus sníomha Stiúideo Dhún na nGall i gCill Charthaigh. Cuireadh tús leis an tionscadal nua seo go deireanach in 2015.

## Cuideachta Ceoldrámaíochta an Iarthuaiscirt

I nDeireadh Fómhair 2009, chuir Cuideachta Ceoldrámaíochta an Iarthuaiscirt nuabhunaithe a céad léiriú ar stáitse, *Hansel agus Gretel* le Englebert Humperdinck, ag Ionad Ealaíon Balor i mBealach Féich. Cuireadh an saothar i láthair mar chuid d'Fhéile na Cruacha Gorma agus Bá Dhún na nGall agus ba é an chéad cheann de shraith léirithe dá leithéid ar thug an tSeirbhís Ealaíon cúnamh dóibh thar na sé bliana dár gcionn.

Do gach léiriúchán, chuir an Stiúrthóir Ealaíne Ann Jennings foireann le chéile a phéireáil guthanna ceoldramaíochta idirnáisiúnta ardchaighdeáin leis an gcuid is fearr de thallann ealaíonta áitiúil an Iarthuaiscirt agus ceolfhoireann aireagail agus cór á dtionlacan. I stáitsiú na cuideachta de *La Boheme* le Puccini ag Ionad Ealaíon Balor in 2010 chonacthas Nathan Payes (an Spáinn), Elena Konomenko (an Rúis), Fernando Araujo (Sao Paulo) agus Fritz Kamp (an Ghearmáin) sna príomhrólanna taobh ar taobh leis na hamhránaithe áitiúla John Porter agus Ann Jennings, agus i *Die Fledermaus* (Johann Strauss) in 2012 bhí príomhpháirteanna ag Diane McLaughlin, Donal Kavanagh, Ann Jennings agus Aaron O'Hare in éineacht le Jens Muller, Markus Herzog agus Gudrun Ayasse (ón nGearmáin). Ba é Anton Zapf ó Chompántas Náisiúnta Stuttgart an Stiúrthóir Ceoil don léiriúchán.

D'fhág scála uaillmhianach méadaitheach léiriúchán Cuideachta Ceoldrámaíochta an Iarthuaiscirt go mb'éigean bogadh go dtí Amharclann an Ghrianáin in 2014 nuair a chuir an chuideachta *Carmen*, ceoldráma clasaiceach Georges Bizet ar bun faoi stiúir Nader Abbassi. Is stiúrthóir ealaíne agus príomhstiúrthóir Cheolfhoireann Ceoldrámaáiochta Cairo agus an Orchestre pour la Paix, Páras é Nader. Léiríodh Carmen ag ensemble a raibh deich n-amhránaí gairmiúla, cór triocha ball agus ceolfhoireann aireagail a bhí comhdhéanta de scór ceoltóir idirnáisiúnta i gceist ann.

## Fiesta

Chuidigh an tSeirbhís Ealaíon le roinnt léiriúchán amharclainne nua le blianta beaga anuas, ina measc *Can't Pay? Won't Pay!* (Dario Fo) de chuid na hAmharclainne Bread and Roses, *Anna Katherine Kelly* (Maura Logue), *If I Could Walk These Fields Again* (Guy le Jeune) agus *The Lad From Laghey* (Michael Harnett) de chuid Amharclann Balor. Ar cheann de na drámaí nua seo is rathúla bhí *Fiesta* – dráma a choimisiúnaigh Féile Ealaíon na hAragala, Amharclann an Ghrianáin agus Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall, le laethanta glóire an Halla Rince Fiesta i Leitir Ceanainn a cheiliúradh. É scríofa ag an scríbhneoir Guy le Jeune a bhí lonnaithe i Leitir Ceanainn, bhí sé bunaithe ar na fíorscéalta mar ar chuir na daoine úd a rinne damhsa, a d'oibrigh agus a sheinn ag an ionad a raibh oiread sin gean air i rith na 1960idí agus na 70idí, síos orthu. Moladh an seó go hard na spéire agus lán an tí i láthair thar thréimhse cheithre oíche ag Amharclann an Ghrianáin in Iúil 2014, mar chuid d'Fhéile Ealaíon na hAragala. Is e Seán Donegan a stiúir Fiesta, le cóiréagrafaíocht ó Aoife Toner. Tugadh ar ais arís é do thréimhse rathúil eile ag Amharclann an Ghrianáin i Samhain 2015, faoi stiúir Rachel Diver an babhta seo.

'Fiesta', le Guy Barriscale, saothar drámaíochta nua a raibh an-tóir air, a choimisiúnaigh An Grianán, Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Féile Ealaíon na hAragala in 2014. (Grianghraf: Declan Doherty)





The Fid leis an Ealaíontóir Locky Morris, Bun an Phobail, Co. Dhún na nGall (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

# Oifig Chartlainne - Across the Atlantic: Emigrating from Moville and Derry

In 2009 d'oibrigh Seirbhís Chartlainne Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Cartlann Chathair Dhoire (Seirbhís Mhúsaem agus Oidhreachta Dhoire) i gcomhar ar fhoilseachán uathúil a raibh an eisimirce mar lárthéama aige, chun teacht ar chomhthráth le seoladh leacht ealaíne poiblí i mBun an Phobail a bhí tiomanta d'eisimircigh ó iarthuaisceart Éireann go Ceanada agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Is é an t-ealaíontóir Locky Morris a rinne an leacht. Choimisiúnaigh Oifig Ealaíne Phoiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall é agus is é *The Fid* an teideal atá air. Is uirlis bheag adhmaid é lispin ('fid' sa Bhéarla) a úsáideann iascairí le rópaí agus eangacha a spladhsáil agus a úsáideann déantóirí seolta le poill a dhéanamh sna seolta. Tugann dealbhóireacht shuntasach Locky Morris an leagan sin de lispin chun cinn mar aon leis na lasracha rabhcháin a lasadh ar na cnoic lámh le Loch Feabhail d'eisimircigh. Seasann an leacht atá suite ar sheanché cloiche stairiúil Bhun an Phobail do stair mhuirí Bhun an Phobail agus don oidhreacht a d'fhág an eisimirce ar an mbaile seo agus ar an bpobal seo.

Across the Atlantic: *Emigrating from Moville and Derry* an teideal atá ar an leabhar. Tá an teideal ina shiombail de stair uathúil Bhun an Phobail agus Dhoire mar mhórphointí imeachta do na mílte eisimirceach. Tá sraith alt gearra le léaráidí sa leabhar ar stair na heisimirce ó Iarthuaisceart na hÉireann go New Brunswick, Ceanada go háirithe. Is léiriú maith é táirgeadh an leabhair seo ar thionscadal comhoibríoch, trasnáisiúnta agus tras-seirbhíse uaillmhianach, lena n-áirítear Seirbhísí Cartlainne trí stát, an Oifig Ealaíne Phoiblí agus Leabharlann an Chontae i nDún na nGall agus staraithe agus gineolaithe ó chúlraí agus ollscoileanna éagsúla.

Mhaoinigh Comhairle Contae Dhún na nGall an leabhar agus rinne Niamh Brennan agus Bernadette Walsh, cartlannaí Chathair Dhoire comheagarthóireacht air le hailt ó staraithe agus cartlannaithe.

Tugann alt Ciara Joyce léargas beoga ar stair éagsúil agus shuimiúil Bhun an Phobail. Faoi lár na 19ú haois ba bhaile margaidh bríomhar é Bun an Phobail agus bhí tar éis teacht chun a bheith ina mhórchalafort do phaisinéirí ar longa seoil an McCorkell Line ag tarraingt ar an 'domhan nua', go háirithe ar Cheanada. Faoi na 1870idíbhí galtáin mhóra phaisinéirí trasatlantacha an Allan Line agus an Anchor Line tar éis teacht in áit na long seoil. Thug báid bheaga, ar a tugadh báid freastail, eisimircigh a bhí ag fágáil Dún na nGall agus Doire amach go dtí na soithigh a bhí ar ancaire in uiscí an Fheabhail. Thug na galtáin eisimircigh de gach aois chuig a saolta nua in áiteanna éagsúla i gCeanada agus Meiriceá.

Cuireann alt le Bernadette Walsh, *Derry and its Port*, síos ar an ról lárnach a bhí ag calafort Dhoire in éascú na heisimirce trasna an Atlantaigh, tagairt ar leith á dhéanamh do thionchar na heisimirce ó Dhoire go Saint John, New Brunswick, a d'fhág go bhfuil céadchodán mór de phobal New Brunswick ag rianú a sinsir 'Éireannacha' sa lá atá inniu ann. Breithníonn Denis Noel ó Chartlann Chúige New Brunswick tionchar na hinimirce ar New Brunswick ón oiread sin daoine ó Iarthuaisceart na hÉireann, ar fhorbairt an chúige sin. Tugann Seán Beattie sleachta as dánta agus amhráin tochtmhara faoin eisimirce lena n-áirítear an dréacht seo a leanas ó 'Greencastle Shore':

*From Derry quay we sailed sway all on the eighth of May*
*Being forwarded by a pleasant gale, we soon reached Moville Bay.*
*Fresh water there some twenty tons our brave Captain took in store*
*Lest we would want going to Saint Johns far from Greencastle shore.*

Scríobhann Mickey McGuinness faoi na naisc thrádála rathúla, go háirithe i réimse na longtógála, idir Doire agus New Brunswick agus tugann chun cuimhne gairmeacha beatha cuid mhór eisimirceach ag obair sna tionscail seo i gCeanada. Cuireann alt Patrick Fitzgerald síos ar scéalta roinnt daoine aonair a d'fhág a muintir go deo chun an turas crua go New Brunswick a dhéanamh agus ar ar bhain dóibh agus iad ag socrú isteach ina saolta nua i gCeanada. Pléann Brian Mitchell patrúin lonnaíochta eisimirceach ó áiteanna éagsúla in Ulaidh go oirthear Cheanada.

Tugann Declan Sheehan breac-chuntas ar an gcaoi a cruthaíodh dealbhóireacht Locky Morris, The Fid, agus ar an gcaoi a tháinig inspioráid ó naisc láidre an bhaile leis an bhfarraige. Cuireann Berni Campbell léitheoirí ar an eolas faoin iliomad foinse don eisimirce atá ar fáil i mBailiúchán Staidéar Áitiúil Leabharlann Chontae Dhún na nGall agus cuireann Niamh Brennan treoir thosaigh ar fáil faoi rochtain a fháil ar phríomhfhoinsí don eisimirce, agus ag cur síos freisin ar roinnt de na foinsí eisimirce i gCartlann Chontae Dhún na nGall. Tugann Brian Mitchell cuntas gearr ar roinnt de na bailiúcháin bainteach le heisimirce atá ar fáil in Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.






Léiríonn na hailt tábhacht cartlannaithe in athstruchtúrú cuimsitheach agus bríomhar a dhéanamh dúinn ar shaolta na nglúine eisimirce atá imithe, agus in ár dtuiscint ar an gcineál saoil a bhí acu sin a chuaigh ar imirce i ré a bhí an-éagsúil ónár saol féin, a éascú. Tagaimid ní hamháin ar na fíricí a bhaineann le saolta daoine, ach braistintí daoine a raibh orthu cúl a thabhairt lena mbaile agus lena dtír chun na mílte míle a chur tharstu trasna an aigéin go dtí tír a raibh a laghad sin eolais acu uirthi, agus i bhformhór na gcásanna gan a ndaoine muinteartha a fheiceáil go deo arís.

Téann an eisimirce i bhfeidhm ar shaolta daoine ar gach leibhéal agus léirítear é seo i roinnt de na litreacha a bhfuil sleachta astu sa leabhar seo. Is léir braistint na buairte agus an uaignis i litir Jane Dudgeon a scríobhadh ó Inis Fraoigh chuig a deirfiúr Elizabeth a bhí tar éis dul ar imirce go Ohio in 1828:

> *'You must think I have quite forgot there is such a being on earth as you. Do not, I pray, my dear sister. Neither distance of place or length of time can ever make me forget a sister of whom we all often think'. (Return to Inishfree: The Trail of the Dudgeon Family Letters* by Andrea McKewn Bhatt and Jeanne Haffa McKown,*)*

Seoladh an leabhar agus dealbhóireacht Locky Morris *The Fid* le chéile i mBun an Phobail agus i nDoire i Meán Fomhair 2009. Cuireadh cúig mhíle chóip den leabhar i gcló agus dáileadh go forleathan iad. Tá an-tóir ar an leabhar agus éileamh i gcónaí air go háirithe ag ár nDiaspóra; agus tá sé beartaithe athchló a chur air sna chéad chúpla bliain atá amach romhainn.

# Ionad Réigiúnach Cultúir: Lived Lost Lives

### Cúlra

Chuir an Dr. Seamus McGuinness, taighdeoir agus ealaíontóir a rugadh i nDún na nGall, agus an tOllamh Kevin M. Malone, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, síciatraí agus taighdeoir cliniciúil, údar na tuarascála *Suicide in Ireland*, tús leis an tionscadal taighde agus ealaíne Lived Lives in 2006. Chuir Seamus agus Kevin agallamh ar 104 theaghlach ó 23 chontae in Éirinn a thug freagra ar chuirí trí fhógraí sna páipéir áitiúla chun páirt a ghlacadh sa tSuirbhé Suicide in Ireland/Tionscadal Lived Lives. Tar éis agallamh eolasacha comhráiteacha, bhronn breis agus 40 de na teaghlaigh giuirléidí agus scéalta bainteach leis na daoine a bhí caillte de bharr féimharaithe, ar an ealaíontóir. Ó na nithe, na híomhánna, an scríbhneoireacht agus na scéalta seo a bronnadh air, rinne McGuinness sraith de shaothair ealaíne idir lámha a tugadh ar ais ar dtús do na teaghlaigh le haiseolas príobháideach agus a bhfaomhadh a fháil chun na saothair seo a chur ar taispeáint sa réimse poiblí.

Cuireadh bonn eolais faoin bpróiseas seo ag comhráití a bhí ar siúl go príomha thart ar bhord cistine na dteaghlach a bhfuil daoine muinteartha leo tar éis bháis agus rannpháirtíochtaí ina dhiaidh sin leis na saothair ealaíne idir lámha Lived Lives, in imeachtaí a eagraíodh go cúramach i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Ar an mbealach seo tháinig na teaghlaigh chun a bheith ina gcomhchruthaitheoirí agus ina gcomhchoimeádaithe ar na saothair. Ag eascairt as an tionscadal Lived Lives, le cead eolasach na dteaghlach, a rannpháirtíocht ghníomhach agus a spreagadh ó chroí, cuireadh an chéad chéim eile, Lived Lost Lives, os comhair an phobail den chéad uair ag an Ionad Réigiúnach Cultúir i Samhain 2013, taithí príobháideach ar an bhféinmharú á thrasuí sa réimse poiblí níos leithne.

### Lived Lost Lives i Leitir Ceanainn

Ba é Lived Lost Lives i Leitir Ceanainn an chéad taispeántas poiblí den tionscadal a reáchtáladh riamh. Tá an tIonad Réigiúnach Cultúir tar éis roinnt taispeántas rannpháirtíochta sóisialta a choimisiúnú agus a choimeád ó osclaíodh é, raon saincheisteanna á iniúchadh aige, ach gan aon rud ag druidim le tromchúis agus le híogaireacht Lived Lost Lives. Ba mhórthaispeántas tumthach a bhí ann a bhí comhdhéanta de líon mór nithe a bhain leis na daoine óga a fuair bás de bharr féinmharaithe, agus saothair ealaíne a rinne Seamus McGuinness. Chuimsigh sé roinnt Seomraí Cartlainne Lived Lives ina raibh nithe agus íomhánna bainteach leis na daoine a bhí básaithe de bharr féinmharaithe, agus doiciméadú ar scannán ar sheomraí cartlainne eile. Bhí dhá ealaín suiteála ar mhórscála le Seamus McGuinness ann freisin, 21g agus an Lost Portrait Gallery. Bhí roinnt scannán taighde gearra ann freisin ag déanamh cur síos ar dhearcthaí tochtmhara na dteaghlach a raibh duine muinteartha leo tar éis bháis agus bhí cur síos freisin ar phríomhfhorbairtí an tionscadail go dtí an pointe sin. Bhí béim an taispeántais ar an saol a chaith na daoine óga a fuair bás de bharr féinmharaithe agus ar eispéiris a dteaghlach. Thug ilsraitheanna agus braistint tumthach an taispeántais a chuimsigh ealaín, scannán, nithe, grianghraif agus litreacha teaghlaigh a chuaigh i ngleic le roinnt de na céadfaí lena n-áirítear radharc, fuaim agus tadhall, deis nascadh níos mó agus níos doimhne leis an ábhar an-bhrónach seo agus é a thuiscint ná mar a dhéanfadh tuarascáil scríofa nó scannán b'fhéidir.

Tionóladh Oscailt Oifigiúil an taispeántais ar an Aoine 1 Samhain agus lean an taispeántas ar aghaidh go dtí 30 Samhain. Toisc nádúr íogair an ábhair rinneadh gach gné den taispeántas a phleanáil chomh cúramach agus ab fhéidir. Níor cuireadh i láthair gan stiúir é ar an ngnáthbhealach agus daoine ag siúl isteach ón tsráid chuig taispeántas. Bhí an t-ealaíontóir Seamus McGuinness i láthair do thréimhse an taispeántais agus bhí comhairleoir méala i láthair ar feadh an ama. Bhain an cúram seo freisin leis an Oscailt Oifigiúil áit a raibh cur i láthair roimhré ó Seamus McGuinness agus Kevin Malone i Halla Éisteachta an Ionaid Réigiúnaigh Cultúir sular threoraigh Seamus agus Kevin gach





21g, Suiteáil Mhór leis an Ealaíontóir Seamus Mc Guinuess ó Lived Lost Lives, An tIonad Cultúir Réigiúnach

duine go dtí an taispeántas. Reáchtáladh seimineár lae Lived Lost Lives: *Remembering Donegal Lives Lost to Suicide* ar an Satharn 2 Samhain. Ba lá príobháideach é seo do theaghlaigh a raibh duine muinteartha leo tar éis bháis de bharr féinmharaithe ó Chontae Dhún na nGall. Ba lá é le cuimhneamh ar bheathaí Dhún na nGall a cailleadh de bharr féinmharaithe, ag fágáil na staitisticí cliniciúla fuara ar leataobh agus ag machnamh ar an mbeatha aonair a bhí caillte. Sheas roinnt de theaghlaigh Lived Lives le teaghlaigh Dhún na nGall, na teaghlaigh sin a bhí tar éis an caillteanas céanna dá ndaoine muinteartha de bharr féinmharaithe a fhulaingt agus a roinn a n-eispéireas den chaillteanas seo agus de bheith rannpháirteach sa tionscadal Lived Lives.

## Cuairteanna Grúpa agus Ceardlanna

I dteannta an tseimineáir aon lae do theaghlaigh Dhún na nGall ar bhásaigh duine muinteartha leo de bharr féinmharaithe bhí roinnt eile ceardlann spriocdhírithe agus líon mór cuairteanna grúpa. Áiríodh ar na ceardlanna cruinniú idir Seamus McGuinness agus Kevin Malone agus roinnt daoine óga in aois a 16 go 18 ó Chomhairle Óige Dhún na nGall. Bhí móramh na gcuairteanna grúpa dírithe ar dhaltaí na hIdirbhliana ar an dara leibhéal agus ar mhic léinn tríú leibhéal ó LYIT. Bhí na cuairteanna grúpa uile struchtúrtha ar an mbealach céanna agus mhair ar feadh tuairim is 90 nóiméad. Thug Seamus McGuinness seoladh isteach agus turas gearr ar an taispeántas, bhí an deis ansin ag mic léinn é a iniúchadh iad féin agus ar deireadh bhí comhrá mioncheistithe le gach grúpa. Dála daoine aonair a thug cuairt ar an taispeántas tugadh spreagadh do na mic léinn sna cuairteanna grúpa an fhoirm aiseolais Lived Lost Lives a chomhlánú. Mar a tharla i rith thréimhse an taispeántais bhí comhairleoir méala i láthair i rith na gcuairteanna grúpa uile ar fhaitíos gur éirigh aon duine corraithe. Ba phríomhghné den taispeántas an taighde agus an doiciméadú agus i dteannta na bhfoirmeacha aiseolais bhí doiciméadúchán grianghraif, físe agus fuaime den taispeántas.

### Fóram Iar-imeachta agus Tionscnaimh Thodhchaí

D'fhreastail lucht déanta beartais, oifigigh shláinte, ceannairí pobail agus an príomhealaíontóir agus síciatraí ar fhóram iar-imeachta a reáchtáladh in Aibreán 2014. Bhreithnigh sé Lived Lost Lives agus an t-aiseolas a fuarthas a bhí thar a bheith dearfach. Tharla comhráití comhairliúcháin eile i rith an ullmhúcháin do Phlean Gníomhaíochta Dhún na nGall Connecting for Life in 2014-2015 agus bhí de thoradh air gur cuireadh gníomh cultúir san áireamh sa phlean. Ag cur san áireamh gur infheistíodh an oiread sin sa tionscadal Lived Lives i nDún na nGall go dtí seo agus cé chomh rathúil is a bhí an tionscadal, tá cás láidir ann go leanfaí ar aghaidh ag forbairt na samhla i roinnt ionad difriúla sa Chontae i rith thréimhse phlean forfheidhmithe Dhún na nGall, Connecting for Life. Cuireadh moladh chun trí thaispeántas Lived Lives agus cláir ghaolmhara a reáchtáil i dtrí bhaile ar fud Chontae Dhún na nGall thar an tréimhse 2016 to 2010 faoi bhráid Choiste Stiúrtha Connecting for Life go luath in 2016 le go ndéanfaidís é a bhreithniú.

## Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall: Ár nOidhreacht san Ailtireacht Dhúchasach

Chuir Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall tús le clár de sheimineáir ar an ailtireacht dhúchasach in 2007 agus lean sé seo i rith saolré Phlean Straitéiseach Cultural Connections do Sheirbhísí Cultúir i gCill Charthaigh (2012) agus Carraig Airt (2014) agus scoil allamuigh i scileanna tógála traidisiúnta i gcomhar le Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh in 2010.

Léiríonn bailte traidisiúnta Chontae Dhún na nGall le tacaíocht ó scileanna/teicneolaíochtaí tógála traidisiúnta agus bonn eolais fúthu ag ár stair shóisialta, dáiltí réigiúnacha a chuireann le carachtar ár dtírdhreacha cultúir agus lenár mbraistint áite agus céannachta. Is beag áit atá bainteach chomh mór sin ann féin lena hailtireacht dhúchasach agus atá Contae Dhún na nGall a bhfuil ceann de na comhchruinnithe is mó de thithe beaga traidisiúnta aige in Éirinn. Léiríonn tithe beaga dír-iontrála le





díonta rópa ceann tuí nó slinn cairéalaithe ailtireacht dhúchasach Chontae Dhún na nGall. Tagraíonn gnéithe mar thinteán Dhún na nGall, an 'seomra thuas', doirse tosaigh agus cúil ar aghaidh a chéile, cailleach na leapa agus adhmad dín fráma-A Dhún na nGall do nádúr fóntaíoch agus stair shóisialta tithe beaga nó teachíní Dhún na nGall. Agus ár bhfoirgnimh thraidisiúnta ag dul i léig i gcónaí, níl meas iomlán fós ar shaintréithe ár n-ábhar tógála traidisiúnta, ar úsáid scileanna tógála traidisiúnta, ar na deiseanna fostaíochta sa cheardaíocht, ar thábhacht ár n-oidhreacht thógtha dúchasach don turasóireacht agus ar acmhainn foirgneamh traidisiúnta bheith in oiriúint do mhaireachtáil nua-aimseartha, níor tuigeadh ná níor aithníodh fós iad.

### Seimineáir ar Ailtireacht Dhúchasach

Lean Oifig Oidhreachta Chontae Dhún na nGall lena sraith de sheimineáir rathúla ar ailtireacht dhúchasach lena n-áiríodh Hearth & Home i gcomhar le Cumann Staire Chill Chartha i gCill Charthaigh (Deireadh Fómhair 2012) agus Rural Houses of Donegal i gCarraig Airt (Deireadh Fómhair 2014). Ba iad aidhmeanna na seimineár seo feasacht a ardú faoi ailtireacht dhúchasach Chontae Dhún na nGall; eolas a scaipeadh ar mhodhanna tógála, ábhair agus scileanna traidisiúnta; béim a chur ar fhoinsí eolais maidir le taighde a dhéanamh ar do bhaile traidisiúnta; dea-chleachtas caomhnaithe a spreagadh; agus suntasacht chultúrtha agus oidhreacht thógtha ár bhfoirgneamh traidisiúnta a chur in iúl. Ba ghníomhaíocht de chuid Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall a bhí sna seimineáir seo a raibh an-tóir orthu agus ba iad Comhairle Contae Dhún na nGall agus an Chomhairle Oidhreachta a mhaoinigh iad.

Chuimsigh na seimineáir aon lae aoi-léirithe ar maidin ó dhisciplíní éagsúla a thug aghaidh ar ghnéithe difriúla den ailtireacht dhúchasach i gContae Dhún na nGall. Áiríodh ar na téamaí ar tugadh aghaidh orthu tábhacht ár n-ailtireacht dhúchasach a choinneáil (Gráinne Shaffrey, Comhpháirtithe Shaffrey); doiciméadú foirgneamh traidisiúnta agus troscán traidisiúnta (Rosa Meehan, Ard-Mhúsaem na hÉireann - Country Life); staid reatha na tuí agus na tuíodóireachta i gContae Dhún na nGall (an

The Everyday Experience ag an RCC i gcomhar le Foras Ailtireachta na hÉireann

Dr. Fidelma Mullane, geografaí agus speisialtóir san ailtireacht dhúchasach); deisiúchán foirgneamh feirme traidisiúnta (Duncan McLaren, Ailtireacht Dedalus); foirgnimh iarainn roctha Chontae Dhún na nGall a ndéantar dearmad orthu go minic (Barry O'Reilly, staraí ailtireachta agus seandálaí); taighde a rinneadh le deireanaí ar dhíonta tarra agus canbháis in Inis Eoghain (Duncan McLaren, Ailtireacht Dedalus); modhanna agus ábhair thógála traidisiúnta lena n-áirítear úsáid aoil (Edward Byrne, Cuideachta Aoil Thraidisiúnta); fadhbanna coitianta le foirgnimh dhúchasacha agus cén chaoi le aghaidh a thabhairt orthu agus iad a dheisiú (Dermot Nolan, Dermot Nolan & Comhpháirtithe) agus tithe beaga iardheisceart Dhún na nGall mar a léirítear ag an ealaíontóir Rockwell Kent (Christy Gillespie, údar agus staraí). Thug úinéirí foirgneamh traidisiúnta (Sean Debney, Bernadette Sansom agus Cathal Stephens) cuir i láthair ghearra mar chuid de na seimineáir le béim a chur ar na deiseanna atá ann do choinneáil agus d'oiriúnú foirgneamh traidisiúnta do stíleanna maireachtála an lae inniu agus thug Oifigeach Oidhreachta Chontae Dhún na nGall gearrchuntas ar na deiseanna maoinithe d'oidhreacht thógtha.

Tharraing tuarascáil Scileanna Tógála Traidisiúnta Éire Uile (2009) aird ar an bhfíric go bhfuil "bearnaí suntasacha i scileanna agus eolas" ann i gcónaí mar dhúshláin thromchúiseacha do chaomhnú ár n-ailtireachta dúchasaí. Sa tráthnóna, léirigh cúpla ceardaí scileanna tógála traidisiúnta bainteach le tuíodóireacht, úsáid moirtéal aoil, díon slinne cairéalaithe agus léirithe ar urláir leice cloiche traidisiúnta, deisiú saisfhuinneoige agus obair phéinte stairiúil. Bhí an deis ag rannpháirtithe cuairt a thabhairt ar theach ceann tuí agus Struchtúr Cosanta i gCill Charthaigh agus Teach John Mhicí Bán, teach feirme dhá stór traidisiúnta agus clós feirme i gCarraig Airt.

Mheall na himeachtaí úinéirí tithe traidisiúnta, grúpaí oidhreachta, cumainn staire, ceardaithe, ailtirí, tógálaithe, mic léinn, coistí Bailte Slachtmhara, grúpaí pobail, foireann údaráis áitiúil agus daoine a raibh suim acu in oidhreacht agus i stair áitiúil. Tugadh paca eolais saor in aisce do rannpháirtithe chomh maith. Bhí an dá sheimineár curtha in áirithe go hiomlán roimhré agus idir 130 agus 160 duine ag freastal ar gach ceann de na seimineáir.

**Scoil Allamuigh Scileanna Tógála Traidisiúnta**

Reáchtáil Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall agus Coiste Forbartha Ghabhla Scoil Allamuigh Scileanna Tógála Traidisiúnta ar Ghabhla i Meitheamh 2010. Faoi shainmhaoirseacht d'athchóirigh cúig rannpháirtí déag cuid de Theach Charlie Ned, teach beag dúchasach ar an oileán. Tugadh treoir dóibh siúd a ghlac páirt ann faoin gcaoi le simléir shobhriste a bhaint anuas agus a atógáil, moirtéal aoil a chur ar bhallaí, slinn a chur ar dhíon in athuair agus slinn nádúrtha in úsáid, saisfhuinneoga sleamhnáin adhmaid a athchóiriú agus a athnuachan agus an teicneolaíocht is nua-aimseartha i ngloiniú dúbailte a fheidhmiú chun uasghrádú a dhéanamh ar fhuinneoga a bhí ann cheana.

D'fhág roinnt mhaith teaghlach an t-oileán sna 1960idí ach tá na foirgnimh bhreátha eibhir sholadacha a bhí acu ann i gcónaí. Le linn an deireadh seachtaine ghlac beagnach 200 duine páirt i dturais saor in aisce ar ailtireacht dhúchasach Ghabhla a reáchtáladh le bheith ar an aon am leis an scoil allamuigh. Chuir na turais béim ar fhoirm agus ar fheidhm na hailtireachta dúchasaí, ar ábhair thógála áitiúla, ar scileanna tógála traidisiúnta, ar nádúr an tírdhreacha chultúrtha agus ar na clachain. I dtuarascáil Scileanna Tógála Traidisiúnta Éire Uile (2009),d'aithin an Grúpa Oiliúna Oidhreachta Náisiúnta feasacht phoiblí mhéadaithe ar luach agus ar thábhacht foirgneamh traidisiúnta agus ar chaomhnú foirgneamh dúchasacha mar phríomhbhearta le héileamh inbhuanaithe a chruthú do scileanna tógála traidisiúnta. Mhaoinigh Cumann Oidhreachta Ailtireachta Uladh, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil, an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Contae Dhún na nGall an Scoil Allamuigh Scileanna Tógála Traidisiúnta faoi Phlean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall.



# Oifig na Ealaíne Poiblí - *The Happy Prince*

Tá cáil ar Éirinn, agus go háirithe ar Dhún na nGall, as ucht a cruthaitheachta. Tá Clár Ealaíne Poiblí Seirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall tiomanta do shaothar bunaidh ealaíne nua a choimisiúnú agus in 2011 shocraigh siad cóiriú de chuid Dhún na nGall den *Happy Prince* le Oscar Wilde a choimisiúnú a chuirfeadh Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall ar stáitse.

Is scéal álainn atá i *The Happy Prince* faoin gcairdeas idir dealbh de phrionsa agus fáinleog bheag agus fiosraíonn sé téamaí buana an ghrá, an chairdis, an neamhleithleachais agus na trua. Tá na téamaí agus na teachtaireachtaí chomh hábhartha sa lá atá inniu ann agus a bhí nuair a scríobh Wilde an scéal ar dtús breis agus 100 bliain ó shin. Don tionscadal seo theastaigh ó Oifig na hEalaíne Poiblí láidreachtaí cruthaitheacha i nDún na nGall a ghlacadh agus a chur ar taispeáint lena n-áirítear ceol, seanchas agus taibhiú agus casadh uathúil Dhún na nGall a chur ar an gcoimisiún nua seo.

Maoiníodh Tionscadal *The Happy Prince* tríd an Scéim Ealaíne Per Cent agus forbraíodh é i gcomhar le comhpháirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall (DMEP) a sheachadann teagasc gutha agus uirlise ar raon leathan uirlisí in iliomad ionad ar fud an Chontae agus atá freagrach freisin as Forbairt Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall.

Bhí an tionscadal faoi mhórphribhléid go raibh teacht ar éirim chruthaitheach an scríbhneora, an aisteora, an tseanchaí agus an cheoltóra Little John Nee a bhí lonnaithe i nDún na nGall agus an chumadóra ardtallainne agus bisiúil Vincent Kennedy, a bhí ina stiúrthóir freisin ar Cheolfhoireann Óige Dhún na nGall.

Agus scéal bunaidh *The Happy Prince* in úsáid mar phointe tosaigh chaith Kennedy agus Nee roinnt ama ag Ionad Tyrone Guthrie ag Eanach Mhic Dheirg le go mbeadh am agus spás gan cur isteach acu leis an saothar a fhorbairt agus a thabhairt chun críche.



Íomhánna ón Tionscadal Ildisciplíneach The Happy Prince (www.donegalpublicart.ie) (Grianghraf: Paul Mc Guckian)

"Bhí mé chomh corraithe sin nuair a chuala mé an píosa den chéad uair" a deir an Bainisteoir Ealaíne Poiblí agus "Bhí bród orm bheith mar chuid den choimisiúnú. Bhí fhios agam go raibh rud éigin an-speisialta agus draíochta bainte amach agus ba onóir é an saothar a chloisint agus a bheith mar chuid de".

Tháinig *The Happy Prince* chun a bheith ar cheann de phríomhimeachtaí Shlógadh Dhún na nGall 2012, a eagraíodh le Diaspóra Dhún na nGall a spreagadh chun filleadh ar an gcontae do shraith imeachtaí slógaí.

D'oibrigh an Oifig Ealaíne Poiblí freisin leis an earnáil turasóireachta chun Turasóireacht Chultúrtha a spreagadh agus chuir pacáiste turasóireachta le chéile le hÓstán Radisson Blu, Leitir Ceanainn agus le Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha.

D'oibrigh an Cheolfhoireann Óige go dian sna cleachtaí ar cuireadh tús leo go deireanach i 2011. D'oibrigh Raymond Keane ó Amharclann Barabbas le Little John Nee ar ghnéithe den stiúradh agus mhéadaigh an fuadar don chéad taibhiú in Amharclann an Ghrianáin in Aibreán 2012 agus ar lean léiriúcháin i mBéal Átha Seanaidh é níos deireanaí sa mhí.

Theastaigh ó Oifig na hEalaíne Poiblí an saothar fíorálainn seo a thabhairt chuig lucht éisteachta náisiúnta agus bhí an-áthas orthu nuair a thug Raidió RTÉjr cuireadh do na rannpháirtithe chuig a Stiúideonna i mBaile Átha Cliath le craoladh beo agus físeán de *The Happy Prince* a dhéanamh ar an Aoine 18 Bealtaine 2012.

Mar oidhreacht tá an scór agus an script ar fáil anois ag an Ionad Ceoil Chomhaimseartha (CMC) ar chartlann agus ionad acmhainne na hÉireann anois é do cheol nua, tacaíocht á tabhairt do chumadóirí ar fud na Poblachta agus Thuaisceart Éireann. Tá súil againn ag am éigean sa todhchaí go socródh Ceolfhoireann Óige Idirnáisiúnta é a chur san áireamh ina repertoire.

*"Is é an comhcheangal d'fhocail Little John, ceol agus ceolfhoireann Vincent agus amhránaíocht an chóir a chuireann fíorbheocht sa scéal. Dún do shúile go luath agus ceadaíonn an scór duit an titim sneachta a fheiceáil ar theacht ann a ndéanann Little John cur síos air. Cruthaíonn an ceol pictiúir fuaime d'eitilt na fáinleoige, de mhuintir an tsráidbhaile, fiú den sonas agus de phian. I ré ina mbíonn spreagadh físiúil seasta beagnach, is pléisiúr don lucht éisteachta a samhlaíocht a chur i bhfeidhm ar an gcaoi seo"*
Carolyn Farrar, Donegal Democrat.

Vincent Kennedy solo piece as part of The Happy Prince Commission



# Liosta Aguisíní

Aguisín 1: Féilte agus Imeachtaí a d'eagraigh Seirbhísí Cultúir nó ar thacaigh siad leo

Aguisín 2: Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí

Aguisín 3: Táscairí Seirbhíse Leabharlainne

Aguisín 4: Mapa



Beautiful Donegal

# Aguisín 1: Féilte agus Imeachtaí a d'eagraigh Seirbhísí Cultúir nó ar thacaigh siad leo

### Eanáir

Seachtain Cheoil Thraidisiúnta Leitir Ceanainn, Leitir Ceanainn

### Márta

Seachtain na Gaeilge, ionaid ar fud an chontae

Seimineár Idirnáisiúnta Bailéid agus Amhrán Tíre Inis Eoghain, Baile Lifín/Cluain Maine

### Bealtaine

Féile Bhealtaine – an chruthaitheacht á ceiliúradh agus sinn ag dul in aois, ionaid ar fud an chontae

Féile Distorted Perspectives, Leitir Ceanainn

Féile Cianghrianghradóireachta

Fleadh Ceoil Chontae Dhún na nGall

Scoil Shamhraidh Mhíchíl Uí Chléirigh, Ros Neamhlach,

Féile Cupán Tae, Ard an Rátha

### Meitheamh

Féile Rory Gallagher, Béal Átha Seanaidh

Deireadh Seachtaine Ceoil Thraidisiúnta Cuimhneacháin Mick, Michael agus Patrick Carr, Mín an Aoire, An Carraig.

Féile Cheoil Aireagail Dhún na nGall, Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha

Deireadh Seachtaine Oidhreachta Colgan, Carn Domhnach

Féile Ghrianán Ailigh, an Bheart, Inis Eoghain

Féile Ghabhla

Féile Ealaíne agus Chultúrtha na Seanbheairice, An Fál Carrach

Laghey Blast, Laghey

Seisiúin Mhuirí, Bun Dobhráin

Féile Meascán Meara, Ard an Rátha

### Iúil

Féile Ealaíon na hAragala, Dún na nGall Thuaidh agus Thiar

Scoil Shamhraidh MacGill, na Gleannta

Scoil Shamhraidh Cheoil Dhún na nGall, Leitir Ceanainn

Féile Cheoil agus Ealaíon Swell, Oileán Árainn Mhór

Aonach Jack, Mín na Leice, Croithlí

Deireadh Seachtaine Féile Shráide Bhun Dobhráin, Bun Dobhráin

Fleadh Chill Chartha, Cill Charthaigh

Aonach Mhín an Lábáin, Mín an Lábáin

Féile an Líonáin, Ráth Maoláin

Féile Mháire an Chlocháin Léith, An Clochán Liath

Féile Shamhraidh Ailt an Chorráin, Ailt an Chorráin

Songs For A Summer Evening/Féile Cheoldrámaíochta Thamhnach an tSalainn

Scoil Shamhraidh Cheol na Coille, Leitir Ceanainn

Scoil Shamhraidh Fhidle Dhún na nGall, Gleann Cholm Cille







**Lúnasa**

An tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta, ionaid éagsúla ar fud an chontae

Féile Friel Idirnáisiúnta Lughnasa, Inis Eoghain/Leitir Ceanainn/na Gleannta

Féile Cheoil Thraidisiúnta agus Tíre Bhéal Átha Seanaidh, Béal Átha Seanaidh

Luinneóg Lúnasa, Gaoth Dobhair

Féile Ealaíon agus Cultúir Charraig Airt, Carraig Airt

Féile an Earagail, Dún Lúiche

Ceol na gCruach, na Grianáin, na Gleannta

Aonach Choill Darach, Dún Fionnachaidh

**Meán Fómhair**

Féile na Cruacha Gorma agus Bá Dhún na nGall, Dún na nGall Theas agus Thiar Theas

Féile Cheoil agus Damhsa Johnny Doherty, Ard an Rátha

Aonach an Fhómhair, na Gleannta

Deireadh Seachtaine Tip O Neill, Bun Cranncha

Féile Snagcheoil agus na Gormacha Dhún Fionnachaidh, Dún Fionnachaidh

Oíche Chultúir, Leitir Ceanainn agus An Ghaeltacht

**Deireadh Fómhair**

Féile Ealaíon agus Leabhar Wainfest do Pháistí, ionaid ar fud an chontae

Tionól Fidléirí Dhún na nGall, na Gleannta

Deireadh Seachtaine Pheadar O'Donnell, an Clochán Liath

An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, ionaid ar fud an chontae

**Samhain**

Seachtain na hEolaíochta, ionaid ar fud an chontae

Féile Seanchais Ráth Mealtain, Ráth Mealtain

Scoil Gheimhridh Ghaoth Dobhair, Gaoth Dobhair

Féile Ealaíon Allingham, Béal Átha Seanaidh

# Aguisín 2: Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Seirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall
Plean Straitéiseach2016 – 2020: Comhairliúchán Poiblí

Is ábhar mór mórtais é cultúr éagsúil agus uathúil Dhún na nGall. Bhí ár gcontae agus ár gcultúr fite fuaite i gcónaí mar fhórsa uilechuimsitheach a bhíonn ag forbairt a chuidíonn linn sinn a chur in iúl agus a cheiliúradh mar mhuintir nua-aimseartha, traidisiúnta agus éagsúil. Cuireann Rannán Seirbhísí Cultúir Chomhairle Contae Dhún na nGall seirbhísí ar fáil don phobal i réimse Leabharlanna Poiblí, Seirbhís Ealaíon an Chontae, Ionad Réigiúnach Cultúir, Clár Ealaíne Poiblí, Seirbhís Músaeim & Chartlainne an Chontae agus tá a Phlean Straitéiseach 5 Bliana 2016 – 2020 á ullmhú.

"Faoi 2020, is mian linn go ndéanfaí cáil Dhún na nGall mar cheannaire i gcúrsaí cultúir a neartú trínár dtiomantas dá fhorbairt. Creideann Comhairle Contae Dhún na nGall gur tiomantas é infheistíocht sna healaíona, i gcultúr, in oidhreacht agus i dteanga do chontae rathúil, rachmasach, níos sásta agus níos sláintiúla" a dúirt Seamus Neely, Príomfheidhmeannach, Comhairle Contae Dhún na nGall

Tá ár bhfís leagtha amach againn faoi sé phríomhsprioc mar seo a leanas

1. Rannpháirtíocht Phoiblí
2. Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Cuimsiú Sóisialta
3. Tacú le hEalaíontóirí agus le hEagraíochtaí Ealaíne
4. Oidhreacht Chultúrtha a spreagadh agus a chaomhnú
5. Caidreamh a neartú le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe
6. Seirbhís Chultúrtha ardchaighdeáin, inbhuanaithe

Agus an Plean Straitéiseach do Sheirbhísí Cultúir á fhorbairt againn ba mhaith linn bhúr dtuairimí agus bhúr ndearcthaí a fháil.

- Cad iad na dúshláin agus na saincheisteanna cultúir atá romhat, roimh do phobal nó d'eagraíocht ag an tráth seo?
- Cén chaoi a gceapann tú go bhféadfadh Seirbhísí Cultúir aghaidh a thabhairt go réadúil ar na saincheisteanna agus ar na dúshláin seo nó tacaíocht a thabhairt dóibh?
- Cad iad na príomhréimsí tosaíochta ar dóigh leat gur chóir do Sheirbhísí Cultúir díriú orthu ó 2016 go 2020.

An spriocdháta le haighneachtaí a dhéanamh

Is é an Chéadaoin 4 Bealtaine 2016 an spriocdháta le haighneachtaí do Phlean na Seirbhísí Cultúir a fháil.

chuig: Eileen Burgess
Éire 2016 Comhordaitheoir Dhún na nGall,
Leabharlannaí an Chontae/Bainisteoir Roinne Seirbhísí Cultúrtha,
Comhairle Contae Dhún na nGall, Lána Rosemount,
Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall
Ríomhphost: eburgess@donegalcoco.ie

# Aguisín 3: Táscairí na Seirbhíse Leabharlainne

| Uaireanta Oscailte in aghaidh na seachtaine (deireadh 2015) | |
|---|---|
| An Phríomhleabharlann | 37.5 |
| Baile na nGallóglach | 36.5 |
| Bun Cranncha | 36 |
| Carn Domhnach | 36 |
| Bun an Phobail | 14 |
| Béal Átha Seanaidh | 11 |
| Bun Dobhráin | 36 |
| Baile Dhún na nGall | 14 |
| Bealach Féich | 32.5 |
| Leifear | 21 |
| Ráth Bhoth | 13.5 |
| Gaoth Dobhair | 37 |
| Na Rosa | 41 |
| **Uaireanta Iomlána in aghaidh na seachtaine** | **366** |

| Ballraíocht Ghníomhach | |
|---|---|
| 2011 | 17,415 |
| 2012 | 16,085 |
| 2013 | 15,560 |
| 2014 | 14,332 |
| 2015 | 13,708 |

| An Líon Cuairteanna | |
|---|---|
| 2011 | 363,548 |
| 2012 | 354,851 |
| 2013 | 341,282 |
| 2014 | 339,990 |
| 2015 | 346,979 |

| Líon na Saincheisteanna | |
|---|---|
| 2011 | 363,701 |
| 2012 | 371,571 |
| 2013 | 345,415 |
| 2014 | 322,567 |
| 2015 | 330,750 |

# Aguisín 4: Mapa

